


UCD DUBLIN

An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath

# TUARASCÁIL AN UACHTARÁIN

**MEÁN FÓMHAIR 2009 – LÚNASA 2010**

**Tuarascáil an Uachtaráin**
**An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath**
**Ollscoil Náisiúnta na hÉireann,**
**Baile Átha Cliath**

Meán Fómhair 2009 – Lúnasa 2010

Le cur faoi bhráid Údarás Rialaithe an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Baile Átha Cliath ag a gcruinniú an 14 Deireadh Fómhair 2010.

ISBN 978-1-905254-50-7

**Íomhá ar an gclúdach tosaigh:**
**John Henry Newman, "The Young Rector", le MAGAR**

1. **Bronnadh an chéad Bonn Hume UCD ar an Dr Máire Mhic Róibín ag fóram domhanda *Irish in Britain: Conversation with the Diaspora* a reachtáladh i Londain i mí na Samhna 2009**

2. **Uachtarán Phoblacht Dhaonlathach Thíomór Thoir, an Dr José Ramos-Horta, ar bronnadh céim dochtúireachta onórach air i Márta 2010.**

3. **Cong Xu, mac léinn réamh-mháistreachta i gCuntasaíocht ag seoladh Phlean Straitéiseach UCD go dtí 2014 – *Forming Global Minds***

4. **An tAire Leanaí agus Gnóthaí Óige i UCD in Aibreán 2010 chun an síneadh nua leis na saoráidí cúraim leanaí i Créche Oakmount UCD a oscailt. Tá seirbhísí ann anois do suas le 110 leanbh de chuid fhoireann agus mhic léinn na hollscoile chomh maith leis an bpobal áitiúil. An tAire Andrews anseo in éineacht le Bereket Mengesha Taye, Harry Judge agus Nicola Little**

5. **I dteannta 20 lúthchleasaí Oilimpeach, sheol UCD iarratas ar a bheith ar champa traenála do cheann de na foirne idirnáisiúnta a bheidh san iomaíocht i gCluichí Oilimpeacha Londain 2012. Ag an seoladh (c-d): An tAire Tuarasóireachta, Cultúir agus Spóirt, Mary Hanafin TD leis na lúthchleasaithe as Éirinn, Brendan O'Kelly agus Jimmy Reardon, a bhí san iomaíocht i gCluichí Oilimpeacha 1948 (an uair deiridh ar reachtáladh na Cluichí Oilimpeacha i Londain)**

6. **Chloe Doyle, Oonagh Kerr agus Andrej Pacher ag tomhais tiúchan próitéine le linn turgnaimh bhithcheimice ag Scoil Samhraidh Eolaíochta UCD mar chuid den chlár *Unilife*. I mí Meithimh thug an Scoil Samhraidh *UniLife* deis do thimpeall is 250 mac léinn a bhí ag dul isteach sa 6ú Bliain eolas a fháil ar dheiseanna acadúla agus neamh-acadúla atá ar fáil i UCD.**

7. **Club Bád na mBan i UCD ag ceiliúradh Craobh Sinsir na hÉireann ag Geallta Sciobairín, An tIonad Náisiúnta Iomraimh, Corcaigh**

Ireland's EU Structural Funds Programmes 2007 - 2013
Co-funded by the Irish Government and the European Union
EUROPEAN SOCIAL FUND

# Clár


**Réamhrá ón Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD** 2

**Coláistí** 5
Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD 6
Coláiste Gnó agus Dlí UCD 8
Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamatice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD 10
Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD 12
Coláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD 14

**Oideachas** 17
Próifíl Mac Léinn 18
Rannpháirtíocht Luath agus Bhuan Mac Léinn a Chothú 18
Cláir agus Disciplíní Acadúla a Láidriú agus a Fheabhsú 20
Cruthaitheacht, Nuálaíocht, Fiontraíocht agus Saoránacht Ghníomhach a Spreagadh 20
Oideachas Iarchéime a Fhás agus a Fhorbairt 21
Eispéireas n Mhic Léinn a Chur ar Bhonn Idirnáisiúnta 21
Rannpháirtíocht a Leathnú agus Tacú le Foghlaim ar Feadh an tSaoil 22
Teagasc, Nuálaíocht san Fhoghlaim agus Forbairt Acadúil 22
Cáilíocht 22

**Taighde** 23
Maoiniú Taighde, Méadracha agus Táscairí Feidhmíochta 24
Príomhthéamaí Taighde - Domhaneolaíochtaí, Fuinneamh agus an Comhshaol 26
Príomhthéamaí Taighde - Global Ireland 27
Príomhthéamaí Taighde - Sláinte agus Seachadadh Chúram Sláinte 28
Príomhthéamaí Taighde - Eolas, Ríomhaireacht agus Cumarsáid 31


**Nuáil** 33
Uasmhéadú a dhéanamh ar thionchar Eolas agus Shaineolas UCD 34
Nuáil agus Fiontraíocht a chothú ag an Tríú Leibhéal agus ag an gCeathrú Leibhéal 36
Nuáil a chothú i Measc Fhoireann UCD 36

**Eispéaras an Mhic Léinn** 37
Seirbhísí Riaracháin agus Tacaíochta do Mhic Léinn 38
Spóirt, Cumainn agus Gníomhaíochtaí Eile 40

**Fonndúireachtaí Cumasúcháin** 41
Airgeadas 42
Acmhainní Daonna 43
An Leabharlann, Bainistiú Faisnéise agus Eolais 45
Caidrimh Ollscoile 46
Forbairt agus Caidrimh Alumni 48
Forbairt Chaipitil 49
Dámhachtainí agus Gradaim 50






















# Réamhrá ón Dr Hugh Brady, Uachtarán UCD

I mbliana seoladh an plean nua Plean Straitéiseach go 2014 *Forming Global Minds*.

Ta ról thar na bearta tógtha ag UCD agus a céimithe i bhforbairt Stát Éireannach neamhspleách agus rathúil. Chaith an oiread sin de cheannairí na hÉireann, cibé i bpolaitíocht, sa tseirbhís phoiblí, na healaíona, spórt, gnó nó sna gairmeacha, a mblianta múnlaitheacha i UCD – teist as ar féidir le UCD a bheith bródúil agus le húdar.

Cúig bhliana ó shin, sheol UCD Plean Straitéiseach a chuir le todhchaí na hÉireann. Sheachaid an plean an curaclam leasaithe ó bhonn *UCD Horizons*, straitéis nua taighde, plean nua forbartha campais agus bunú scoil céimithe agus cláir structúrtha PhD ar mhaithe le traenáil ag an gceathrú leibhéal.

Sa phlean nua tá leagan amach ar an treo straitéiseach do UCD sna cúig bhliana amach romhainn, tréimhse ama a bheidh ar an gcuid is dúshlánaí inár stair 155 bliain. Tréith shainiúil a bheith i gceist ná tógáil ar ár mbarr feabhais i dteagasc agus i dtaighde agus níos mó béime a chur ar an tionchar atá ag na gníomhaíochtaí sin ar shaol eacnamaíochta, comhshaoil, sóisialta agus polaitiúil na tíre. Anois, ag am crua go náisiúnta agus ar fud an domhain, tá UCD arís ag tiomnú a hacmhainní intleachtacha d'athbheochan rath eacnamaíochta in Éirinn.

Tá sé rí-thábhachtach san uain dhúshlánach seo go gcoinneoidh agus go bhforbróidh Éire, go hidirnáisiúnta, an fócas seachtrach agus feasach a bhí mar shainmharc dár bhforbairt mar náisiún. Beidh UCD chun tosaigh san fhorbairt seo. Cé go mbeidh UCD fós go sainiúil agus go neamhbhalbh Éireannach, tabharfar deiseanna do mhic léinn agus don fhoireann taithí a bhailiú sa saol mór, fáilteofar roimh mhic léinn agus baill foirne idirnáisiúnta go hÉirinn agus cuirfear acmhainn ar fáil don diaspóra Éireannach ar fud an domhain.

Cruthóidh an plean nuálaíocht mar an triú colún comhdhéanta de ghníomhaíocht agus d'aitheantas UCD, tógfar ar na héachtaí atá bainte amach in oideachas agus i dtaighde. Cruthóidh sé sin dúshlán ag an am céanna dár dteagascóirí agus dár dtaighdeoirí oideachas agus taighde d'ardchaighdeán a aistriú chuig comhthéacsanna ina mbeifear ag súil go mbeidh tionchar mór acu, agus ag an am céanna beidh siad ag comhlíonadh na riachtanas oideachais thraidisiúnta trí chumais nuálaíochta agus fiontraíocha a fhorbairt i measc ár mac léinn. Cruthaíodh an méid atá ón Ollscoil nasc níos éifeachtaí idir oideachas, taighde agus nuálaíocht, cuirfear ar chumas níos mó mac léinn eolas, smaointe agus fionnachtana a thiontú ina dtáirgí, ina seirbhísí agus ina bpolasaithe a chuirfidh feabhas ar an saol ar bhealach a shaibhreoidh gach gné de shaol sóisialta agus eacnamaíochta na hÉireann agus an domhain mhóir.

Príomhthiomantóir nuálaíochta is ea bunú an *Innovation Alliance* i bpáirtíocht le Coláiste na Trionóide, BÁC (TCD), tá comhoibriú i gceist nár facthas a leithéid go dtí seo leis an rialtas agus leis an earnáil tionsclaíoch. Tá sé beartaithe leis an *Innovation Alliance* féin bheith ina chuid den chlár téarnaimh náisiúnta i gcoitinne a mbeidh mar thoradh air, i dtéarmaí an rialtais féin, 'geilleagar cliste' ina mbláthóidh ár gcuid mac léinn agus ár n-iarchéimithe.

Sa Phlean Straitéiseach , beidh UCD ag treisiú ar an gcomhoibriú mór uile-oileáin agus domhanda. Trí bhallraíocht UCD sa ghréasán domhanda d'ollscoileanna taighde *Universitas 21*, déanfar forbairt ar chláir a thairgeoidh deiseanna nach raibh ann go dtí seo maidir le soghluaiseacht mac léinn, comhoibriú i dtaighde domhanda agus forbairt saineolais i mbainistiú ollscolaíochta.

Beidh taighde i UCD dírithe go straitéiseach ar théamaí tosaíochta a thugann isteach an réimse taighde atá á dhéanamh i UCD faoi láthair.

Aimseoidh an plean cothromaíocht oiriúnach idir cur le hathbheochan na rathúlachta eacnamaíochta agus fís a thairiscint ina ndéantar forbairt ar eolas nua agus a thugann dúshlán na seanfhíricí.

Is clochmhíle é ár bplean inár bpróiseas pleanála straitéisí atá leanúnach agus féin-cheartaithe. Táimid tiomanta do sheirbhís trí bharrfeabhais in oideachas, taighde agus nuálaíocht agus leagann an tuarascáil seo amach conas atáimid ag seachadadh an tiomantais sin.

## Príomh-Thionscnaimh

**Oideachas**

- Forbairt bhreise a dhéanamh ar *UCD Horizons*, an curaclam modúlaithe d'fhochéimithe;
- A chinntiú go bhfaighidh foireann nuacheaptha traenáil oiriúnach agus forbairt phrofisiúnta;
- Deiseanna agus tacaíochtaí leithleacha a chruthú do mhic léinn sárthréitheacha tríd an *UCD Ad Astra Academy*;
- An UCD Institute for *Learning Innovation and Academic Development* a bhunú chun tacú leis an bpobal níos mó de theagascóirí nuálacha agus taighdeoirí oideachais atá ag teacht chunn cinn i UCD.

**Ag forbairt prófíl UCD**

- Dlús a chur le hoideachas céimithe (33% den phobal mac léinn);
- Leanacht le páirtíocht a leathnú do mhic léinn ó chúlra socheacnamaíoch faoi mhíbhuntaiste, mic léinn lánfhásta, mic léinn le míchumais, agus mic léinn páirtaimseartha (25% den phobal mic léinn);
- Níos mó mic léinn idirnáisiúnta a mhealladh (25% den phobal mac léinn).

AR LEAN AR LCH 4



# 'Chaith an oiread sin de cheannairí na hÉireann, cibé i bpolaitíocht, sa tseirbhís phoiblí, na healaíona, spórt, gnó nó sna gairmeacha, a mblianta múnlaitheacha i UCD – teist as ar féidir le UCD a bheith bródúil agus le húdar.'

**Taighde agus Traenáil PhD**

Ta tús áite tugtha ag UCD do cheithre mhórthéama taighde a threisíonn láidreachtaí na hOllscoile i dtaighde bunaithe nó i dtaighde atá ag teacht chun cinn, a luíonn le cuspóirí polasaí taighde náisiúnta, agus a chuireann le caomhnú agus taiscéalaíocht oidhreachta chultúrtha na hÉireann agus le forbairt réitigh ar dhúshláin reatha domhanda. Sin iad:

- Domhaneolaíochtaí, Fuinneamh agus an Comhshaol
- Éire Dhomhanda
- Sláinte agus Seachadadh Cúraim Sláinte
- Eolas, Ríomhaireacht agus Cumarsáid

- Tacóidh UCD le forbairt leanúnach mac léinn agus cláir thaighde sna réimsí seo.
- Tógfar cláir struchtúrtha PhD thart ar phríomhchláir thaighde.
- Déanfaidh UCD níos mó beachtú ar a múnla institiúide taighde chun cláir thaighde ildhisciplíneacha agus idir-dhisciplíneacha a chothú, san áireamh beidh forbairt ar thrí institiúid nua:
    - Institiúid Domhaneolaíochtaí UCD
    - Saotharlann Chórais Choimpléics Oiriúnaithe UCD
    - Institiúid Charles UCD

**Nuálaíocht**

- Cuirfidh UCD mianach nua céimí PhD ar fáil atá nuálach agus fiontraíoch tríd an *TCD/UCD Innovation Academy*.
- Bunóimíd comhfhiontar TCD/UCD i bhforbairt fiontraíochta, a thacóidh le tráchtálú a dhéanamh ar thorthaí taighde de chuid na hOllscoile, a chuideoidh le forbairt comhlachtaí *spin-in* agus a chothóidh comhpháirtíocht leis an earnáil thionsclaíoch
- Forbróidh UCD comhpháirtíocht le háisíneachtaí ábhartha rialtais, údaráis áitiúla agus páirtithe leasmhara eile chun an luach is fearr a bhaint as toradh infheistithe an stáit i dtaighde ar fhorbairt eacnamaíoch.

**Airgeadas**

- Cuirfidh UCD le maoiniú óna réimsí acadúla, tráchtála agus daoncharadacha, ag laghdú béime ar mhaoiniú stáit.
- Déanfaidh UCD ailíniú níos éifeachtaí idir bonn costais agus an maoiniú atá ar fáil.

**Acmhainní Daonna**

- Déanfaidh UCD forbairt ar ghairmréimeanna agus ar dheiseanna don fhoireann ar fad.
- Tabharfaidh an próiseas Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) chun cinn ár gcláir cheannaireachta agus meantóireachta.

**Infreastruchtúr an Champais**


Beidh an Gateway Campus Masterplan nua ina threoir d'fhorbairt Bhelfield mar champas beo, glas agus inbhuanaithe.

- Críochnóimid an clár forbartha caipitil ar fiú €300 milliún é agus san áireamh ann tá:
    - Athfhorbairt ar Ionad Eolaíochta UCD;
    - Scoil Dlí Sutherland UCD;
    - Institiúid Charles UCD;
    - Ionad Nua Foghlama Mac Léinn, Fóillíochta agus Spóirt;
    - Forbairt áis tacaíochta do mhic léinn idirnáisiúnta agus do chéimithe;
    - Athchóiriú agus méadú ar áiseanna cónaitheacha mac léinn;
    - Institiúid Náisiúnta Taighde agus Traenála i leith Bithphróiseála (NIBRT)
- Cuirfidh UCD mórphlean i gcríoch agus cuirfear tús le hathfhorbairt ar Choimpléasc Leabharlann Newman agus ar Scoil Gnó Michael Smurfit UCD
- Rachaidh an Ollscoil i gcomhpháirt leis an Stát agus daonchairde chun an t-infreastruchtúr riachtanach a bhunú chun iomaíochas idirnáisiúnta UCD a choiméad agus méadú ar an tionchar a bheidh aige ar fhorbairt in Éirinn amach anseo.

## Conclúid

Agus Plean Straitéiseach á dhéánamh agus dualgais a gcomhlíonadh atá riachtanach chun oideachas ar chaighdeán domhanda a sholáthar, ba mhór an cúnamh do UCD treoir agus taithí an Údaráis Rialaithe faoi chathaoirleacht Dermot Gallagher. Bhí a gcomhairle agus a dtacaíocht thar a bheith luachmhar don Fhoireann Ardbhainistíochta de réir mar a d'oibríomar chun fís straitéiseach UCD a bhaint amach.

Is féidir linn féachaint siar ar bhliain eile an-rathúil, ceann a thug eolas chun cinn trí thaighde, scoláireacht agus teagasc d'ardchaighdeán. Trí oibriú le chéile, beidh treoir againn ón bPlean Straitéiseach nua agus ár gcuid mac léinn agus ár gcuid céimithe ag cur lenár gcáil ar fud an domhain.



**Hugh Brady**
**Uachtarán**



1

# COLÁISTÍ

Tá cláir acadúla UCD fréamhaithe sna cúig choláiste acadúla agus 34 scoil in UCD. I dtimpeallacht chrua airgeadais, leanann na coláistí ag leasú agus ag leathnú réimse agus caighdeán na gclár a thairgíonn siad ag an triú agus ceathrú leibhéal, ag cur le cumas taighde laistigh agus trasna disciplíní agus ag tiontú an eolais nuaghinte ó thaighde, go táirgí, seirbhísí agus polasaithe an lae amárach.

## CLÁR


Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD **6**

Coláiste Gnó agus Dlí UCD **8**

Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamatice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD **10**

Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD **12**

Coláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD **14**

# Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD

www.ucd.ie/artsceltic

## Plean Straitéiseach

Cuireann Plean Straitéiseach UCD dúshláin agus deiseanna suntasacha i láthair Choláiste Ealaíon agus Léinn Cheiltigh UCD. Cuireann na cláir teangacha, stair agus cultúir i láthair mac léinn agus cothaíonn siad seo feasacht idirnáisiúnta. Chomh maith leis sin tá an uimhir mac léinn neamhchláraithe a thógann cúrsaí toghthacha i dteangacha (Gaeilge san áireamh) ag fás seasta. Cruthaíonn tabhairt isteach na nuálaíochta mar an triú ardán de ghníomhaíocht UCD dúshlán don choláiste ó thaobh coincheap na nuálaíochta a leathnú trí bhéim a chur ar an ngaol idir cruthaitheacht chultúrtha agus claochlú eolaíochta agus theicniúil. I nDeireadh Fómhair 2009 ghlac go leor scoileanna páirt sa chéad Seachtain Nuálaíochta Bhaile Átha Cliath, rud a léiríonn an idirghníomhaíocht dhiminiciúil idir teicneolaíocht, na healaíona agus cultúr.

## Forbairtí go dtí seo

Tá Plean Clár BA 2010, a forbraíodh i gcomhar le Coláiste na nEolaíochtaí Daonna, deartha chun feabhas ar theagasc agus foghlaim d'ardchaighdeán, agus chun rannpháirtíocht mac léinn traidisiúnta, neamhthraidisiúnta agus idirnaisiúnta a chothú. Cuireadh an plean le chéile bunaithe ar thuairimí mhic léinn BA a ghlac páirt i ngrúpa fócais in Eanáir 2010.

D'fheabhsaigh an Coláiste timpeallacht foghlama na mac léinn. In ainneoin uimhir na mac léinn a bheith ag ardú agus laghdú ag teacht ar an bhfoireann acadúil, leanfaidh an Coláiste ag tairiscint teagaisc i ngrúpaí beaga; agus cuideoidh modúl scileanna-staidéir le mic léinn chun foghlaim go neamhspleách. Tabharfaidh bronnadh an ghradaim, Gradam Teagaisc an Uachtaráin don Dr. Fionnuala Dillane, Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta in UCD, taca do leathnú an ionaid buail-isteach a chuidíonn le mic léinn feabhas a chur ar a gcuid obair scríofa. Tá athchóiriú ar spásanna teagaisc ar mhaithe le foghlaim ghníomhach ina thosaíocht phráinneach i gcónaí. Is sampla é an Teanglann úr, a osclaíodh an athuair i 2009, den chineál spáis teagaisc nua-aimseartha cumasaithe go digiteach a theastaíonn chun foghlaim idirghníomhaíoch na mac léinn a éascú.

Tháinig méadú shuntasach de 30% ar chlárúcháin do na cláir mháistreachta teagaisc i 2009/10, agus chuir Scoil na gCéimithe tús le hathbhreithniú ar na cláir mháistreachta agus fócas acu ar chéimeanna bunaithe ar théamaí a fhorbairt. Cé go bhfuil an uimhir mac léinn dochtúireachta agus taighdeoirí iar-dhochtúireachta fanta ard, tá bagairt de bharr laghdú maoinithe ar na cláir, rud a d'fhéadfadh an leathnú a tharla i dtaighde luathghairme agus a chuir beocht i ngach cuid den Choláiste le roinnt blianta, nithe a chur ar gcúl. Is údar shuntasach imní é seo.

Ta an borradh faoi thaighde ag leanacht ar aghaidh, i bhfoirm monagraif thraidisiúnta agus ailt, agus an meán nua digiteach. I measc barrphointí na bliana bhí foilsiú na naoi imleabhar *Dictionary of Irish Biography* atá curtha in eagar ag James McGuire agus James Quinn, ollúna taca i Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD; foilsiú 10 monograf de chuid bhaill Scoil an Bhéarla, na Dramaíochta agus na Scannánaíochta UCD; agus Féilscríbhinn mórthaibhseach, *Relics of Auld Decency: Archaeological Studies in Late Prehistory*, in omós Barry Raftery, Ollamh Emeritus Seandálaíochta Ceiltí nach maireann. Déanadh ceiliúradh ar 20 bliain leagan Bhalla Bherlin trí mhórchomhdháil idirnáisiúnta a reachtáil Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Cultúir de chuid UCS agus Scoil na dTeangacha agus na Litríochta de chuid UCD. D'fhreastail 250 ar chomhdháil faoi Theamhair in UCD i nDeireadh Fómhair 2009 agus ghlac 2,000 duine eile ar fud an domhain páirt inti ar an Idirlíon. Chuir an Leabharlann agus Cartlann Fhíorúil na hÉireann um Thaighde (IVRLA) – comhpháirtíocht idir an Coláiste agus Leabharlann UCD chun foinsí taighde i UCD a chur ar fáil i bhfoirm dhigiteach-170,000 earra digiteach ar fáil ó bhailiúcháin UCD. Thacaigh an IVRLA freisin le sraith tionscnamh taighde agus for-rochtana i réimsí chomh héagsúil le Baile Átha Cliath Joyce, stair na heolaíochta agus stair leighis, filíocht agus foilsitheoireacht, agus oidhreacht chultúrtha agus béaloideas comhaimseartha.

### Tá Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD comhdhéanta d'ocht Scoil:

**Príomhoide an Choláiste:** An tOllamh Mary E. Daly
**Príomhoide Ionaid:** An tOllamh Liam Mac Mathúna
**Stiúrthóir Scoil na gCéimithe:** An Dr Marc Caball
**An Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama:** Feargal Murphy
**An Leas- Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta:** An tOllamh Gerardine Meaney

**Scoil na Seandálaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Gabriel Cooney

**Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Cultúir UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Kathleen James-Chakraborty

**Scoil na gClasaicí UCD**
*Ceann Scoile*
Dr Philip de Souza

**Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Nicholas Daly

**Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Edward James

**Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh, Béaloideas Éireann agus na Teangeolaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Liam Mac Mathúna


**Scoil na dTeangacha agus na Litríochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Jean-Michel Picard

**Scoil an Cheoil UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Therese Smith

** Ó 1 Meán Fómhair 2009 ar aghaidh*



1



2



3



4

1. Ag an bplé *Rebuilding Haiti: What Role for the US, the EU and Ireland?* bhí (c-d): An tOllamh Liam Kennedy, Stiúrthóir ar Institiúid Clinton do Léann Mheiriceá UCD; Amitabh Desai, comhairleoir ar bheartas eachtrach ag Uachtarán Clinton; Denis O'Brien, Cathaoirleach an Ghrúpa Digicel; agus Ken Gibson, Príomhfheidhmeannach Leprosy Mission of Ireland

2. An tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa in éineacht leis an Athair Caoimhín O'Laoide, Ministir Proibhinse Prionsiasach na hÉireann, ag breathnú ar roinnt de na seoda i mbailiúchán Mhíchíl Uí Chléirigh UCD

3. Ag an seoladh sé leabhar ó Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta bhí (c-d) An Dr Maria Stuart, an Dr Porscha Fermains, an Dr John Brannigan, an tOllamh Nicholas Daly, an Dr Shara Deckard agus an Dr Jane Grogan

4. Ag an seoladh den *Dictionary of Irish Biography* i mí na Samhna 2009, bhí (c-d) an Dr James Quinn, an tEagarthóir Feidhmeannach; An Taoiseach, an tUasal Brian Cowen TD, agus James McGuire, Scoil na Staire agus Cartlainne UCD agus Eagarthóir Bainistíochta an Fhoclóra

5. An tOllamh Mary Daly (clé), Príomhoide Choláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh UCD ag an seoladh dá foilseachán nua *Irish State and the Diaspora*, in éineacht leis an Dr Maurice Manning; an Dr Attracta Halpin, Cláraitheoir Ollscoil na hÉireann; agus Fergal Quinn, Seanadóir Ollscoil na hÉireann. Sa bhfoilseachán scrúdaítear faoi mar a d'éirigh le rialtaisí Bhaile Átha Cliath idirghníomhú le hÉireannaigh thar lear

6. Mic léinn agus teagascóirí ag baint leasa as na saoráidí nua digiteacha ilmheáin d'fhoghlaim na Nua-Ghaeilge sa Teanglann i bhfoirgneamh Newman

5



6



# Coláiste Gnó agus Dlí UCD

www.ucd.ie/businessandlaw

## Plean Straitéiseach

Tá dhá scoil an choláiste ag feidhmiú ar bhonn dílárnaithe. Is iad na príomhspriocanna ná caighdeán ard na bhfochéimithe a choinneáil, méadú ar an líon atá ag staidéar ag leibhéal céimithe agus níos mó mac léinn idirnáisiúnta agus dámha a earcú chun ilchineálacht a chothú.

Cuirfear nuálaíocht chun cinn trí mhéadú ar mhéid agus chaighdeán taighde, rud a chuirfidh taca faoi fheabhas leanúnach ar chaighdeán na gcúrsaí a bheidh á dtairiscint.

Is iad na príomhthéamaí taighde atá aitheanta ag an Scoil Gnó UCD ná Airgeadas, Nuálaíocht agus Domhandú agus Coiriúlacht agus Cearta Daonna ag Scoil Dlí UCD.Tá ról láidir pleanáilte ag Scoil Gnó UCD sa *TCD/UCD Innovation Alliance*.

Feabhsófar acmhainní trí na dámha is fearr a earcú ar fud an domhain. Déanfar freastal ar ardú in uimhir na mac léinn trí áiseanna níos fearr a chothóidh modhanna teagaisc nua agus nuálacha, go háirithe sa Scoil Dlí.

Tá Scoil Gnó UCD fós tiomanta dá creidiúint idirnáisiúnta a choinneáil, slata tomhais aitheanta caighdeáin do scoil gnó a bhíonn domhanda go fírinneach.

## Forbairtí go dtí seo

Lean uimhir na mac léinn ag fás, de bharr éilimh láidir in eacnamaíocht lag. Mar sin féin, tá comórtas dian i gcónaí chun na mic léinn is fearr a aimsiú, agus an nós anois earcú domhanda a dhéanamh ar mhic léinn ag cur leis an gcomórtas sin.

Tá an uimhir mac léinn idirnáisiúnta ag freastal ar an dá scoil ag dul i méid, go háirithe ag leibhéal Staidéar Céimithe agus is mic léinn idirnáisiúnta iad 30% díobh. Is í an tSín an réigiún is treise a bhfuil fócas air agus tá an caidreamh a cothaíodh le roinnt blianta leis an réigiún sin ag tosú ag léiriú toraidh anois. San áireamh anseo tá clár nua 2+2 bunaithe i Wuhan, a thabharfaidh iontráil don BComm tar éis dhá bhliain staidéir sa tSín. Tá Vítneam chomh maith ag teacht chun cinn mar ionad margaidh don Scoil Gnó, i gcomhpháirtíocht le Cúnamh Éireann.

De bharr athbhreithniú sonrach, tá ráitis físe agus fiúntais nua forbartha do Scoil Gnó UCD. Tá siad seo ceadaithe ag boird comhairleacha na Scoile agus tá siad ag céim infheidhmithe faoi láthair. Tá tús curtha leis an obair chéanna don scoil nua Scoil Dlí Sutherland UCD agus cuirfear i gcrích é sa bhliain seo romhainn.

Fuair Scoil Gnó UCD bronntanas mór ó dheontóir anaithnid chun scoláireachtaí a chur ar fáil do mhic léinn nach mbeadh sé d'acmhainn acu freastal ar Scoil Chéimithe Gnó Michael Smurfit. Tá tiomantas cúig bliana tugtha ag an deontóir i leith na scoláireachtaí 'aspire' seo mar a chion de théarnamh geilleagrach. Cuirfidh na chéad mhic léinn faoin gclár tús lena gcuid staidéir i Meán Fómhair 2010.

Tá cead pleanála faighte d'fhoirgneamh nua Scoil Dlí Sutherland UCD agus tús curtha le hobair ar an suíomh. Ta an scoil nua bunaithe ar bhronntanas mór ón Dr. Peter Sutherland SC agus cuirfidh sé ar fáil, ní hamháin áiseanna feabhsaithe do mhic léinn ach modhanna teagaisc nua agus feabhsaithe freisin.

Ta gréasan nua Cearta Daonna bunaithe chomh maith le hIonad Rialacháin agus Rialachais UCD nua. Tá chaon cheann idirdhisciplíneach agus lonnaithe ag an scoil, agus an bhliain seo d'óstaigh an scoil mórchomhdháil Eorpach ar rialachán i dtréimhse géarchéime.

Tá ardú ar aschur taighde, i dtoirt agus caighdeán foilsithe irisí agus an céadatán taighde-ghníomhach ag méadú. In athbhreithniú a bhí coimisiúnaithe ag Forfás agus An tÚdarás um Ard-Oideachas (HEA), aithníodh Scoil Gnó UCD mar an lárionad do thaighde gnó in Éirinn. Bíonn éileamh leanúnach sna meáin ar an dámh ó thaobh saineolaithe chun labhairt faoi réimse leathan ábhar.

Tá cláir nua céimithe tugtha isteach in chaon scoil, san áireamh tá clár máistreachta nuálach á thairiscint i gcomhar le hInstitiúid Cairte na gCuntasóirí Bainistíochta. In áit eile, de bharr athbhreithniú domhain ar an BComm, tá curaclam iomlán nua aontaithe le cur i láthair an bhliain seo chugainn.

D'aimsigh Oideachas Feidhmeannach mórchonarthaí nua le Bord Bia agus Fiontraíocht Éireann, cinn atá dírithe ar athbhorradh gheilleagar na hÉireann.

### Tá Coláiste Gnó agus Dlí UCD comhdhéanta de dhá Scoil:

**Príomhoide an Choláiste:** An tUasal Paul Haran

**An Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama:** An Dr Ann Bourke
**An Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta:** An tOllamh Anthony Brabazon

**An Scoil Gnó UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Thomas Begley

**An Scoil Dlí UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh John Jackson

** Ó 1 Meán Fómhair 2009 ar aghaidh*


1


2


3


4


5



6


7

1. An tAire Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia, Brendan Smith TD (sa lár) in éineacht le Aidan Cotter, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Bord Bia agus an tOllamh Tom Begle, Déan, Scoil an Ghnó UCD agus Ánraí ar Chlár Ánraíochta Margaíochta Bhord Bia

2. Beirt mhac léinn dlí UCD a bhuaigh an chéad Dúshlán Náisiúnta Abhcóideachta a d'eagraigh agus a d'urraigh McCann Fitzgerald. Ar an bhfoireann a bhuaigh bhí Andrew McElwee (dara duine ar dheis) agus Ian Boyle Harper (lár) in éineacht leis an bpainéal moltóireachta an Breitheamh Peter Kelly (ar chlé), John Cronin, Cathaoirleach McCann Fitzgerald (deis) agus Rose Hynes, Cathaoirleach Bhord Gáis

3. Íomha a gineadh ar ríomhaire d'fhoirgneamh nua Scoil Dlí Sutherland UCD

4. An Dr Eoin Carolan (clé), léachtóir le dlí, in éineacht leis an Ollamh John Jackson, Déan, Scoil an Dlí UCD agus an Breitheamh Onórach Susan Denham na Cúirte Uachtaraí a sheol leabhar nua Eoin *The New Separation of Powers*

5. Ag seoladh an chláir nua *Graduates 4 International Growth* atá ar bun i gcomhar le Fiontraíocht Éireann bhí (c-d) an tOllamh Frank Roche, Stiúrthóir Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD; Batt O'Keefe, TD, An tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta; Frank Ryan, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin Fiontraíocht Éireann agus Niamh Reddy

6. An tOllamh Tom Begley, Déan, Scoil an Ghnó UCD in éineacht le mic léinn ó Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD ag seoladh an chláir scoláireachta *Aspire*

7. An tUasal HoangTring Hai (lár) Leas Phríomhaire Vítneam, ar cuairt ar Scoil Ghnó Iarchéime Michael Smurfit UCD chun bualadh le mic léinn as Vítneam atá ag staidéar ansin faoin gclár Cúnamh Scoláireachta na hÉireann

## Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD

www.ucd.ie/engscience

### Plean Straitéiseach

Is é an misean atá ag Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD ná bheith ar cheann de phríomhcholáistí innealtóireachta agus eolaíochta na hEorpa, ag cur eolais chun cinn agus ag cothú nuálaíochta san innealtóireacht, sa mhatamaitic agus sna heolaíochtaí fisiciúla. Tá páirt mhór le himirt ag an gColáiste i dteacht ar réiteach do na dúshláin náisiúnta agus dhomhanda innealtóireachta agus eolaíochta agus maidir le geilleagar cliste a thabhairt chun beatha in Éirinn trína chéimithe, trína mhaoin intleachtúil, trína nuálaíochtaí agus trína chomhoibrithe tionsclaíocha. Tá comhpháirtíochtaí comhoibrithe láidre ag an gColáiste leis an earnáil thionsclaíoch agus le hinstitiúidí acadúla Éireannacha agus idirnáisiúnta eile, chomh maith le comhoibrithe ildisciplíneacha leis na heolaíochtaí beatha, le leigheas agus le gnó.

### Forbairtí go dtí seo

D'éirigh le comhdhlúthú na gclár Innealtóireachta mar phointe iontrála amháin CAO (DN150).

Shocraigh na pointí síos ag 425 rud a cheadaigh do UCD a háit a choinneáil mar an cúrsa is airde pointí sa tír do chéim innealtóireachta ghinearálta leibhéal 8.

Mar réiteach ar éileamh níos airde tá Innealtóireacht ag tairiscint dhá chlár nua fochéimithe d'iontráil 2011: Innealtóireacht Chórais Fuinnimh; agus Innealtóireacht Bithleighis.

Tá an oiread sin tóir ar an gclár iar-chéimithe i gCórais Fuinnimh go bhfuil éileamh níos mó ann ná atá d'áiteacha ar fáil.

Lean Eolaíocht UCD lena ruthag fáis tréan i bpointí CAO agus bhí 435 pointe riachtanach don Chlár Omnibus Eolaíochta UCD, suas ó 385 an bhliain roimhe sin.

Neartaíodh na comhpháirtíochtaí ildhisciplíneacha agus le hearnáil na tionsclaíochta le hoiread áirithe príomhthionscnamh. Sheol an buaiteoir Nobel, an tOllamh Walter Kohn Saotharlanna Nanovation. Tacaíonn na saotharlanna eolaíochta seo le taighde agus le forbairt teicneolaíochtaí fuinnimh nua i UCD. Anseo, beidh eolaithe agus an earnáil thionsclaíoch ag obair le chéile chun nanaitheicneolaíochtaí a fhorbairt agus táirgí dírithe ar mhargadh domhanda an fhuinnimh in-athnuaite, a bhfuil luach €113 billiún measta a bheith ag baint leis faoi 2015.

Ceann de na dea-scéalta is ea an comhoibriú leis an earnáil thionsclaíoch ar nós SolarPrint, atá fíorghníomhach leis an Ollamh Ravindranathan Thampi, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD, agus an Bhraisle Tiontaithe Fuinnimh Gréine.

Cuireadh 60 tionscnamh taighde iarchéimithe agus iardhochtúireachta ó UCD agus TCD i láthair ag Lá Innealtóireachta de chuid *TCD/UCD Innovation Alliance*. Chlúdaigh an taighde dearadh innealtóireachta roinnte i gceithre théama: réiteach fuinnimh don todhchaí; infreastruchtúr agus comhshaol inbhuanaithe; teicneolaíochtaí eolais, cumarsáide agus na meáin; agus bithinnealtóireacht don tsláinte.

Reachtáladh Ceardlann Nuálachta d'fhochéimithe: An Tábhacht le bheith Nuálach, i Meitheamh 2010 chun béim a chur ar thábhacht oideachais nuálaigh agus na coincheapanna laistiar de *TCD/UCD Innovation Academy*. Is í an Dr Amanda Gibney a d'eagraigh an cheardlann le tacaíocht ón Ollamh Julie Berndsen agus an Dr Emer Cunningham.

Neartaíodh ar an gcomhoibriú leis an earnáil thionsclaíoch i mbliana. Shínigh Grúpa Geoifisic Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD comhaontú le Tullow Oil plc chun Braisle Taighde na Tulaigh a bhunú. Tá aontaithe ag Tullow bunmhaoiniú substaintiúil a chur ar fáil don ghrúpa ar bhonn trí bliana.

Déanadh ceiliúradh i mbliana ar an dara bliain den mhodúl Introduction to Computer Science and Programming (ICSP) de chuid Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD le hócáid i gceanncheathrú Google, Sráid na Bearú, faoi stiúir an Uasail Eoghan Nolan ó Google.

Tugadh aitheantas arís do sheasamh scolártha ár bhfoirne nuair a bronnadh Gradam Náisiúnta Barrfeabhais Teagaisc ar an Dr Amanda Gibney. Bhronn An tUachtarán Máire Mhic Giolla Íosa an gradam i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i Samhain 2009.

Bhain Charles Nwankire, mac léinn PhD an Dochtúra Denis Dowling den Ghrúpa Innealtóireachta Dromchla, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD, an chéad duais amach sa chomórtas náisiúnta Science Speak.

### Tá Coláiste na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na nEolaíochtaí Fisiciúla UCD comhdéanta de sheacht Scoil:

**Príomhoide an Choláiste:** An tOllamh Nick Quirke
**An Príomhoide Ionaid:** An tOllamh Chen-Ching Liu
**Stiúrthóir na Scoile Céimithe:** An tOllamh Padraig Dunne
**An Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama:** An Dr Amanda Gibney
**An Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta:** An tOllamh Michael Gilchrist

**Scoil na hAiltireachta, na Tírdhreacha agus na hInnealtóireachta Sibhialta UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Mark Richardson

**Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Don MacElroy

**Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Joe Carthy

**Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh David FitzPatrick

**Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Frank McDermott

**Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Micheál Ó Searcóid

**Scoil na Fisice UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Lorraine Hanlon

* Ó 1 Meán Fómhair 2009 ar aghaidh



1



2



3



4



5



6

1. Mar aitheantas ar an teagasc samplach agus ar an taighde nuálach atá déanta ag an Dr Amanda Gibney Scoil na hAiltireachta, na Tírdhreacha agus na hInnealtóireachta Sibhialta UCD agus mar aitheantas ar a cumas an dá ní seo a thabhairt le chéile bronnadh Gradam Náisiúnta do Scoth na Teagaisc uirthi.  Uachtarán na hÉireann, Máire Mhic Giolla Íosa ag bronnadh an ghradaim i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Samhna 2009

2. An Dr Charles Nwankire, Mac Léinn PhD i Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD buaiteoir an chomóratais *Science Speak* in éineacht lena mhac Chidiebab

3. An *Ireland-Taiwan Workshop on ICT and Energy* bhí (c-d): An tOllamh Chen Ching Liu, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD; An Dr Philip Nolan Cláraitheoir agus Leas-Uachtarán UCD; Ionadaí UCD David Lee, Oifigeach Ionadaíoch Taipei in Éirinn; Dr Wendy McLoone, Fondúireacht Eolaíochta Éireann; an tUasal John Perry TD, Cathaoirleach ar Chumann Chairdeas Parlaiminteach na hÉireann-Taiwan

4. Foireann Koni Kats buaiteoirí an F1 sna Craobhacha Domhanda do Scoileanna a reachtáladh i Londain. In éineacht leis tá an Dr David Timoney, Déan na hInealltóireachta UCD

5. An tOllamh Gerry Byrne (lár), Ollamh le hInealtóireacht Mheicniúil i Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD in éineacht le hUachtaráin Acadamh na Gearmáine d'Eolaíocht agus d'Innealtóireacht Reinhard Hüttl agus Henning Kagermann. Mar aitheantas ar an méid atá déanta aige i réimse na nuálaíochta sa teicneolaíocht agus in innealtóireacht toghadh an tOllamh Gerry Byrne ina Ánraí Idirnáisiúnta in Acadamh na Gearmáine d'Eolaíocht agus d'Innealtóireacht (Deutsche Akademie fuer Technikwissenschaften, acatech). Seo é an chéad uair a toghadh saineolaí as Éirinn ná as an Ríocht Aontaithe san Acadamh

6. An tOllamh Walter Kohn, eolaí a bhfuil an gradam Nobel buaite aige, ag seoladh saotharlanna Nanovation i UCD

# Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD

www.ucd.ie/humansciences

## Plean Straitéiseach

Tá Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD tiomanta do na spriocanna agus cuspóirí uaillmhianacha atá i bPlean Straitéiseach UCD a bhaint amach. Soláthraíonn an plean an creat don choláiste sna réimsí teagaisc agus foghlama, taighde, nuálaíochta agus comhpháirtíochta. Rinne an Coláiste athbhreithniú ar dhá phríomhchlár fochéimithe, an BA agus an BSocSc, chun rannpháirtíocht agus feidhmiú na mac léinn a fheabhsú trí thaighde ar ardchaighdeán a bheith ar láimh ag Comhaltaí Dílse Teagaisc agus Foghlama.

Tá an Coláiste ina cheannaire in oideachas céimithe sna heolaíochtaí daonna agus sóisialta agus tiomanta d'idirnáisiúnú a dhéanamh ar a cuallacht mac léinn sna cláir chéimithe agus fhochéimithe.

Cuirfidh an coláiste tuilleadh le méid agus caighdeán an aschuir taighde sna heolaíochtaí shóisialta agus daonna thar thréimhse saoil an phleain. Ag am ina bhfuil dúshlán mór náisiúnta, bainfidh an Coláiste feidhim iomlán as a ról chun athbheochan agus teárnamh a chothú in Éirinn.

## Forbairtí go dtí seo

Bhain Coláiste na nEolaíochtaí Daonna UCD éachtaí suntasacha amach le linn na bliana acadúla 2009/10. Léirigh an uimhir mhór comhdhálacha idirnáisiúnta agus cainteoirí ar ardchaighdeán a tháinig go UCD le linn na tréimhse sin a thiomantas d'idirnáisiúnacht agus do cháil na hOllscoile a threisiú. Ba bharrphointe é cuairt Jürgen Habermas, duine de phríomhfhealsúnaithe an domhain, chuig UCD i Meitheamh 2010. Bronnadh an gradam acadúlachta is airde de chuid UCD, Bonn Ulysses, ar an Ollamh Habermas agus thug sé léacht dár teideal *The Political: The Rational Meaning of a Questionable Inheritance of Political Theology* do lán an tí de lucht éisteachta.

Mar chuid dá ionchur i nuálaíocht shóisialta, d'eagraigh an coláiste siompóisiam leathlae do státsheirbhísigh sinsearacha, d'áisíneachtaí stáit agus d'eagraíochtaí neamhrialtasacha ar an 30 Márta i dTeach Newman ar *The Crisis, Welfare State Retrenchment and Social Cohesion; Lessons from Social Research*. D'ardaigh acadóirí sinsearacha ceisteanna faoi bhochtanas, leochaileacht, dífhostaíocht, easpa tithíochta agus dúshláin institiúide a gcaithfidh an stát tabhairt fúthu. Ba thoradh iad na páipéir ar fad ar nuathaighde d'ardchaighdeán in eolaíocht daonna a bhí maoinithe ag áisíneachtaí éagsúla, san áireamh An Coimisiún Eorpach, Comhairle Taighde na hÉireann um na Daonnachtaí agus na hEolaíochtaí Sóisialta (IRCHSS) agus ranna rialtais.

Léiríodh caighdeán céimithe an Choláiste ag an ócáid bhliantúil Siompóisiam Taighde na gCéimithe a eagraíodh in Eanáir. Ba é an Dr Rory O'Donnell ón gComhairle Náisiúnta Eacnamaíoch agus Shóisialta an príomhchainteoir. Lean le dearath an choláiste arís i mbliana maoiniú a aimsiú ón IRCHSS do chomhaltacht iardhochtúireachta amháin agus ocht gcomhaltacht dochtúireachta. Cuirfidh bronnadh €3 milliún faoi PRTLI 5 do chláir chéimithe in eacnamaíocht agus eolaíocht pholaitiúil níos mó le cáil Scoil Céimithe an Choláiste. Bronnadh gradam suntasach Jean Blondel ar an Dr. Paul Gill a bhain céim dochtúireachta in eolaíocht pholaitiúil amach i 2010 don tráchtas ab fhearr san Eoraip 2009/10.

Soiléiríodh tiomantas an Choláiste d'oscailt na hollscoile do mhic léinn neamhthraidisiúnta trí chúrsa speisialta dhá bhliain a chur ar fáil chuig céim Baitsiléire in Eolaíocht Shóisialta. Tairgeadh é seo do mhic léinn a chríochnaigh a nDioplóma in Obair le Drugaí sa Phobal a cuireadh ar fáil trí chomhpháirtíocht idir Scoil an Léinn Shóisialta Fheidhmeannaigh UCD agus roinnt grúpaí pobail. Léiríodh caighdeán fochéimithe an Choláiste nuair a bhronn Uachtarán na hÉireann Máire Mhic Giolla Íosa boinn óir ar bheirt mac léinn de chuid UCD in eolaíocht pholaitiúil agus socheolaíochta ag an gcéad Bhronnadh Gradam Fochéimithe an 20 Deireadh Fómhair.

### Tá Coláiste na nEolaíochtaí Daonna comhdhéanta de dheich Scoil:

**Príomhoide an Choláiste:** An tOllamh Brigid Laffan
**An Príomhoide Ionaid:** An tOllamh Bairbre Redmond
**Stiúrthóir na Scoile Céimithe:** an tOllamh Ben Tonra
**An Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama:** AntOllamh Bairbre Redmond
**An Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta:** An tOllamh Richard Sinnott

**Scoil an Léinn Shóisialta Fheidhmeannaigh UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Tony Fahey

**Scoil na hEacnamaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh David Madden

**Scoil an Oideachais UCD**
*Ceann Scoile*
Dr Marie Clarke

**Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Alun Jones

**Scoil an Léinn Eolais agus na Leabharlannaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Diane Sonnenwald

**Scoil na Fealsúnachta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Maeve Cooke

**Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Paul Walsh

**Scoil na Síceolaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Eilis Hennessy

**Scoil na Córa Sóisialta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh John Baker

**Scoil na Socheolaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Chris Whelan

* Ó 1 Meán Fómhair 2009 ar aghaidh


1


2



3


4


5


6

1. Lá Bloom 2010 Ollamh le fealsúnacht Jürgen Habermas a bhuaigh Bonn Ulysses 2010

2. Bronnann Ambasadóir na Fraince chun na hÉireann, an tUasal Yvon Roe d'Albert, Ionchomhartha Oifigeach Ord Fiúntais Náisiúnta na Fraince ar an Ollamh Laffan mar aitheantas ar an tseirbhís atá tugtha aici agus a bhfuil bainte amach aici i réimse Gnóthaí na hEorpa

3. Ag Comdháil Bhliantúil IBIS *A Decade of Centenaries: Commemorationg Shared History* bhí (c-d) an tOllamh Jennifer Todd, Institiúid Léann na Breataine-na hÉireann; An Taoiseach, Brian Cowen TD; agus Uachtarán UCD, Dr Hugh Brady

4. Ag an 6ú Comhdháil Idirnáisiúnta ar Obair Shóisialta i gCúrsaí Sláinte agus Meabhairshláinte bhí (c-d): an tOllamh Gail Austender (Iosrael); Ms Glenda Bawden (An Astráil); an tOllamh Suzanne Quin, Cathaoirleach an choiste eagraithe, (Scoil Scoil na nEolaíochtaí Sóisialta Feidhmeach UCD); an tOllamh Andrew Weissman (USA); an tUachtaran Mary McAleese; an tOllamh Haluk Soydan (USA); agus an tOllamh Uri Aviram (Iosrael)

5. Ag seoladh an tionscadail, *Identifying Contextual Factors Influencing Mobile Technology Adoption and Use in Police Work*, bhí (c-d) an Dr Andrea Johnson, scoláire iardhochtúireachta; an tUasal Vincent Kennedy, Bainisteoir Tíre Motorola Ireland; an tOllamh Diane H. Sonnenwald, Ceann Scoil Lénn an Eolais agus na Leabharlannaíochta; agus an Dr Pádraic Conway, Leasuachtarán ar Chaidrimh Ollscoile UCD

6. Mic léinn aibí Susan Millett agus Catherine Twomey ag fáil a gcéime in Eolaíocht Shóisialta i mí Meithimh. UCD an chéad ollscoil in Éirinn le cúrsaí rochtana aibí a chur ar fáil a chuireann áit chinnte ar fáil san ollscoil. Ullmhaíonn an clár Rochtain Aibí daoine fásta, a m'fhéidir nach raibh cáilíochtaí foirmiúla acu, le dul ag staidéar sna hEalaíona agus in sna hEolaíochtaí Daonna nó in Eolaíocht agus Innealtóireacht san ollscoil.

# Coláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD

www.ucd.ie/lifesciences

## Plean straitéiseach

Is rannpháirtí tábhachtach é Coláiste na nEolaíochtaí Beatha in dhá cheann de mhórthéamaí taighde UCD: Domhaneolaíochtaí, Fuinneamh agus an Comhshaol; agus Sláinte agus Seachadadh Chúram Sláinte. Tá sé tiomanta do sheachadadh sármhaitheasa sa teagasc, i dtaighde agus sa nuálaíocht.

Ceadaíonn timpeallacht idirdhisciplín fheidhmeach don taighde agus don oideachas acmhainn mac léinn a uasmhéadú. Tá ról tábhachtach ag an gColáiste i gcur chun cinn na fionnachtana eolaíochta. Chun na críche sin déanann sé iarracht mhór maidir le timpeallacht cumasaithe a sholáthar dá lucht taighde agus léinn. Baineann an tOideachas sa Choláiste tairbhe freisin as suíomh taighde beoga atá ar chaighdeán idirnáisiúnta.

Cruthóidh éifeacht an díriú, ní hamháin ar oideachas agus ar thaighde, ach ar an nuálaíocht freisin, tríú crann taca UCD, go mbeidh tionchar níos mó aige sna blianta atá romhainn. Tabharfaidh an Coláiste aird ar leith ar líonraí idir-institiúide agus laistigh d'institiúidí a aithint agus a chruthú chun mais chriticiúil i ndisicplíní áirithe a chinntiú.

## Forbairtí go dtí seo

I rith na bliana acadúla atá caite lean an Coláiste air ag cur leis an rogha de chúrsaí máistreachta múinte do mhic léinn trí 10 clár nua a fhorbairt. Cuirfidh formhór na Scoileanna cláir iarchéime mhúinte agus taighde araon ar fáil i 2010/11.

Tá an Coláiste ag cur lena chomhpháirtíochtaí rathúla le hollscoileanna ardchaighdeáin ar fud an domhain. Meallfaidh tabhairt isteach punann de chúrsaí réamh-mháistreachta mic léinn den scoth, ón tSín ar dtús, trí oiliúint ar Bhéarla dírithe go hacadúil a phéireáil le cúrsa múinte blaiste don bhliain acadúil ina dhiaidh sin. Chuaigh baill den fhoireann ar thurais chun na Síne i 2009/10 chun cuairt a thabhairt ar ollscoileanna roghnaithe agus chun forbairt an Mheamram Tuisceana a chur chun cinn, ar réamhriachtanais iad do chláir nasctha. D'fhág na hiarrachtaí seo gur bunaíodh caidreamh níos dlúithe le roinnt ollscoileanna Síneacha a chuir toscaireachtaí go UCD. Fuair na toscairí seo taithí ar an láthair ar a bhfuil le tairiscint ag Coláiste na nEolaíochtaí Beatha. Tiocfaidh meitheal nua mac léinn ón tSín go Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, i Meán Fómhair 2010.

D'fhág saineolas an Choláiste gur bronnadh mórdheontais taighde Eorpacha FP7 iomadúla trí thaighdeoirí seanbhunaithe, lena n-áirítear an tOllamh Mike Gibney (€9 milliún), an tOllamh Walter Kolch (€12 milliún) agus an tOllamh William Gallagher (€6 milliún). D'éirigh go hanmhaith le taighdeoirí freisin maoiniú substaintiúil a mhealladh ó Fhondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) lena n-áirítear na hOllúna Jeremy Simpson, Grace Mulcahy, Declan Gilheany agus an Dr Evelyn Murphy. Tugadh aitheantas freisin do thaighdeoirí níos óige agus do mhic léinn as ucht a gcuid oibre: bronnadh Dámhachtain d'Fhochéimithe Éireann ar bheirt chéimí i Scoil Bhithmóilínigh agus Bithleighis Choláiste na hOllscoile. Bronnadh dámhachtainí ar roinnt den fhoireann teagaisc sa Choláiste as ucht teagaisc den scoth, lena n-áirítear na Dochtúirí Anne Drummond agus Tara Magdalinski (Dámhachtain Teagaisc an Choláiste arna bronnadh ag Uachtarán UCD).

Ar fhorbairtí tábhachtacha eile le linn 2009/10 áirítear creidiúnú ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO) do Lárionad Sábháilteachta Bia UCD; seoladh an Lárionad Náisiúnta do Chosaint Daoine Níos Sine agus an Lárionad Éireannach don Stair Altranais agus do Stair an Chnáimhseachais; bhog Eolaíocht Chomhshaoil saoráid an Chláir d'Atmasféir agus d'Aeráid Thrialach (PEAC) go dtí acmhainn nua is den scoth ag suíomh Rosemount de chuid UCD; agus cónascadh Scoil na Fisiteiripe agus na Gníomheolaíochta le Scoil na Sláinte Poiblí agus Eolaíocht an Daonra chun Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD a chruthú. Bainfidh sé seo tairbhe as sineirgí atá ann faoi láthair, rud a chuirfidh am ar fáil le go nglacfaidh an Dr Brian Caulfield leis an ról mar stiúrthóir ar an Lárionad Thaighde Teicneolaíochta um Maireachtáil Neamhspleách (TRIL).

### Tá seacht Scoil i gColáiste na nEolaíochtaí Beatha UCD:

**Príomhoide:** An tOllamh Maurice Boland
**Stiúrthóir na Scoile Iarchéime:** an Dr Clare O'Connor
**Leas-Phríomhoide Teagaisc agus Foghlama:** an Dr Declan Patton
**Leas-Phríomhoide Taighde agus Nuálaíochta:** an tOllamh William Gallagher

**Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Shane Ward

**Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Tom Bolger

**Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus Bithleighis UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Gethin McBean

**Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh Earle Waghorne

**Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD**
*Ceann Scoile*
An tOllamh William Powderly

**Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD**
*Ceann Scoile*
An Dr Michelle Butler

**Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra**
*Ceann Scoile*
*An tOllamh Cecily Kelleher*

** ón 1 Meán Fómhair 2009*

1




2




3




4





5



6



7




1. **Reachtáil Scoil an Altranais, an Chnáimhseachais agus na gCóras Sláinte UCD seimineár chun ceiliúradh a dhéanamh ar fhiche haon bliain d'oideachas altranais ailse i UCD. Ba é teideal an tseimineáir *Celebrating the past, shaping the future*, agus labhair Mary Harney TD an tAire Sláinte agus Leanaí ag an imeacht.**

2. **Taighdeoirí UCD an Dr Gethin McBean, an Dr Alice Vines agus an Dr Alfonso Blanco Fernández ar scáileán fógraíochta i Times Square Nua Eabhrac. Bhuaigh foireann Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD agus Institiúid Conway UCD an clár dámhachtana Accuri Flow Cytometer Creativity do thaighde inar leagadh amach úsáid a bhaint as an mbealach cítiméadracht sreibhe le tomhais leanúnach a dhéanamh ar thiúchan cailciam incheallaigh.**

3. **Rinne mic léinn agus foireann Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD ceiliúradh go ndeachaigh mic léinn leighis Chéim 4 chun cinn go dtí an clár oiliúna cliniciúil foirmiúil ag 'Searmanas Cótaí Bána' in Halla O'Reilly, UCD.**

4. **Bunaíodh an tIonad do Thacaíocht agus d'Oili¬úint in Anailís agus Taighde (CSTAR) i Meán Fómhair 2009. Bhunaigh Scoil a Sláinte Poiblí agus Eolaíocht an Daonra UCD an tIonad Tacaíochta Modheolaíochta le maoiniú HRB i gcomhar le UCD, UL, NUIG, TCD, DCU agus QUB, ina gclúdaítear gach réimse de thaighde sláinte. Ag an seimineár *Enhancing the Quality of Health Research: How to do it and how not to do it*, a reachtáladh i dTeach Newman, bhí (c-d):an tOllamh Giuseppe Devito, UCD; an tOllamh Cecily Kelleher, UCD; an tOllamh Hanno Ulmer, Ollscoil Míochaine Innsbruck agus an Dr. Gloria Crispino-O'Connell, Scoil na Sláinte Poiblí, na Fisiteirpe agus Eolaíochta an Daonra UCD**


5. **Ag Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD ag seoladh Acadamh na Scoth-Lúthchleasaithe: bhí (ó chlé):bean a bhfuil Craobh Peile Sinsir na mBan TG4 buaite aici trí bliana as a chéile ar fhoireann Chorcaí, Rena Buckley a cháiligh le déanaí ina fisiteirpeoir agus atá ag obair i gCorcaigh; céimí sa dioplóma i mbainistíocht spóirt, captaen fhoireann rugbaí na hÉireann, Brian O'Driscoll, iarscoláire spóirt; agus dochtúir cáilithe Stephen Lucey, lánchúlaí ar fhoirne peile agus iomána Luimnigh**

6. **Tá foireann agus mic léinn i Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD i mbun tionscadail mhór thaighde *The Behavioural Ecology of Fallow Deer of the Phoenix Park*, ó 1988. Tá 10 tionscadal PhD tugtha chun críche chomh maith le 30 páipéar eolaíochta foilsithe. Oifig na nOibreacha Poiblí agus IRCSET a rinne maoiniú ar an taighde**

7. **Freagraíonn tionscal na gcapall agus na meáin do shaincheisteanna a hardaíodh i dtuarascáil UCD: *Challenges and Solutions to Support Good Equine Welfare Practice in Ireland*, ina gcuirtear i láthair príomhthorthaí na foirne taighde ildhisciplíní as Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta agus Geary UCD**

## Struchtúr na hOllscoile

www.ucd.ie/president/smt





2

# OIDEACHAS

Tá an chéad bhliain de Phlean Straitéiseach Choláiste na hOllscoile *Forming Global Minds* tar éis tógáil ar rath *UCD Horizons*, a sholúbthacht agus a thairbhí do mhic léinn á n-uasmhéadú, agus pleanáil á déanamh ag an am céanna don fhás agus don fhorbairt shuntasach atá beartaithe sa Phlean Straitéiseach.

Cuireann an Plean Straitéiseach béim ar eispéirieas uathúil an mhic léinn i UCD a bhfuil d'aidhm aici céimithe a chruthú atá sármhaith ó thaobh na hacadúlachta, solúbtha ó thaobh intleachta, liteartha ó thaobh cultúir agus feasach ó thaobh an domhain de. Tá comhiarrachtaí agus táscairí ratha na hollscoile araon dírithe ar na haidhmeanna seo.

# CLÁR


| | |
|---|---|
| Próifíl Mac Léinn | **18** |
| Rannpháirtíocht Luath agus Bhuan Mac Léinn a Chothú | **18** |
| Cláir agus Disciplíní Acadúla a Láidriú agus a Fheabhsú | **20** |
| Cruthaitheacht, Nuálaíocht, Fiontraíocht agus Saoránacht Ghníomhach a Spreagadh | **20** |
| Oideachas Iarchéime a Fhás agus a Fhorbairt | **21** |
| Eispéireas n Mhic Léinn a Chur ar Bhonn Idirnáisiúnta | **21** |
| Rannpháirtíocht a Leathnú agus Tacú le Foghlaim ar Feadh an tSaoil | **22** |
| Teagasc, Nuálaíocht san Fhoghlaim agus Forbairt Acadúil | **22** |
| Cáilíocht | **22** |

# Próifíl Mic Léinn

Tháinig méadú 5% ar dhaonra mac léinn UCD idir 2008/09 agus 2009/10. Cláraíodh fás láidir i líon na mac léinn idirnáisiúnta agus iarchéime, 19% agus 28% de dhaonra iomlán na mac léinn ag na grúpaí seo faoi seach. Tháinig méadú freisin ar phríomh-spriocghrúpa eile, mic léinn rochtana, go dtí 12.5% den daonra fochéime iomlán (féach Tábla 1).

Thar saolré Plean Straitéiseach UCD, déanfaidh an Coláiste Ollscoile iarracht na spriocanna uaillmhíneacha seo a leanas do mhic léinn idirnáisiúnta, iarchéime agus neamhthraidisiúnta a chomhlíonadh:

- céatadán na mac léinn idirnáisiúnta a mhéadú ó 17% go 25%;
- céatadán na mac léinn iarchéime a mhéadú ó 26% go 33%;
- céatadán na mac léinnn neamhthraidisiúnta ar chláir bhunchéime a mhéadú ó 17% go 25%.

Is léir ó fhigiúirí daonra reatha na mac léinn go bhfuil dul chun cinn déanta cheana féin i dtreo na spriocanna seo a bhaint amach.

**Tábla 1: Cuntas Gairid ar Mhic Léinn 2009/10**

| | 2009/10 | | | 2009/10 | | | % Idirnáisiúnta | Rochtain Iomlán (ag Leibhéal Bunchéime í amháin) | % Rochtana (ag Leibhéal Bunchéime amháin) | An tIomlán Bronnta 2008/09 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Lánaimseartha | Páirtaimseartha | Iomlán | Éireannach | Neamh-Éireannach | Iomlán | | | | |
| **Céim** | 14,163 | 458 | 14,621 | 13,044 | 1,577 | 14,621 | 10.8% | 1,831 | 12.5% | 3,155 |
| **Teastas / Dioplóma** | 161 | 1,143 | 1,304 | 1,157 | 147 | 1,304 | 11.3% | - | - | 685 |
| **Ócáideach** | 621 | 190 | 811 | 225 | 586 | 811 | 72.3% | - | - | - |
| **Malairte** | 593 | 1 | 594 | - | 594 | 594 | 100.0% | - | - | - |
| **Iomlán na bhFochéimithe** | **15,538** | **1,792** | **17,330** | **14,426** | **2,904** | **17,330** | **16.8%** | - | - | **3,840** |
| **Dochtúireacht** | 1,608 | 220 | 1,828 | 1,123 | 705 | 1,828 | 38.6% | - | - | 290 |
| **Máistreacht Taighde** | 210 | 65 | 275 | 198 | 77 | 275 | 28.0% | - | - | 58 |
| **Máistreacht Mhúinte** | 1,987 | 1,089 | 3,076 | 2,339 | 737 | 3,076 | 24.0% | - | - | 1,896 |
| **Teastas / Dioplóma** | 583 | 1,133 | 1,716 | 1,494 | 222 | 1,716 | 12.9% | - | - | 1,150 |
| **Iomlán na gCéimithe** | **4,388** | **2,507** | **6,895** | **5,154** | **1,741** | **6,895** | **25.3%** | - | - | **3,394** |
| **Iomlán UCD** | **19,926** | **4,299** | **24,225** | **19,580** | **4,645** | **24,225** | **19.2%** | - | - | **7,234** |

# Rannpháirtíocht Luath agus Bhuan an Mhic Léinn a Chothú

I 2009/10 rinneadh obair thábhachtach chun curaclam na céad bhliana a athbhreithniú, agus é d'aidhm aige tacaíocht a thabhairt do chur chuige teagaisc, d'ábhar na modúl, do na roghanna ábhar agus do na straitéisí measúnaithe is cuí. Rinneadh é seo le haistriú rathúil mac léinn go dtí an ollscoil a chinntiú.

Rinneadh an obair ar na hathruithe ar an gcuraclam agus méadu ar thacaíochtaí leathana do mhic léinn ag gabháil léi. Tá cláir phiarmheantóireachta faoi mhaoirseacht ag formhór na gclár anois a cheadaíonn go dtabharfadh mic léinn ó chéimeanna níos faide chun cinn sa chlár, tacaíocht do na mic léinn. Tá na scéimeanna seo ceaptha cur le tacaíochtaí acadúla agus riaracháin atá ann cheana. Tá tionscadal nua Treoraithe Ealaíne á phleanáil a leathnóidh tacaíocht do mhic léinn Ealaíne chun a dtreo a aimsiú agus a leanúint thar a gcéad seimeastar. Sa chlár Eolaíochta tabharfar modúl nua Eolaíochta, Prionsabail na Fiosraithe Eolaíochta, isteach i 2010/11 chun cuidiú le mic léinn nua díriú ar bhunscileanna a theastaíonn in oideachas Eolaíochta tríú leibhéal.

Cuireadh mór-athbhreithniú ar thacaíochtaí do mhic léinn acadúla ar bun i 2010 agus cuirfear tuairisc ar fáil go luath i 2011. Tá anailís déanta cheana ar dhearcadh agus ar mholtaí ó bhreis agus 2,000 mac léinn.

Thar saolré an Phlean Straitéisigh seo díreoidh UCD ar idirghabháil luath chun rannpháirtíocht mac léinn ina gcéad bhliain a chinntiú. Beidh roinnt bearta gaolmhara, mar shampla dul ar aghaidh ón gcéad bhliain go dtí an dara bhliain agus rátaí comhlíonta/baint amach céime na mac léinn mar shlata tomhais ratha.



















1. Orthu sin ar bronnadh Gradam Teagaisc an Choláiste 2009/2010, bhí (c-d): an Dr Mike Casey, Scoil na Ceimice agus na Bitheolaíochta Ceimicí UCD (faighteoir); an Dr Michael Staunton, Scoil na Staire agus na Cartlainne UCD (faighteoir); an Dr Kenneth Gavin, Scoil na hAiltireachta, na Tírdhreacha agus na hInnealtóireachta Sibhialta UCD (faighteoir); an tOllamh Bairbre Redmond, an Leas-Chláraitheoir do Theagasc agus d'Fhoghlaim; an Dr David Kerr, Scoil na Staire agus na Cartlainne UCD (faighteoir); an Dr Hugh Brady, Uachtarán; an tUasal Jonathan McNulty, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD (faighteoir); an Dr Philip Nolan, Cláraitheoir; an Dr Paul McGrath, Scoil an Ghnó UCD (faighteoir); an Dr Lorraine McGinty, Scoil na Ríomheolaíochta agus na Faisnéisíochta UCD (faighteoir); agus an Dr Tara Cusack, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD (faighteoir)

2. Roinnt de na mic léinn idirnáisiúnta ar ionann iad is 19% de líon iomlán na mac léinn

3. Ag Laethanta Oscailte UCD i mí na Nollag bhí céimí san Eolaíocht Talmhaíochta Mairead McGuinness MEP; agus mac léinn  Padraig Kelly. Labhair Mairéad McGuinness Uasal mar chuid de laethanta oscailte UCD, a thugann blaiseadh do mhic léinn b'fhéidir a d'fhreastalódh ar an ollscoil ar UCD

4. Ag Searmanas Bronnta na hEolaíochta Talmhaíochta UCD i mí Iúil bhí (c-d) bhí Lorraine Davis Uasal, Buirríos Uí Chéin, Co. Thiobraid Árann; Barry Cahalan, Buirríos Uí Chéin, Co. Thiobraid Árann agus Kate Cahier, Cill Mhantáin.  Lorraine, David agus Kate a bhí ar dhuine d'ochtar céimí san Eolaíocht Talmhaíochta a bhain amach scoláireacht €20,000 a ndearna eagraíochtaí Talamhghnó uarraíocht ghnaíúil orthu: Bhain Lorraine céim amach le speisialtóireacht i dTáirgeadh Ainmhithe agus Barr agus ba *Richard Keenan and Co* a thug tacaíocht don scoláireacht a fuair sí;  Bhain Barry céim amach le speisialtóireacht in Eolaíochtaí Agra-Chomhshaoil le tacaíocht ó Bhord na Móna; agus bhain Kate céim amach le speisialtóireacht in Eolaíocht an Bhia le tacaíocht ó Kerry Group

5. Bhronn Ánraí i bhForbairt Teagaisc agus Acadúil de chuid UCD a gcuid tionscadal straitéiseacha ar Critical Thinking and the Development of General Electives ag imeacht Teagaisc agus Foghlama an 14 Bealtaine 2010. I dteannta na n-Ánraí tá An tOllamh Alan Davidson (clé), Déan Feabhsaithe Foghlama, Teagaisc agus Measúnaithe, Ollscoil Robert Gordon, Aberdeen a d'éascaigh aiseolas ón bplé ar Fhorbairt Chéimí UCD 2015; agus an tOllamh Bairbre Redmond (3ú duine ó chlé), Leas-Chláraitheoir, Teagasc agus Foghlaim

6. Mic Léinn intéirneachta an tSamhraidh 2010. Faigheann mic léinn intéirneachta taithí ar shochaí agus cultúr na hÉireann trí shraith chuimsitheach turas agus turas allamuigh i mBaile Átha Cliath agus ar fud na hÉireann lena n-áirítear an turas seo chuig Conamara, in Iarthar na hÉireann

## Cláir agus Disciplíní Acadúla a Láidriú agus a Fheabhsú

Rinneadh mór-athbhreithniú ar struchtúr agus ar thorthaí clár bunchéime i 2009/10. Chuir Déin na gClár Bunchéime, a mBoird Chlár á dtreorú acu agus le tacaíocht Stiúrthóirí Scoil Iarchéime agus Príomhoidí Coláiste, pleananna uaillmhianacha chun cinn chun disciplíní acadúla a láidriú agus tacaíocht níos fearr a thabhairt don mhac léinn laistigh den churaclam bunchéime solúbtha modúlach. Tríd an bhfócas ar shainiúlacht mac léinn UCD, tá na cláir uile tar éis a saintréithe sainiúla agus sonracha a aithint agus tacóidh siad le mic léinn na saintréithe seo a fhorbairt. Ar phíomhghnéithe eile áirítear athstruchtúrú curaclam na chéadbhliana, deiseanna do staidéar idirdhisciplín nuálaíoch, mar aon le soiléiriú ar bhealaí chun dul ar aghaidh go dtí staidéar ag leibhéal iarchéime nó go dtí an fhostaíocht.  Cuirfidh forbairt an *Acadamh Ad Astra* de chuid na hollscoile, agus scéimeanna nasctha clárbhunaithe, dreasachtaí ar fáil do mhic léinn chun a lánacmhainneacht acadúil a fhorbairt agus dul ar aghaidh chuig staidéar iarchéime ag luas méadaithe.

Déanfaidh UCD monatóireacht ar aiseolas mac léinn ar an eispéireas acadúil agus ar dhearcaí geallsealbhóirí seachtracha ar cháilíocht chéimithe UCD. Déanfaidh an ollscoil monatóireacht freisin ar tháscairí éagsúla, lena n-áirítear seasamh náisiúnta UCD i gcéadroghanna mic léinn dara leibhéil agus mic léinn aibí a mhealladh, agus céatadán de lucht iontrála nua bunchéimithe a bhfuil scóir arda iontrála acu.

**Iarratais chéadrogha san earnáil fhoriomlán 2009/10**

| | |
|---|---|
| Iomlán leibhéal 8 | 65,085 |
| 1ú Roghanna UCD | 7,975 |
| % den earnáil | 12.3 |

**Iontrálaithe UCD de réir Roghanna 2009/10**

| | |
|---|---|
| 1ú Rogha | 2,242 |
| Gach Rogha | 4,389 |
| 1ú Rogha mar % den Iomlán | 51.1 |
| % den Earnáil | 12.3 |

**Iontrálaithe nua UCD de réir Pointí 2009/10***

| | |
|---|---|
| Iomlán na nIontrálaithe le Pointí | 3,715 |
| Iontrálaithe 500-600 pointe | 966 |
| % d'Iontrálaithe 500-600 pointe | 26.0 |
| Iontrálaithe 550-600 pointe | 343 |
| % d'Iontrálaithe 550-600 pointe | 9.2 |
| Meánphointe CAO | 453 |
| Pointí Airmheánacha CAO | 445 |

** D'iontrálaithe 2009 d'iompaigh UCD torthaí A-Level go pointí coibhéiseacha CAO agus tá siad sin san áireamh anseo.*

**Cóimheas FTE foirne go FTE mac léinn**

| **Coláistí** | **2008** | **2009** | **2010*** |
|---|---|---|---|
| Gnó & Dlí | 23.4 | 27.0 | 29.2 |
| Innealtóireacht, Mata & Eolaíochtaí Fisiciúla | 15.7 | 17.2 | 19.6 |
| Eolaíochtai Daonna | 22.1 | 24.8 | 28.5 |
| Eolaíochtaí Beatha | 15.0 | 16.3 | 17.4 |
| Na Healaíona & Léann Ceilteach | 17.5 | 20.6 | 23.1 |
| **Iomlán Ucd** | **17.2** | **19.4** | **21.2** |

***Nótaí:***
*1. Tógtar sonraí 2008 and 2009 ó Cheathrú 4 (párolla na Nollag)*
**Tógtar sonraí 2010 ó Cheathrú 1 (Párolla Márta)*

## Cruthaitheacht, Nuálaíocht, Fiontraíocht agus Saoránacht Ghníomhach a Spreagadh

Tá cothú an chumais do chruthaitheacht agus do nuálaíocht, á treorú ag mic léinn, lárnach do bhaint amach spriocanna na hollscoile. Tá Anraí i dTeagasc agus i bhForbairt Acadúil de chuid UCD (2009-2011), á maoiniú ag Ciste Nuálaíochta Straitéiseach an HEA (SIF), ag díriú ar na bealaí is éifeachtúla chun forbairt phatrún smaointeoireachta criticiúla mac léinn a spreagadh agus ar bhealaí nua chun modúil roghnacha a úsáid leis an chruthaitheacht a fheabhsú laistigh d'eispéireas foghlama an mhic léinn.

I 2009/10, chruthaigh an ollscoil níos mó deiseanna fós d'fhorbairt mac léinn, taobh istigh agus lasmuigh den churaclam foirmiúil araon; tá straitéis nua d'fhoghlaim chomchuraclaim á forbairt le cur i bhfeidhm le linn thréimhse an Phlean Straitéisigh.

Ach tá raon gníomhaíochta á chur i bhfeidhm cheana féin, á threorú ag Lárionad Forbairt Gairme UCD faoi stiúrthóireacht nua an Dr David Foster.  Tá an Lárionad ag tabhairt tacaíochta do Phróifílí Forbartha Pearsanta a thabhairt isteach i gcuraclam roinnt clár. Tugann sé seo spreagadh do mhic léinn a bheith rannpháirteach i bpríomhghníomhaíochtaí comhchuraclaim mar shaorálaíocht agus saoránacht ghníomhach, agus ar mhacnamh a dhéanamh freisin ar an gcaoi a gcuidíonn na scileanna seo, i gcomhpháirt lena staidéar acadúil, chun tréithe céimithe fónta, a mbeidh tóir orthu, a chothú.

## Oideachas Iarchéime a Fhás agus a Fhorbairt

Ag teacht le spriocanna Straitéis Oideachais UCD, tháinig méadú arís ar líon na mac léinn iarchéime sna réimsí múinte agus taighde araon. D'fhág an cleachtadh pleanála maidir le rollú gur tháinig méadú bliantúil 20% ar líon na mac léinn iarchéime ar 2008/09. Mhéadaigh líon na mac léinn taighde máistreachta agus PhD 4.5% go dtí breis agus 2,100. Tá daonra iomlán iarchéime de bhreis agus 6,895 ann (28% de dhaonra mac léinn UCD). Go luath i 2010, cuireadh tús le cleachtais nua iontrála do gach clár iarchéime múinte ina ndéanann Teagascóirí Iontrála iarratais a phróiseáil ar bhonn atrátha, agus ceithre chlabhsúr babhta ar leith ann. Cinntíonn sé seo mireacht agus éifeachtúlacht, agus méadú agus forbairit ar chláir iarchéime múinte da bharr.

Tar éis bhunú Líonraí Oideachas Iarchéime, faoi choimirce Chomhaontas Ardoideachais Réigiún Bhaile Átha Cliath (DRHEA) atá maoinithe ag SIF, cuireadh modúil dhisciplínshonracha agus máistir-ranganna ar fáil do mhic léinn dochtúireachta agus solúbthacht idir na hinstitiúidí rannpháirteacha. Bhí grúpaí disciplíneacha DRHEA (na hEolaíochtaí Bithleighis, Ceimic, Eacnamaíocht, Innealtóireacht, Fisic, Polaitíocht/ Socheolaíocht/ Beartas Poiblí) ag obair i dtreo seachadadh agus eagrú cláir struchtúrtha idirinstitiúide PhD trí chomhphleanáil straitéiseach. Ina theannta seo fuair 10 clár PhD nua comhoibríoch, struchtúrtha agus téamach, maoiniú faoi PRTLI 5. Cuirfear tús leo seo i 2011. Cuirfidh *Acadamh Nuálaíochta TCD/ UCD* oiliúint nuálaíochta agus fiontraíochta ar fáil do mhic léinn PhD.

Beidh fócas níos mó fós ar fhorbairt straitéiseach na punainne múinte iarchéime a chur chun cinn i 2010/11. Éascóidh sé seo forbairt clár ar féidir a shaincheapadh ar bhonn aonraic agus a thagann le láidreachtaí taighde. Cuirfear tús le 30 clár nua múinte iarchéime, a faomhadh le linn 2009/10, i seisiún 2010/11.

Le linn tréimhse an Phlean Straitéisigh seo, déanfaidh an ollscoil monatóireacht rialta ar an dul chun cinn chun a sprioc 33% den daonra iarchéime a bhaint amach. Ina theannta seo, déanfar monatóireacht ar an ráta comhlánaithe PhD do mhic léinn lánaimseartha.

| **Daonra Mac Léinn Iarchéime 2009/10** | |
|---|---|
| Iarchéime Múinte | 4,792 |
| Iarchéime Taighde | 2,103 |
| Iomlán UCD | 24,225 |
| % Céimithe | 28.5% |

## Eispéireas Mac Léinn a Chur ar Bhonn Idirnáisiúnta

Is tosaíocht í an bonn idirnáisiúnta do UCD agus rinneadh forbairtí suntasacha sa réimse seo i 2009/10. Mhéadaigh an daonra mac léinn idirnáisiúnta ar an gcampas 6.5% eile, an méadú is mó ag leibhéal iarchéime múinte (25%). Thug an Lárionad do Staidéar Thar Lear roinnt clár don Bhliain Shóisearach Thar Lear isteach, lena n-áirítear Altranas agus Cnáimhseachas, Dlí, Ailtireacht, agus Léann Meiriceánach. Cuireadh an clár Intéirneacht Shamhraidh ar fáil ar fud na hollscoile.

Tá mic léinn UCD ag éirí níos móibílí: ghlac 150 páirit i malartú lasmuigh den AE (22% níos mó ná 2008/09), agus méadú dá réir ar mhic léinn nach de chuid an AE iad, ag teacht isteach. Cuireann UCD an líon is mó mac léinn ar mhalartuithe Erasmus i measc aon ollscoil Eorpach Béarla, breis agus 300 mac léinn ag baint tairbhe as an gclár. Tugadh na cláir réamh-mháistreachta isteach i 2009/10 freisin, a chuireann ullmhúchán sa Bhéarla agus i Scileanna Staidéir ar fáil do mhic léinn nach de chuid an AE iad a bhfuil fúthu cláir mháistreachta aon bhliain amháin a dhéanamh.

Tá UCD ina chomhchathaoirleach ar Ghrúpa Idirnáisiúnaithe *Universitas 21* agus ina chathaoirleach ar Ghrúpa Foghlama agus Teagaisc *Universitas 21*. Leanann UCD air a bheith bainteach go lárnach agus go mór le gníomhaíochtaí an líonra thábhachtaigh seo.

Lean Institiúid Confucius UCD go han-ghníomhach i gcur chun cinn chultúr agus theanga na Síne. Ní hamháin go dtairgeann an Institiúid 18 modúl do BComm agus Léann Síneach na hollscoile a bhfuil an-tóir air, ach tairgeann sí cúrsaí freisin don phobal sa teanga Síneach agus i gcúrsaí cultúrtha bainteach léi, cúrsaí Mandarin i meánscoileanna áitiúla, agus cúrsaí oiliúna speisialaithe i gcleachtas gnó do chuideachtaí Éireannacha.

D'fhoilsigh Blackhall Publishing mórthuarascáil taighde de chuid na hInstitiúide dar teideal *Irish Business in China – Meeting the Inter-Cultural Challenges*.

D'oibrigh an Institiúid freisin leis an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (NCCA) i bhforbairt teanga agus cultúr na Síne mar aonad curaclaim don Idirbhliain le haitheantas iomlán i meánscoileanna.

Faoi choimirce an Phlean Straitéisigh, tá sé i gceist ag Coláiste na hOllscoile daonra mac léinn idirnáisiúnta de 25% de na mic léinn a bhaint amach, lena n-áiritear daonra mac léinn 15% nach mic léinn de chuid an AE iad.

| **Daonra Mac Léinn Idirnáisiúnta** | **2009/10** |
|---|---|
| Mic Léinn Idirnáisiúnta | 4,645 |
| Iomlán UCD | 24,225 |
| % Idirnáisiúnta | 19.2% |

## Rannpháirtíocht a Leathnú agus Tacú le Foghlaim ar Feadh an tSaoil

I 2009/10 rinneadh forbairt ar Straitéis Rochtana agus Foghlama ar Feadh an tSaoil de chuid UCD, spriocanna aontaithe don líon iontógála de mhic léinn neamhthraidisiúnta (lena n-áirítear mic léinn ar fhochéimithe bunchéime páirtaimseartha iad). Faoi 2014, ag deireadh an Phlean Straitéisigh reatha, cuimseoidh mic léinn dá leithéid 25% de na mic léinn uile.

I 2009/10 seoladh an chéad mheasúnú cainníochtúil ar chlár rochtana Éireannach. Rinne an SIF maoiniú ar thuarascáil UCD *Evaluating the Impact of the UCD New ERA Widening Participation Initiative.*

Is é an toradh a bhí ar rolladh amach náisiúnta scéimeanna Bealaí Rochtana Ardoideachais (HEAR) agus Bealach Rochtana Míchumais ar Oideachas (DAER) ná gur tháinig méadú ar iarratais ag UCD, líon na n-iarratasóirí á dhúbailt ag Hear. Le linn 2009/10, mheall agus thacaigh UCD le 108 mac léinn New ERA, 53 DARE agus 425 mac léinn ar iontrálaithe nua lánfhásta iad (gnóthachtáil den scoth). Lean an Lárionad Oideachais d'Aosaigh de chuid UCD air ag mealladh mac léinn ar chláir thiomanta Rochtana do mhórchláir bunchéime. Ghlac 2,301 duine fásta páirt i gcúrsaí páirtaimseartha éagsúla den oideachas aosach i 2009/10.

Is é UCD an páirtí treorach sa Líonra Ardfhoghlama – tionscnamh de chuid DRHEA atá maoinithe ag SIF. Is é UCD a threoraíonn tionscadal Progression Pathways an líonra a bhfuil d'aidhm aige na deiseanna rochtana, aistrithe agus dul chun cinn laistigh de réigiún DRHEA do gach foghlaimeoir fásta a shoiléiriú agus a fhoilsiú.

**Mic léinn bunchéime ar fhochéimithe neamhthraidisiúnta iad 2009/10**

| | |
|---|---|
| Mic Léinn BCh neamhthraidisiúnta | 2,284 |
| Iomlán Bunchéime | 14,621 |
| % Neamhthraidisiúnta | 15.7% |

## Teagasc, Nuálaíocht san Fhoghlaim agus Forbairt Acadúil

Lean forbairt agus nuálaíocht sa Teagasc agus san Fhoghlaim i rith 2009/10. Rinneadh píolótú ar chóras nua ar líne in 18 Scoil. Tacaíonn sé seo le Tionscadal Feabhsú Modúil 2009/10 a sholáthraíonn sonraí ar líne don lucht acadúil go léir ar aiseolas mac léinn, dáileadh grád agus clárú modúil, agus ar fhigiúirí críochnaithe. Is tosaíocht anois é aiseolas breise ar eispéireas mac léinn ag leibhéal institiúide a fháil.

Rinneadh athdhearadh agus athsheoladh ar an Dioplóma Céime i dTeagasc agus i bhFoghlaim Ollscoile. Tugann sé deis d'acadóirí athbhreithniú a dhéanamh ar a scileanna teagaisc agus a dtuiscint ar chur chuige agus ar theoiricí in ardoideachas éifeachtach, agus iad a fheabhsú.

Neartaigh seoladh an láithreáin ghréasáin nua www.ucd.ie/teaching sainiúlacht Teagaisc agus Foghlama na hollscoile go mór. Léiríonn sé teagasc nuálaíoch agus cuireann acmhainní ar fáil don fhoireann trí úsáid a bhaint as rogha podchraoltaí a ndéantar uasghrádú go rialta orthu.

Tugadh aitheantas arís don teagasc den scoth i UCD i rith 2009/10. Bronnadh Dámhachtain Náisiúnta don Sármhaitheas i dTeagasc ar an Dr Amanda Gibney, Scoil na hAiltireachta, na Tírdhreacha agus na hInnealtóireachta Sibhialta UCD. Bronnadh Dámhachtainí Teagaisc an Choláiste, a mhaoiníonn UCD go bliantúil, ar ochtar. Bronnadh dhá Dhámhachtain Teagaisc an Uachtaráin, a mhaoiníonn an HEA, ar an Dr Fionnuala Dillane ó Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Scannánaíochta UCD agus ar an Dr Crystal Fulton ó Scoil an Léinn Eolais agus na Leabharlannaíochta UCD.

## Cáilíocht

Cuireann an Plean Straitéiseach béim ar sholáthar riachtanach seirbhísí agus córais tacaíochta riaracháin agus mac léinn d'ardchaighdeán, atá iontaofa agus soláimhsithe. Tá an cháilíocht lárnach do gach a tharlaíonn i gColáiste na hOllscoile. Bunaíodh Coiste nua ar Cháilíocht de chuid na Comhairle Acadúla i 2009/10.

Anuas ar athbhreithnithe rialta cáilíochta, seoladh líon de phríomhthionscaimh i 2009/10, lena n-áirítear tionscadal piolótach tuairiscithe ar chlár acadúil. Is measúnú siarghabhálach ar an gclár acadúil a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air atá anseo, d'fhonn feabhsaithe a thabhairt isteach nuair is gá. Chun ról mac léinn d'fhonn rannchuidiú le beartais agus le cleachtais ollscoile a threisiú, d'eagraigh Oifig Cháilíochta UCD trí lá fócais do mhic léinn UCD chun réimse leathan gníomhaíochta mac léinn a chlúdach – ó fhoghlaim agus teagasc go dtí an timpeallacht shóisialta. Cuirfear tuairisc dheiridh ar fáil i 2010/11. Tá ullmhúcháin faoi lán seoil d'Athbhreithniú Institiúideach UCD i bhFeabhra/Márta 2011. Tá Grúpa Stiúrtha bunaithe le maoirseacht a dhéanamh ar ullmhú na Tuarascála Féinmheasúnaithe Institiúide.

Rinneadh athbhreithniú cáilíochta orthu seo a leanas le linn 2009/10:

- Scoil Stair na hEalaíne agus an Pholasaí Chultúrtha UCD
- Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus Bithleighis UCD
- Scoil na hEacnamaíochta UCD
- Scoil na Fisice UCD
- Oifig Thráchtála UCD



# 3

## TAIGHDE

Is fócas lárnach de straitéis taighde UCD é an uaillmhian chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a mhúnlóidh todhchaí na hÉireann agus ról na hollscoile sa domhan mór. Tá UCD tar éis ceithre mhórthéama taighde idirdhisciplíne a bhunú a thagann le riactanais na hÉireann agus na dúshláin dhomhanda reatha.

Is ceannaire náisiúnta é UCD i maoiniú taighde, ag mealladh infheistíochta ardchaighdeáin a chuidigh leis an ollscoil cáil a chruthú mar rogha ceannscríbe do threoirthaighdeoirí. Leanann UCD air ag cruthú comhpháirtíochtaí tráchtála, taighde agus oideachasúla spreagúla agus comhoibriú le heagraíochtaí profaisiúnta, gnó, pobail agus acadúla.

## CLÁR


| | |
|---|---|
| Maoiniú Taighde | 24 |
| Príomh-mhéadracht Taighde agus Táscairí Feidhmíochta Domhaneolaíochtaí, Fuinneamh agus an Comhshaol | 26 |
| Global Ireland | 27 |
| Sláinte agus Seachadadh Chúram Sláinte | 28 |
| Eolas, Ríomhaireacht agus Cumarsáid | 31 |


***Foilseacháin Taighde:***
***Tá miosonraí faoi gach foilseachán taighde do thréimhse na Tuarascála ar fáil ar líne ag: www.ucd.ie/research/publications***

# Maoiniú Taighde

## Léargas Ginearálta ar Mhaoiniú

B'fhiú €49.6 milliún (féach tábla 1), conarthaí taighde maoinithe go seachtrach a cláraíodh i rith na bliana, rud a léiríonn titim 57% i gcomparáid leis an mbliain airgeadais roimhe sin. Is léiriú é an titim seo i maoiniú UCD ar an timpeallacht maoinithe náisiúnta, inar laghdaíodh maoiniú stáit Éireannach le haghaidh taighde 76% ar uimhir na bliana seo caite. Le linn na tréimhse, d'ardaigh cion UCD de mhaoiniú AE go €9.8 milliún, méadu 75% ar an mbliain roimhe. B'fhiú €6.7 milliún luach na ranníocaíochta d'fhorchostais. Áirítear sa mhaoiniú €49.6 milliún €0.7 milliún i leith tionscadal PRTLI Cycle 4.

**Tábla 1 Dámhachtainí Taighde agus Foinsí Maoinithe**

### Dámhachtainí Taighde

| Year | Luach Iomlán Conarthaí Sínithe lena n-áirítear ranníocaíocht-aí d'fhorchostais (€ milliún) | Iomlán Ranníocaíochtaí do Fhorchostais (€ milliún) | Líon Iomlán Dámhacht-ainí a Bronnadh | Líon na Moltaí a Cuireadh Isteach |
|---|---|---|---|---|
| 2005/2006 | 82.9 | 11.80 | 664 | 1,245 |
| 2006/2007 | 96.3 | 14.80 | 556 | 1,234 |
| 2007/2008 | 114.7 | 17.30 | 484 | 1,090 |
| 2008/2009 | 116.7 | 21.03 | 555 | 1,150 |
| 2009/2010 | 49.6 | 6.7 | 459 | 970 |

### Foinsí Maoinithe

| Fionsí Maoinithe | Lion na gConarthaí | Luach (€ milliún) |
|---|---|---|
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) | 52 | 13.3 |
| An Coimisiún Eorpach (EC) | 31 | 9.8 |
| Comhairle Taighde na hÉireann um Eolaíocht, Innealtóireacht agus Theicneolaíocht (IRCSET) | 57 | 6.2 |
| Fiontraíocht Éireann (EI) | 79 | 3.1 |
| Eile | 240 | 17.2 |
| **Iomlán** | **459** | **49.6** |

## Scéimeanna Inmheánacha chun Tacú le Taighde

**An Scéim Mhaoinithe Síl**

Fuarthas 550 iarratas ar Scéim Mhaoinithe Síl 2010 a dhún ag deireadh Márta. Is é seo an líon is mó go dtí seo do bhabhta amháin ar bith den Scéim. Bhuail painéil mheasúnaithe le chéile in Aibreán agus sa Bhealtaine, agus cuireadh na torthaí ar fáil do na hiarratasóirí go léir go luath sa Mheitheamh. Tugadh maoiniú do 157 iarratas thar chúig Choláiste de chuid UCD, arbh fhiú breis agus €498,000 san iomlán é. B'ionann é seo agus 29% de na hiarratais ar fad a fuarthas agus 17% den mhaoiniú go léir a lorgaíodh.

**Scéim Chomhaltachtaí Taighde an Uachtaráin**

Tá an Scéim seo ceaptha tacú le lucht acadúil a ndéanfadh tréimhse de thaighde fócasaithe tairbhe dá dtaighde agus dá bhforbairt ghairmiúil, agus a mbeadh an toradh uirthi go gcuirfí le cáil UCD go hidirnáisiúnta.

Fuair cúigear Comhaltacht Taighde an Uachtaráin i 2009/10:

- An Dr Damian Mooney, Scoil na hInnealtóireachta Ceimicí agus Bithphróisis UCD
- An tOllamh Brian O'Connor, Scoil na Fealsúnachta UCD
- An Dr Peter Haughton, Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD
- An Dr John McCafferty, Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD
- An Dr James O'Shea, Scoil na Fealsúnachta UCD

**Scéim na dTionscnamh Mór agus Straitéiseach**

Cuireann Scéim na dTionscnamh Mór agus Straitéiseach tacaíocht ar fáil d'fhorbairt clár idirdhisciplíneach mór a chuireann an straitéis taighde i UCD chun cinn. Bronnadh ocht ndámhachtain le linn na tréimhse.

- An tOllamh Thomas Bolger, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD, Saoráid Rosemount

- An tOllamh Stephen Gordon, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD Cothabháil imshrianta saoráid leibhéal 3
- An tUasal Phil Hemmingway, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD, Fiosrú acmhainní geoiteirmeacha éadoimhne ar champas UCD
- An tOllamh Gill Lee, Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD, Mionathrú ar shaotharlann don mhicribheitheolaíocht atá ann cheana
- An tOllamh Gregory O'Hare, Lárionad Teicneolaíochtaí Braiteora Gréasáin (Clarity), MiocreaMhúnlú: I dtreo uathoibriú gabháil imeachtaí spóirt ar cháilíocht chraolta
- An Dr Kenneth O'Halloran, Scoil an Leighis agus Eolaíocht an Leighis UCD, Oiriúnú Hypoxic i matán riospráide
- An tOllamh Mark O'Malley, Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD, Bainistiú taighde straitéiseach do thionscnaimh ERC
- An tOllamh Donal O'Shea, Scoil na Ceimice agus na Ceimbhitheolaíochta UCD, Sraith cruinnithe déthaobhacha an tSín/Éire ar cheimic shintéiseach nua-aimseartha

## Príomh-Mhéadrachtaí Taighde agus Táscairí Feidhmíochta

**Foilseacháin Phiarmheasúnaithe**

Is é 1,688 líon na bhfoilseachán piarmheasúnaithe ó thaighdeoirí de chuid UCD i *Web of Science* le linn 2009, nó meán 1.62 foilseachán in aghaidh an duine den fhoireann acadúil (áirítear ar bhaill foirne daoine atá buan, buan páirt-aimseartha agus conarthaí sealadacha ar mó na trí bliana iad).

**Líon na bhFoilseachán sna hIonaid is Airde**

Mhéadaigh líon na bhfoilseachán ó thaighdeoirí de chuid UCD faoi cheathair idir 2004 agus 2009, i gcuid de na hirisí piarmheasúnaithe is mó tionchair.

Don bhliain féilire 2009 sheachaid taighdeoirí UCD an líon is mó foilseachán acadúil (825 as 4,057) d'aon Institiúid Ardoideachais Éireannach (HEI) ag éirí as cláir maoinithe ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann (SFI) (foinse Daonáireamh SFI 2009).

**Céatadán den Fhoireann atá Gníomhach i mbun Taighde**

I 2009/10, bhí 80.6% d'fhoireann acadúil UCD gníomhach i mbun taighde. Sainmhínítear foireann acadúil mar ghníomhach i mbun taighde nuair a bhíonn deontas gníomhach acu (agus dáta deiridh tar éis 30 Meitheamh 2010), nó atá ag déanamh maoirseachta ar mhac léinn PhD (sa bhliain acadúil reatha), nó iad siúd a raibh foilseachán acu le dhá bhliain anuas (ó Mheitheamh 2008 go Meiheamh 2010).

**Dámhachtainí Seachtracha Piarmheasúnaithe Iomaíocha**

Le linn 2009, bhronn SFI 23% dá ndeontais taighde iomlána, ó thaobh toirt de, ar UCD. Bronnadh an méid is mó de mhaoiniú SFI ar UCD freisin – 23% d'iomlán €171 milliún, agus is aige atá an líon is mó deontais SFI: 198 as 822 (foinse: Tuarascáil agus Cuntais Bhliantúla SFI 2009).

In Iúil 2010, d'fhógair an tÚdarás um Ard-Oideachais (HEA) torthaí PRTLI Cycle 5. Bronnadh €78.99 milliún ar UCD, ar ionann é agus 22% den mhaoiniú iomlán a bronnadh ar gach ollscoil agus institiúid teicneolaíochta.

**Tábla 2: Íocaíochtaí SFI 2009 agus líon Dámhachtainí de réir Institiúide**

| Institiúid | milliún | Líon Deontas |
|---|---|---|
| An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath | 39.8 | 57 |
| Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath | 37.8 | 55 |
| Coláiste na hOllscoile, Corcaigh | 20.8 | 27 |
| Ollscoil na hÉireann, Gaillimh | 18.9 | 30 |
| Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath | 16.8 | 19 |
| Institiúid Náisiúnta Tyndall | 12.2 | 15 |
| Ollscoil Luimnigh | 8.4 | 8 |
| Ollscoil na hÉireann Má Nuad | 8.1 | 13 |
| RCSI | 3.6 | 10 |
| Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath | 1.8 | 4 |
| Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge | 1.1 | 3 |
| Eile | 2.0 | 10 |
| **Iomlán** | **171.3** | **251** |

# Mórthéamaí Taighde – Domhanelaíochtaí, Fuinneamh agus an Comhshaol

Tá UCD tar éis móracmhainn a fhorbairt i dtaighde ar fhuinneamh agus ar an gcomhshaol, ag tarraingt ar dhisciplíní láidre in agraibhia, i mbitheolaíocht, i gceimic, in innealtóireacht, i ngeolaíocht agus i bhfisic. Tá an mórthéama taighde seo bunaithe ar acmhainn UCD réitigh a aimsiú ar phríomhdhúshláin fuinnimh agus comhshaoil i gcomhar le gníomhaíochtaí náisiúnta agus compháirtithe tionscail. Faoin téama seo ar mhór-réimsí fócais don taighde, áiríodh athrú aeráide, fuinneamh in-athnuaite, bithchórais, córais uirbeacha agus nuálaíocht fuinnimh. Tá cur síos thíos ar chuid de na mórchláir agus na príomhghnóthachtála le linn 2009/10.

## Institiúid Domhaneolaíochtaí UCD (ESI)

**www.ucd.ie/earth**

Is lárionad taighde fuinnimh agus comhshaoil í Institiúid Domhaneolaíochta UCD, freagairt na hÉireann ar athrú aeráide agus ar an ngéarchéim fuinnimh domhanda á treorú aici, rud a fhágann Éire ina mol nuálaíoch do theicneolaíochtaí glasa.

- D'éirigh le ESI maoiniú a fháil faoi PRTLI 5 mar chuid de Lárionad Eolaíochta UCD, a chuirfidh saoráidí a tógfar le sainchuspóir ar fáil do chláir thaighde agus oideachais.
- Bronnadh maoiniú faoi PRTLI 5 do Chlár PhD ESI in *Earth and Natural Sciences*. Nascfaidh an clár raon leathan de dhisciplíní agus de shaineolas cuí ó UCD agus a institiúidí comhpháirtíochta. Déanfar mic léinn a chlárú freisin san *Acadamh Nuálaíochta*.
- Chuir ESI sraith seimineár seachtainiúil ar siúl, *Transforming Ireland - mobilising innovation to meet energy and climate change obligations and sustainable economic development*. Dhírigh an tsraith ar nuálaíocht a úsáid chun an dúshlán a iompú ina dheis. Chun na críche sin tugadh príomhcheannairí ó na pobail fiontraíochta, beartais agus taighde le chéile chun díriú ar shaincheisteana fuinnimh agus comhshaoil ar leith.
- Bhí an Dr Emma Teeling, Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD, i gceannas ar rannpháirtíocht na hÉireann i dtionscadal idirnáisiúnta uathúil chun seichimh DNA 10,000 speiceas veirteabrach a mhapáil. Tá an *Genome 10K Project* ar an staidéar is uaillmhianaigh ar éabhlóidiú ainmhí ar triaileadh ariamh agus tiocfaidh cruthú 'zú géanóim' dá bharr.
- Lean taighde peitriliam ina réimse tábhachtach i gcónaí do UCD, agus bunaíodh an Tullow Oil Research Cluster agus QUAFF (cuibhreannas taighde de ocht gcinn de na mórchuideachtaí peitriliam). Tógadh an rathúlacht seo ar bhonn láidir rannpháirtiochta tionsclaíoch idir an earnáil pheitriliam, an Grúpa Anailíse Lochta agus an Grúpa Taighde Geolaíochta Peitriliam agus Mara i Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD.

## Lárionad Taighde Leictreachais (ERC)

**www.erc.ucd.ie**

Is comhoibriú é an Lárionad Taighde Leictreachais le mórpháirtithe i dtionscal an leictreachais, dírithe ar aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna taighde feidhmeacha agus bunúsacha a chuireann taca faoi fhorbairt chóras fuinnimh leictrigh inbhuanaithe. Cuimsíonn an ERC 13 Comhalta Tionscail (amhail Lúnasa 2010) agus tá sé á reáchtáil ag Bord Tionscail faoi chathaoirleacht an Uasal Michael Tutty, an Rialtóir Fuinnimh.

- I 2009/10 bhí ceithre dhual taighde laistigh den ERC: *Córais* (á threorú ag an Ollamh Mark O'Malley); *Oibríochtaí* (á threorú ag an Dr Damian Flynn); agus *Líonraí* (á threorú ag an Dr Andrew Keane), iad go léir mar chuid de Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD. Bhí an ceathrú dual *Eacnamaíocht* á threorú ag an Dr Eleanor Denny, TCD.
- Thug na cláir seo a leanas de chuid SFI maoiniú do ERC: Dámhachtain Taighde Fuinnimh Charles Parsons, Príomhthaighdeoir, Stokes, TIDA agus Clár Teorainn Taighde. Ar mhórfhoinsí eile maoinithe bhí Comhaltaí Tionscail, an Coimisiún Eorpach, IRCSET, Teagasc, Institiúid Taighde Cumhacht Leictrigh, Líonraí ESB agus HEA PRTLI.
- Le linn 2009/10, d'fhorbair agus chomhordaigh an ERC an moladh Sustainable Electrical Energy Systems Cluster. Thug an moladh seo do SFI ceithre institiúid le chéile (UCD, ESRI, UL agus NUI Maigh Nuad), 19 comhoibrí agus 25 comhpháirtithe tionscail. Reáchtáladh an chuairt ar an suíomh ag deireadh Lúnasa 2010, agus tá SFI leis an gcinneadh deiridh a dhéanamh.
- Bhí an ERC ina óstach ar roinnt imeachtaí le linn 2009/10, lena n-áirítear: seimineár ar Shaincheisteanna Beartais Fuinnimh d'Éirinn (Deireadh Fómhair 2009) agus cruinniú cuibhreannais *Anemos.plus* tionscadal AE (Meitheamh 2010).

## Cnuasthaigde Tiontú Grianfhuinnimh UCD (SEC)

**www.seccluster.ie**

Forbraíonn Cnuasthaighde Tiontú Grianfhuinnimh UCD ábhair nua agus sintéisíonn goiris a dhéanann aithris ar na céimeanna atá i gceist i bhfótaisintéis nádúrtha.

- D'éirigh le comhaltaí SEC maoiniú sa bhreis ar €1.44 milliún a bhaint amach. Áiríodh air seo maoiniú FP7 AE don chuibhreannas *SMARTOP* á threorú ag Fiat, chun painéil gréine a fhorbairt ar féidir a ionchorprú ar dhromchla díon cairr. Ar dhámhachtainí eile áirítear Marie Curie, IRCSET Enterprise, Inspire Iardhochtúrachta agus dámhachtainí PhD, agus Clár Teorainn Taighde SFI.
- Ar 22 foilseachán a ndearnadh piar-athbhreithniú orthu, roghnaíodh ceann mar ghné an chlúdaigh d'eagrán fómhair 2010 den iris *Physical Chemistry Chemical Physics*.
- Chláraigh comhaltaí SEC dhá chomhdú paitinne i ndearadh grianchealla agus i stóráil hidrigine, agus

bhí ceithre nochtadh aireagán acu i bhfeidhmeanna griantheicneolaíochta.

### Grúpa Taighde Bithfhoinsí UCD (BRC)

**www.ucd.ie/bioresources**

Tá Grúpa Taighde Bithfhoinsí UCD tógtha ar bhonn láidir UCD i dtaighde bithfhuinnimh agus tá innealtóireacht bhitheolaíoch á forbairt aige do bhainistiú comhshaoil mar thaca le straitéis gheilleagair chliste ghlais Rialtas na hÉireann.

- Roghnaíodh BRC UCD leis an gcomhdháil *European Sustainable Energy Innovation Alliance 2012* a óstáil i gcomhthráth le *Dublin City of Science 2012*.
- Is comhpháirtí é Stiúrthóir BRC UCD, an tOllamh Nicholas Holden, sa chuibhreannas FP7 AE, *AQUA*. Tharraing sé seo na forbairtí is deireanaí i mbitheolaíocht mhóilíneach agus i dteicneolaíocht chumarsáide le chéile chun braiteoirí cáilíocht uisce a fhorbairt le dáileadh ar fud na hEorpa.
- Bronnadh an Douglas Bomford Trust Paper Award 2010 ar na hOllúna Shane Ward agus Nicholas Holden, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD, mar aon leis an iar-mhac léinn PhD Gashaw Ayalew, ar pháipéirí a foilsíodh i *Biosystems Engineering*.
- Bhain athbhreithniú ar theicneolaíochtaí do tháirgeadh, próiseáil agus eastarraingt bithbhreoslaí agus comhábhair, leis an Dr Philip Owende, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD, agus leis an mac léinn PHD Liam Brennan, rangú uimhir a dó amach san *Top 25 Hottest Energy Peer Review Articles* de chuid Elsevier. Foilsíodh é in *Renewable and Sustainable Energy Reviews* ar cheann de na hirisí taighde fuinnimh is mó le rá é.

## Mór-Théamaí Taighde - Global Ireland

Is é is aidhm do théama taighde Global Ireland ná claochlú a dhéanamh ar an staidéar a dhéantar ar Éirinn agus ar mhuintir na hÉireann ar fud an domhain. Trí leas a bhaint as cumas ilchineálach seanbhunaithe na hÉireann i dtaca leis an sruithléann agus leis na heolaíochtaí sóisialta, is é is aidhm do théama Global in UCD ná mór-chláir thaighde a bhunú thar réimse leathan ábhar fiosrúcháin ina n-áirítear an tseandálaíocht agus na heolaíochtaí iompraíochta sóisialta. Tugtar achoimre anseo thíos ar chláir Global Ireland agus ar na príomhthorthaí a baineadh amach le linn na bliana 2009/10.

### Institiúid Geary UCD

**www.ucd.ie/geary**

Seolann UCD Geary Institute taighde ceannródaíochta ar shaincheisteanna a bhaineann le saolré daoine agus ar an tslí ina bhfearann beartas poiblí ar thorthaí eacnamaíochta, sóisialta agus polaitíochta.

- Choimeád Institiúid Geary UCD a aicmiú domhanda i measc an chéad 5% i réimse na heacnamaíochta, arna thomhas ag Páipéir Thaighde san Eacnamaíocht (RePEc). Ina theannta sin, bhí Geary sa 9ú háit (as 124) sa domhan sa chatagóir nua-bhunaithe dá ngairtear "meitheal smaointe".
- Bhí an Institiúid ina hóstach i gcomhair siompóisiam dar teideal *Behavioural Economics, Policy and Business* agus ar éirigh go han-mhaith leis in Institiúid na mBaincéirí i mBealtaine May 2010. Bhí ionadaithe ó na hearnálacha beartais, gnó agus airgeadais i láthair ag an siompóisiam sin.
- Fuarthas maoiniú €3 mhilliún faoi Thimthriall 5 PRTLI chun bheith mar óstach i gcomhair chlár an PhD Struchtúrtha san Eacnamaíocht agus san Eolaíocht Pholaitiúil, i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD). Rinne *EconPol* oiliúint taighde agus dochtúireachta UCD agus TCD (i ndisciplíní lárnacha na hEacnamaíochta agus na hEolaíochta Polaitiúla) a chomhdhlúthú le fócas beartais na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) chun clár PhD taighde idirnáisiúnta a chruthú.

### Institiúid Daonnachtaí na hÉireann UCD (HII)

**www.ucd.ie/hii**

Fónann Institiúid Daonnachtaí na hÉireann UCD mar ardán eiseamláireach cruthaitheachta le haghaidh taighde agus díospóireachta idirdhisciplín sna daonnachtaí agus sna heolaíochtaí araon laistigh den ollscoil agus ar bhonn náisiúnta.

- Le linn na tréimhse atá i gceist d'fhoilsigh Preas UCD (www.ucdpress.ie), ar comhchuid den HII é, 10 dteideal nua, lena n-áirítear *The Irish Sweep*, saothar nuálach le Marie Coleman, agus *Gaelic Games, Nationalism and the Irish Diaspora in the United States*, le Paul Darby.
- Chuir Leabharlann agus Cartlann Fhíorúil na hÉireann um Thaighde (www.ucd.ie/ivrla), ar comhchuid den HII é freisin, a chéad chéim i gcrích ar an 31 Nollaig 2009. Faoin dáta sin, bhíothas tar éis 35 bhailiúchán lárnacha (ó ábhar bunaidh i seilbh UCD) agus 16 bhailiúchán taighde a dhigitiú agus a chatalógú.

### Institiúid John Hume UCD don Léann Domhanda Éireannach

**www.ucd.ie/johnhume**

Is é atá i misean na hInstitiúide ná dul i dteagmháil leis an bpobal domhanda Éireannach agus nasc a bhunú idir na daoine sa phobal sin agus forbairt a dhéanamh air le go mbeidh sé ina ghréasán gníomhach sóisialta atá comhdhéanta de shaoránaigh dhomhanda, chomh maith le dul i ngleic leis an am atá caite, leis an am i láthair agus leis an am atá le teacht i dtaca le hÉirinn agus i dtaca le hÉireannaigh.

- Bhí an *3rd Irish Diaspora Forum* ann i mí na Samhna 2009, ag An gCumann Ríoga, Londain.
- Ina theannta sin, bhí an Institiúid ina hóstach i gcomhair roinnt siompóisiamaí, lena n-áirítear *Hiberno-English* (Márta 2010) agus *Irish Women and the Diaspora* (Meitheamh 2010).
- Rinneadh triúr mac léinn PhD breise agus ceathrar ánraí Iardhochtúireachta a earcú chun na hInstitiúide, rud a fhágann gurb é atá sa líon iomlán ná ochtar Ánraí Iardhochtúireachta agus 13 mhac léinn PhD. Tá mionsonraí faoi thionscadail taighde na mac léinn ar fáil ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide.

# Mór-Théamaí Taighde – Sláinte agus Soláthar Cúraim Sláinte

Faoi mhór-théama taighde dar teideal Sláinte agus Soláthar Cúraim Sláinte, tá UCD sa riocht uathúil gur féidir leis cur leis an tuiscint bhunúsach ar mheicníochtaí galar agus torthaí a chuid taighde a úsáid ar mhaithe le leasanna na sochaí agus an gheilleagair. Leagtar béim ar na mór-dhúshláin atá ann don tsláinte, ar bhonn náisiúnta agus ar bhonn idirnáisiúnta, amhail diaibéiteas, ionfhabhtú, galar craicinn agus bitheolaíocht atáirgthe agus, chomh maith leis sin, díríonn taighde UCD faoin téama seo ar réitigh a sholáthar trína gcumasaítear folláine agus maireachtáil neamhspleách. I dteannta struchtúir chomhtháite trasdisciplín laistigh de UCD trína spreagtar comhoibriú, tá UCD tar éis naisc láidre aistritheacha taighde a chruthú trína chuid ospidéal múinteoireachta comhlachaithe agus tríd an gcomhghuaillíocht straitéiseach le Molecular Medicine Ireland. Tugtar achoimre anseo thíos ar na cláir agus ar na príomhthorthaí a baineadh amach sa bhliain 2009/10.

## Institiúid Mhic Con Mí an Taighde Bhithmhóilínigh agus Bhithleighis, UCD

**www.ucd.ie/conway**

Is é atá in Institiúid Mhic Con Mí ná pobal taighdeoirí bithleighis a dhéanann scrúdú ar bhitheolaíocht na gceall agus na gcóras agus iad ar lorg réiteach cruthaitheach ar ghalair dhaonna.

- Ceapadh an tOllamh Walter Kolch mar Stiúrthóir ar Institiúid Mhic Con Mí, UCD; Is é an tOllamh Kolch Stiúrthóir Bitheolaíocht Córas Éireann freisin (www.ucd.ie/sbi).
- Bhí taighdeoirí de chuid Institiúid Mhic Con Mí, UCD i gceannas ar thrí mhór-thionscadal taighde EU FP7: bhí an tOllamh Liam Gallagher, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis, i gceannas ar thionscadal ar tugadh €6 mhilliún ina leith chun imscrúdú a dhéanamh i dtaobh cineálacha ailse cíche ar ina leith atá sé deacair cóireáil a dhéanamh; dámhadh €12 mhilliún ar an Ollamh Walter Kolch chun scrúdú a dhéanamh ar chlaochluithe géiniteacha as a leanann forbairt ceall ailse; agus dámhadh €11 mhilliún ar Syscilia, tionscadal taighde chomhoibrithigh ina raibh páirt ag Ánra de chuid Institiúid Mhic Con Mí, UCD agus faighteoir ghradam SFI PIYRA, is é sin le rá, an Dr Oliver Blacque, Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD.
- Rinneadh páipéar a bhí dírithe ar ghalar agus a scríobh beirt eolaithe de chuid UCD i gcomhar lena chéile, is é sin le rá, an tOllamh Ciarán Regan agus an tOllamh Dominic Walsh, ar comhaltaí de Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD iad araon, a ainmniú mar an páipéar ab fhearr in *Nature Medicine*, de réir Thompson Reuters i Meán Fómhair 2010.
- Tháinig taighdeoir iardhochtúireachta de chuid Institiúid Mhic Con Mí, UCD, an Dr Donal Brennan, as Scoil na hEolaíochta Bithmhóilínigh agus an Bithleighis UCD, chun bheith ina chéad fhaighteoir Éireannach i gcás Gradam *Eorpach do Thaighdeoirí Óga* ag Fóram Oscailte Eolaíochta na hEorpa 2010 (ESOF).

## Institiúid Bia agus Sláinte UCD

**www.ucd.ie/foodandhealth**

In Institiúid Bia agus Sláinte UCD, tarraingítear le chéile na sraitheanna uile den taithí leathan atá ar fáil in UCD chun mais chriticiúil a bhaint amach i dtaca le taighde ceannródaíochta bia agus sláinte.

- Tá an tOllamh Mike Gibney, Stiúrthóir na hInstitiúide, agus an Dr Eileen Gibney, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD, ina gcomhordaitheoirí ar ghradam EU FP7 *Food4Me - Personalised nutrition: an integrated analysis of opportunities and challenges*, lenar ghabh luach €9 milliún (luach €1.1 milliún do UCD).
- Tá an tOllamh Patrick Wall agus an Dr Aine McConnon, as Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD, ina gcomhordaitheoirí ar ghradam EU FP7 *FoodRisc – Food risk communication,* lenar ghabh luach €3.8 milliún (luach €723,856 do UCD).

## Institiúid Charles

**www.ucd.ie/charlesinstitute**

Ba é Institiúid Charles an chéad institiúid acadúil de chuid na hÉireann a bhí tiomnaithe do thaighde agus d'oiliúint maidir le deirmeolaíocht.

- Le linn shraith seimineár Institiúid Charles, tugadh na príomhshaineolaithe idirnáisiúnta le chéile chun labhairt faoin dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le deirmeolaíocht.
- Cuireadh tús le tógáil fhoirgneamh nua Institiúid Charles i mí na Samhna 2009; tá an tógáil le críochnú ag deireadh na bliana 2010.
- Tháinig Bord Comhairleach Idirnáisiúnta Charles le chéile i bhFeabhra 2010 i gcomhthráth le léacht phoiblí a thug an Dr David Fisher, Ceann na Roinne Deirmeolaíochta in Ospidéal Ginearálta Massachusetts, Scoil Leighis Harvard, ar léacht í inar díríodh ar an eolaíocht agus ar na rioscaí a bhaineann le radaíocht UV agus leis an gcraiceann.

## Bitheolaíocht Córas Éireann (SBI)

**www.ucd.ie/sbi**

Tarraingíonn Bitheolaíocht Córas Éireann saineolaithe le chéile agus dírítear go príomha ar na gréasáin chomharthaíochta trína ndéantar cinntí cinniúna agus trína rialaítear feidhm fhoirmithe ceall agus is é is aidhm dó sin ná gaschealla a úsáid i mbiteiripeolaíocht.

- Bhí taighdeoirí SBI i gceannas ar iarratas rathúil ar ghradam EU FP7 HEALTH lenar ghabh luach €15 mhilliún (luach €2 mhilliún do SBI).
- Síníodh Meabhráin Tuisceana le hOllscoil Thomas Jefferson sna Stáit Aontaithe, le RIKEN sa tSeapáin, agus le hIonad Mhanchain do Bhitheolaíocht Chóras Cómhtháiteach in Ollscoil Mhanchain sa Ríocht Aontaithe.


1


2


3



4



5

1. Buaiteoir Chomórtas Íomhánna Taighde UCD 2010, léiríonn *In her best diamonds*, bean ón lucht siúil, a fhulaingíonn mar gheall ar idirdhealú in ainneoin na n-iarrachtaí a rinne sí gléasadh suas agus a bheith cosúil le gach duine eile. Chruthaigh An Dr Noor Aman Hamid, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra, an íomha a tógadh mar chuid den Staidéar Uile-Éireann ar Shláinte an Lucht Siúil.

2. Sa dara háit sa Chomórtas Íomhánna Taighde UCD 2010, léiríonn *Reaching for heaven*, crann insínte a síníonn thar cheannbhrat foraois óg fuinseoige ar a bhfuil uirlisí meitéareolaíochta agus samplála aeir. Chruthaigh An Dr Brian Tobin, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD, an íomhá atá mar chuid den tionscadal taighde CARBiFOR.

3. Ag *Euroscience 2010*, Bronnadh Gradam Taighdeora Óig na hEorpa ar An Dr Donal Brennan, comhalta taighde iardhochtúireachta ag Institiúid Mhic Con Mí, mar aitheantas ar shárobair sna céimeanna luath dá shlí bheatha mar eolaí. Is é seo an chéad uair a bhuaigh taighdeoir as Éirinn an gradam

4. Ag seoladh Systems Biology Ireland, bhí (c-d) An tOllamh Frank Gannon, Stiúrthóir Ginearála Fondúireacht Eolaíochta Éireann, An tUasal Conor Lenihan TD, an tAire Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta; agus an tOllamh Walter Kolch, Stiúthóir Systems Biology Ireland

5. Ag seoladh an Ionaid Náisiúnta Taighde um Chosaint Daoine Scothaosta (NCPOP), ag Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath; bhí an tAire Sláinte agus Leanaí, Mary Harney TD (sa lár ar thaobh na láimhe deise) agus comhaltaí na scoileanna a bhí rannpháirteach ann

6. Bronnadh an triú háit i gComórtas Íomhánna Taighde UCD ar Concrete Chrysalis a chruthaigh Connell Vaughan, Scoil na Fealsúnachta UCD. Agus taighde á dhéanamh ar Múrmhaisiúcháin i Luimneach, thuirling an féileácán seo ar an múrmhaisiúchán

7. Bhronn UCD céim oinigh ar Phríomhchomhairleoir Eolaíochta an Rialtais i Nollaig 2009. Ag an searmanas bronnta bhí (c-d): An tOllamh Maurice Boland, Príomhoide Choláiste na nEolaíochtaí Beatha UCD; An tOllamh Patrick Cunningham, Phríomhchomhairleoir Eolaíochta an Rialtais; agus Uachtarán UCD, An Dr Hugh Brady


6


7

## Líonra Seachadta Drugaí Éireann (IDDN)
**www.ucd.ie/iddn**

Déanann Líonra Seachadta Drugaí Éireann na trí scoil chógaisíochta in Éirinn, UCD, Genzyme Ireland, Sigmoid Pharma agus Aerogen PLC le chéile chun ionad sármhaitheasa a sholáthar le haghaidh taighde i ndáil le seachadadh drugaí.

- I mí Aibreáin 2010, d'fháiltigh IDDN roimh chomhpháirtí nua, is é sin, Aerogen ar cuideachta é a dhéanann speisialtóireacht i bhfeistí a bhaineann le seachadadh scamhógach.
- Le tacaíocht ó Shíolmhaoiniú UCD, sheol IDDN comhdháil dar teideal *2nd Annual Irish Drug Delivery* trínar tugadh scothchainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta le chéile as réimsí tionsclaíochta agus acadúla; d'fhreastail 80 toscaire AE ar an gcomhdháil sin.

## An tIonad d'Idirghníomhú BithNainea (CBNI)
**www.cbni.eu**

Is é atá san Ionad d'Idirghníomhú BithNainea ná Ardán Náisiúnta na hÉireann le haghaidh eolaíochta Idirghníomhaíochta BithNainea de réir mar a chuirtear i bhfeidhm í i réimsí na nanashábháilteachta, na nanaibhitheolaíochta agus na nanaimhíochaine. Tá sé de chumas ag an naineolaíocht cuid mhór gnéithe den tsochaí dhaonna a chlaochlú agus tá sé de chumas aici dul chun tairbhe do chuid mhór gnéithe den tsochaí dhaonna, go háirithe i réimsí na teicneolaíochta Faisnéise agus an leighis.

- Rinne INSPIRE, arb é sraith BhithNainea de Thimthriall 4 PRTLI é (faoi chathaoirleacht CBNI) Comhdháil Idirnáisiúnta a eagrú dar teideal *BioNano: Inspiring Responsible Development for Society and the Environment* agus a seoladh i gcomhar le seachtain Nuálaíochta Bhaile Átha Cliath.
- Rinne CBNI comhordú i dtaca le gradam EU FP7, is é sin, *Research Infrastructure for NanoSafety Assessment (QNano)*, a gcuirfear tús leis sa bhliain 2010 agus a mhairfidh ceithre bliana; is é is aidhm don ghradam seo ná comhtháthú agus forbairt a dhéanamh maidir le bonneagar anailíseach le haghaidh nanashábháilteacht ar fud na hEorpa.

## Taighde Teicneolaíochta do Mhaireachtáil Neamhspleách (TRIL)
**www.trilcentre.org**

Is é atá san Ionad Taighde Teicneolaíochta do Mhaireachtáil Neamhspleách ná Tionscnamh comhpháirteach idir an earnáil tionscail agus an earnáil acadúil trína ndéantar scrúdú ar na hiarmhairtí fisiciúla, cognaíocha agus sóisialta atá ag gabháil le dul in aois agus trína ndéantar réitigh theicneolaíochta a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar na hiarmhairtí sin.

- I mí Dheireadh Fómhair 2009, ceapadh an Dr Brian Caulfield, Scoil na Sláinte Poiblí, Fisiteiripe agus Eolaíocht an Daonra UCD, mar Stiúrthóir Acadúil nua TRIL.
- Rinneadh Leagan 2.0 de *BioMOBIUS™ Research Platform* TRIL a eisiúint i Lúnasa 2009 (www.biomobius.trilcentre.org).
- I mí Aibreáin, d'fhógair TRIL go raibh maoinitheoir agus comhpháirtí nua aige, is é sin, GE Healthcare, a bhfuil infheistíocht $3 mhilliún á dhéanamh aige sa bhliain 2010.

## Ionad Taighde Chliniciúil UCD (CRC)
**www.ucd.ie/crc**

Féachann an tIonad Taighde Chliniciúil le bealaí a aimsiú chun feabhas a chur ar chúram liachta agus le cóireálacha nua a bhunú trína gcuirfear feabhas ar an gcaighdeán maireachtála atá ag othair a bhfuil tinnis ainsealacha orthu.

- Ón mbliain 2006 i leith, d'éirigh leis an CRC maoiniú €11.2 a fháil. Fuarthas 60% den mhaoiniú sin ó ghníomhaireachtaí maoiniúcháin Éireannacha agus Eorpacha, lena n-áirítear SFI, HRB, IRCHSS agus EU FP7. Fuarthas an chuid eile ó fhondúireachtaí carthanacha lena n-áirítear Wellcome Trust, Irish Heart Foundation agus an Irish Cancer Society.
- Le linn na bliana seo caite, rinne an CRC 6,000 cuairt nua taighde othair, ar an meán.
- Tá obair ar siúl i gcónaí chun comhaontú a thabhairt i gcrích le Abbott Laboratories ar comhaontú é trína mbunófar an chéad saotharlann acadúil/thionsclaíoch bithmharcála. Fuarthas maoiniú €600K don chéad dá bhliain den chomhaontú cúig bliana seo.

## Leigheas Móilíneach Éireann (MMI)
**www.molecularmedicineireland.ie**

Is é atá i Leigheas Móilíneach Éireann ná comhpháirtíocht idir UCD, UCC, OÉ na Gaillimhe, TCD agus Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn chun comhordú a dhéanamh ar a gcuid gníomhaíochtaí taighde liachta, idir aistritheach agus cliniciúil, arb é is aidhm fhoriomlán dó ná eolas nua a ghiniúint faoi chúrsa galar daonna, rud a bhféadfadh forbairt diagnóisic agus teiripí nua leanúint as.

- I gcomhar le hIonad Taighde Chliniciúil UCD (www.ucd.ie/crc), d'fhoilsigh *MMI Guidelines for Standardised Biobanking*, a ndearnadh piara-athbhreithniú idirnáisiúnta orthu.
- I Meitheamh 2010, rinne an tAire Sláinte agus Leanaí, Máire Ní Airne, TD, *Clinical Research Roadmap* an Líonra Infrastruchtúir Taighde Cliniciúil na hÉireann (ICRIN) a lainseáil I gColáiste Ríoga na Máinleá in Éirinn. Is é atá sa léarscáil bhóthair sin ná rannchuidiú ICRIN le cur chun feidhme *Phlean Gníomhaíochta an Rialtais* i leith Taighde Sláinte.

## An Institiúid Náisiúnta le haghaidh Taighde agus Oiliúint Bithphróiseála (NIBRT)
**www.nibrt.ie**

Soláthraíonn an Institiúid Náisiúnta le haghaidh Taighde agus Oiliúint Bithphróiseála réitigh oiliúna agus taighde don tionscal bithphróiseála, agus déantar amhlaidh ar bhonn comhoibrithe nuálaigh idir UCD, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Institiúid Teicneolaíochta Shligigh.

- Ceapadh an tUas Joe Harford mar Chathaoirleach. D'fhóin sé ar feadh 20 bliain mar Uachtarán agus mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar Astellas Pharmaceuticals Ireland agus d'fhóin sé freisin mar Chathaoirleach agus mar Uachtarán ar an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta Institute (ESRI); faoi láthair, tá sé ina Chathaoirleach ar thascfhórsa an Rialtais maidir leis an nGeilleagar Glas.
- Tháinig NIBRT agus Lucht Riaracháin Bia agus Drugaí na Stat Aontaithe (FDA) chun comhoibriú lena chéile i dtaca le taighde a raibh comhalta de chuid NIBRT páirteach ann, is é sin, an tOllamh Pauline Rudd a bhfuil clú domhanda uirthi i réimse na glicibhitheolaíochta agus a oibríonn i saoráidí taighde NIBRT i mBaile Átha Cliath.
- Tá tógáil ar siúl ar champas UCD chun raon saoráidí a sholáthar do NIBRT le haghaidh an lucht acadúil agus an lucht tionscail, lena n-áirítear oiliúint, béite-thástáil agus teicneolaíochtaí agus táirgí nua a chur ar taispeáint.

# Mór-Théamaí Taighde – Faisnéis, Ríomhaireacht agus Cumarsáid

Tá sé aitheanta go bhfuil tábhacht straitéiseach ag réimse na Faisnéise, na Ríomhaireachta agus an Chumarsáid a mhéid a bhaineann le huaillmhian na hÉireann maidir le sochaí eolais a chruthú. I gcás láidreachtaí uile UCD i réimsí leathana taighde amhail eolaíochtaí beatha, eacnamaíocht, eolaíochtaí sóisialta, aeráid agus múnlú timpeallachta, tá gá le tuiscint dhomhain ar na gaolmhaireachtaí agus na dinimicí faisnéisiúla a bhaintear amach trí airíona ríomhaireachta atá mar bhonn leis na córais iad féin. Laistigh de UCD, feidhmíonn an mór-théama taighde seo mar dhúshraith le haghaidh na gclár comhoibritheacha uathúla seo a leanas:

## CLARITY – Ionad na dTeicneolaíochtaí Braiteora Gréasáin

www.clarity-centre.org

Díríonn CLARITY ar an idirnaisc idir brath oiriúnaitheach agus fionnachtain faisnéise, chun forbairt a dhéanamh ar teicneolaíochtaí nua nuálacha agus chun rannchuidiú le feabhas a chur ar chaighdeán beatha daoine i réimsí amhail sláinte phearsanta, ar mheáin dhigiteacha agus ar bhainistiú na timpeallachta.

- Fuair CLARITY maoiniú le haghaidh 10 dtionscadal AE lenar ghabh ioncam díreach iomlán €4 mhilliún.
- De bharr dhá chomhpháirtí nua tráchtála a bheith ann, is iad sin, Disney Research agus Episensor, tá sé chomhpháirtí tionscail ag CLARITY anois. San iomlán, thug na comhpháirtithe sin €3 mhilliún den mhaoiniú tosaigh €11.8 a fuarthas ó SFI. Tríd an infheistíocht sin a fháil, fuair CLARITY maoiniú breise €9.4 milliún ó na foinsí seo a leanas: comhoibriú tionscail (€1.5 milliún), 10 dtionscadal rathúla AE (€2.9 milliún), agus dámhachtainí náisiúnta eile maoiniúcháin (€5 mhilliún ó Fhiontraíocht Éireann, ó IRCSET agus ó EPA), rud a d'fhág gurbh é a bhí i maoiniú iomlán an Ionaid ná suim os cionn €24 mhilliún.
- I rith na bliana, chuir CLARITY tús le tionscnamh mór-chomhoibrithe nua taighde le Disney Research agus le ESPN, ar tionscnamh é a ndearadh tuairisciú suntasach air sna nuachtáin. Mar chuid den tionscadal seo, táthar tar éis páirc imeartha hacaí UCD a threalmhú le túir fhaireacháin agus le córais rianaithe ceamara den chineál is nua-aimseartha ar fad.

## Saotharlann UCD do Chórais Chasta agus Oiriúnaitheacha (CASL)

www.casl.ucd.ie

Is é atá i Saotharlann UCD do Chórais Chasta agus Oiriúnaitheacha ná pobal dinimiciúil ildisciplín taighde a chuireann eolas eolaíochta chun cinn trí Mhatamaitic agus trí ríomhaireacht, trí na gnáthbhallaí idirdhisciplín a chuireann bac ar thaighde ceannródaíochta cruthaitheach a leagan trí eolaithe ríomhaireachta, matamaiticeoirí, innealtóirí leictreonacha, geolaithe, bitheolaithe agus acadóirí airgeadais a thabhairt le chéile sa spás céanna.

- Rinneadh an tOllamh Scott Rickard a cheapadh go foirmiúil mar Stiúrthóir CASL i mí na Nollag 2009, agus rinneadh CASL a dhaingniú go hoifigiúil mar mhór-Institiúid taighde in UCD i Meitheamh 2010.
- Comhdhlúthaigh CASL a sheacht mbraisle thaighde i gceithre bhraisle nua a sholáthróidh ardán chun comhoibriú amach anseo a shainaithint agus a chatalú. Is iad seo a leanas na braislí nua: Ríomhaireacht agus Optamú Nádúrtha; Gréasáin agus Anailísiú Sonraí; Eolaíocht Ionsamhlaithe agus Ócáidí Foircneacha; agus Slándáil agus Iontaoibh.
- D'éirigh le CASL PIs, in éineacht le Scoileanna UCD Eolaíochtaí Matamaiticiúla, Eolaíochta Ríomhaireachta agus Faisnéisíochta, Gnó, Socheolaíochta agus Chórais Bhitheolaíochta Éireann, os cionn €4 mhilliún a fháil ó Thimthriall 5 PRTLI le haghaidh a gclár PhD.

## Clique – An Bhraisle Anailísithe Graif agus Líonra

www.cliquecluster.org

Tabharfaidh taighde Clique aghaidh ar fhorbairt teicníochtaí ríomhaireachta i ndáil le hanailísiú agus léirshamhlú sonraí gréasáin – is é sin le rá, sonraí ar bhailiúcháin eintiteas agus na naisc atá eatarthu.

- Ba é grúpa Clique, Institiúid Taighde na Fiontraíochta Digití (DERI) i nGaillimh, a fuair suim iomlán €2.7 milliún de mhaoiniú AE FP7 trí dhá thairiscint rathúla le haghaidh tionscadal.
- Lean Clique de bheith ag comhoibriú go dlúth lena chomhpháirtithe tionscail IBM agus Norkom.

## FMC² - An Bhraisle Mhatamaitice agus Ríomhaireachta

www.fmc-cluster.org

Is é atá in FMC² ná comhoibriú taighde idir UCD, DCU, NUI Maigh Nuad agus comhpháirtithe tionscail. Tríd an mBraisle, tugtar le chéile saineolas comhlántach sa Mhatamaitic airgeadais, san eacnamaíocht airgeadais agus san eolaíocht ríomhaireachta chun clár taighde iomlánaíoch a chruthú i ndáil le bainistiú sócmhainní agus rioscaí.

- I mí Dheireadh Fómhair 2009, dhamh SFI maoiniú €4.1 milliún ar FMC², a bhfuil an tOllamh Anthony Brabazon, Scoil Ghnó UCD, i gceannas air.
- I mBealtaine 2010, d'eagraigh an Bhraisle comhdháil in Institiúid na mBaincéirí, ar comhdháil í a bhí dírithe ar rialáil a dhéanamh ar leachtaitheacht agus ar chobhsaíocht an mhargaidh airgeadais.

## An tIonad Náisiúnta don Taighde Digiteach (NDRC)

**www.ndrc.ie**

Is é atá san Ionad Náisiúnta don Taighde Digiteach ná fiontar neamhspleách atá tiomnaithe do luathú a dhéanamh ar thaighde ó thráth an choincheapa go dtí an tráth a bhfaightear ioncam uaidh. Mar gheall ar chur chuige comhoibritheach NDRC le nuálaithe teicneolaíochta agus gnó, bíonn rath comhchoiteann níos mó ann chomh maith le dearcadh níos huaillmhianaí a chothú i ndáil le hairgeadh agus le hinfheistíocht.

- I mí na Nollag 2009, bhunaigh an NDRC ardán ina raibh suim €12 mhilliún d'infheistíocht i 17 dtionscadal taighde ar leithligh. Tá 14 chomhpháirtí tráchtála ag an NDRC, mar aon le sé chomhpháirtí chomhlachaithe, agus iad go léir ag gabháil do thionscadail.
- Leathnaigh an NDRC a ghníomhaíochtaí trí dhul i mbun seacht dtionscadal nua a bhain le feidhmiúcháin i réimsí na siamsaíochta, na meán, an chúraim sláinte agus na teileachumarsáide. De bharr na dtionscadal nua sin, ba é a bhí san infheistíocht iomlán ná €14.4 milliún.
- I bhFeabhra 2010, bronnadh gradam at thionscadal de chuid an NDRC dar teideal *MetaLabs* mar *Best Newcomer with International Potential* ag Gradaim na Meán Digiteach (Digital Media Awards). I Márta 2010, cuireadh tús le *Inventorium* sa NDRC, is é sin le rá, tionscal a bhfuil maoiniú AE €2.6 milliún faighte ina leith agus atá dírithe ar nuáil a spreagadh san earnáil dhigiteach.

# Mór-Institiúidí Taighde agus Institiúidí Ildisciplín Taighde UCD

### Mór-Institiúidí Taighde agus Institiúidí Ildisciplín Taighde UCD

| | |
|---|---|
| Institiúid Mhic Con Mí an Taighde Bhithmhóilínigh agus Bhithleighis, UCD | www.ucd.ie/conway |
| Institiúid Geary UCD | www.ucd.ie/geary |
| Saotharlann UCD do Chórais Chasta agus Oiriúnaitheacha | www.casl.ucd.ie |
| Institiúid Bia agus Sláinte UCD | www.ucd.ie/foodandhealth |
| Institiúid Daonnachtaí Éireann UCD | www.ucd.ie/hii |
| Ionad na Sintéise agus na Bitheolaíochta Ceimicí | www.ucd.ie/cscb |
| Institiúid Eolaíochtaí Domhain UCD | www.ucd.ie/earth |
| Institiúid Uirbeach Éireann | www.ucd.ie/uii |

### Ionaid SFI don Eolaíocht, don Innealtóireacht agus don Teicneolaíocht (CSETanna)

| | |
|---|---|
| CLARITY – Ionad na dTeicneolaíochta Braiteora Gréasáin | www.clarity-centre.org |
| Bitheolaíocht Chóras Éireann | www.ucd.ie/sbi |

### Braislí Taighde Straitéisigh SFI faoi cheannas UCD (SRCanna)

| | |
|---|---|
| BioNanoInteract | www.cbni.eu/sections/ProjectsFunding/BioNanoInteractSRC |
| Gréasán Seachadta Drugaí Éireann | www.ucd.ie/iddn |
| Bitheolaíocht Atáirgeach | www.ucd.ie/reproduction |
| Tiontú Fuinnimh Gréine | www.seccluster.ie |
| Ríomhaireacht Matamaitice Airgeadais (FMC²) | www.fmc-cluster.org |
| Clique | www.cliquecluster.org |

### Mór-Chláir Comhoibritheacha Idirinstitiúideacha

| | |
|---|---|
| Bitheolaíocht Mhóilíneach Éireann (MMI) | www.molecularmedicineireland.ie |
| An Institiúid Náisiúnta le haghaidh Taighde agus d'Oiliúint Bithphróiseála (NIBRT) | www.nibrt.ie |
| Taighde Teicneolaíochta do Mhaireachtáil Neamhspleách (TRIL) | www.trilcentre.org |
| An tIonad Náisiúnta don Taighde Digiteach (NDRC) | www.ndrc.ie |

### Ionaid Taighde UCD

| | |
|---|---|
| Ionad Taighde Bithacmhainní UCD | www.ucd.ie/bioresources |
| Ionad Taighde Leictreachais | www.erc.ucd.ie |
| Ionad Taighde Chliniciúil UCD (CRC) | www.ucd.ie/crc |
| Ionad Liachta Acadúil Bhaile Átha Cliath (DAMC) | www.ucd.ie/medicine/aboutus/healthcareinpractice/dublinacademicmedicalcentre |
| An tSaotharlann Náisiúnta Tarchurtha Víreas | www.ucd.ie/nvrl |

### Institiúidí Téamacha agus Cartlann Théamach UCD

| | |
|---|---|
| Institiúid Charles | www.ucd.ie/research/charlesinstitute |
| Institiúid Claude Shannon | www.shannoninstitute.ie |
| Institiúid Spóirt agus Sláinte UCD | www.ucd.ie/instituteforsportandhealth |
| Institiúid John Hume UCD don Léann Domhanda Éireannach | www.ucd.ie/johnhume |
| Institiúid Mhíchíl Uí Chléirigh UCD | www.ucd.ie/mocleirigh |
| Institiúid Clinton don Léann Meiriceánach UCD | www.ucdclinton.ie |
| An Institiúid do Léann na hÉireann-na Breataine | www.ucd.ie/ibis |
| Institiúid na hÉireann don Léann Síneach (Institiúid Confucius UCD) | www.ucd.ie/china |
| Leabharlann agus Cartlann Fhíorúil na hÉireann um Thaighde (IVRLA) | www.ucd.ie/ivrla |
| Cartlann Sonraí Eolaíochta Sóisialta na hÉireann (ISSDA) | www.issda.ucd.ie |



4

# NUÁIL AGUS COMHPHÁIRTÍOCHT

I gcroílár Phlean Straitéiseach nua UCD tá tiomantas i leith nuáil a fhorbairt mar an tríú colún de lármhisean na hollscoile. Trí nuáil a dhéanamh, cuirfimid le colúin láithreacha an oideachais agus an taighde agus, ag gach céim den phróiseas, beidh sé soiléir go mbaineann nuáil UCD ní hamháin le forbairt eacnamaíoch ach go mbaineann sí freisin le cultúr agus leis an tsochaí.

## CLÁR


Uasmhéadú a dhéanamh ar thionchar Eolas agus Shaineolas UCD **34**

Nuáil agus Fiontraíocht a chothú ag an Tríú Leibhéal agus ag an gCeathrú Leibhéal **36**

Nuáil a chothú i measc Fhoireann UCD **36**

# Uasmhéadú a dhéanamh ar thionchar Eolas agus Shaineolas UCD

Tá UCD ag leanúint de chomhpháirtíochtaí straitéiseacha a chruthú. As measc na gcomhpháirtíochtaí sin, tá Comhghuaillíocht TCD/UCD *(TCD/UCD Innovation Alliance)* ina lárphointe d'iarrachtaí nuála na hollscoile. Faoin gcolún nuála, is é atá i misean UCD ná tacú le haidhm an Rialtais maidir le hathnuachan eacnamaíochta inbhuanaithe agus cothú agus éascú a dhéanamh maidir leis an aidhm sin: *Ag Cur le Geilleagar Stuama na hÉireann*. Tá UCD ag úsáid a chuid eolais agus saineolais ar mhaithe le geilleagar agus sochaí na hÉireann.

Tá an dá ollscoil ag obair go dlúth leis an Stát, agus le pobail an ghnó agus na fiontraíochta, chun forbairt a dhéanamh ar éiceachóras den scoth le haghaidh nuála, ar éiceachóras é a thiomáinfidh forbairt na fiontraíochta in Éirinn. Ar an tslí sin, cruthófar timpeallacht ina dtiocfaidh bláth ar mhic léinn agus ar chéimithe UCD.

Táthar tar éis comhpháirtíochtaí tábhachtacha náisiúnta a fhorbairt agus déanfar iad a shaothrú tuilleadh. Ina measc sin, áirítear Leigheas Móilíneach Éireann (MMI), an Institiúid Náisiúnta le haghaidh Taighde agus Oiliúint Bithphróiseála (NIBRT), an tIonad Náisiúnta don Taighde Digiteach (NDRC) agus an tIonad Taighde Teicneolaíochta do Mhaireachtáil Neamhspleách (TRIL).

Tá cuspóirí na Comhghuaillíochta á gcur chun cinn trí shraith comhócáidí. Le linn Fhóram Oscailte na Nuálaíochta Dearthóireachta Innealtóireachta, chuir 60 mac léinn as UCD agus as TCD, idir Iarchéimithe agus mic léinn iardhochtúireachta, torthaí a gcuid oibre ar taispeáint. Conchúr Ó Luineacháin, T.D., Aire Eolaíochta, Teicneolaíochta, Nuálaíochta agus Acmhainní Nádúrtha, a d'oscail an ócáid.

I measc na n-ócáidí eile a bhí ann, áirítear Sraith Chlaochlaithe na hÉireann faoi cheannas Institiúid Domhaneolaíochtaí UCD (ESI). Díríonn na seimineáir sheachtainiúla seo ar úsáid a bhaint as an nuáil chun dúshlán a aistriú ina dheis trí phríomhcheannairí a pobail an taighde, an bheartais agus na fiontraíochta a tharraingt le chéile. I measc na n-ábhar áirítear na dúshláin a bhaineann le hathrú aeráide, cumas na cumhachta toinne agus na tairbhí a ghabhann le tithe cónaithe atá inoiriúnaithe ó thaobh an fhuinnimh de.

## NovaUCD

Is ionann NovaUCD, Ionad Aistrithe Nuála agus Teicneolaíochta, agus mol na ngníomhaíochta nuála agus aistrithe eolais in UCD. Tá sé freagrach as tráchtálú maoine intleachtúla a éiríonn as taighde UCD agus as forbairt an chomhoibrithe leis na pobail tionscail agus gnó. Ina theannta sin, déanann NovaUCD, mar ionad saincheaptha, cothú i ndáil le fiontair nua-theicneolaíochta agus dianeolais.


Chláraigh ocht bhfiontar nua ardteicneolaíochta le NovaUCD le linn na tréimhse 2009/10, rud a fhágann go bhfuil 37 bhfiontar ann san iomlán. Áitíonn na cuideachtaí sin níos mó ná 90% den spás gorlainne atá ar fáil agus fostaíonn siad os cionn 180 duine san iomlán.


Tá chúig fhiontar gnó ardteicneolaíochta agus dianeolais déag, a bhfuil os cion 30 duine bainteach leo, páirteach i gClár Forbartha Cuideachtaí Campais 2010 NovaUCD. Tá tráchtálú á dhéanamh ag na fiontair nua ar thaighde atá déanta thar raon Scoileanna de chuid UCD, lena n-áirítear Talmhaíocht, Eolaíocht Bhia agus Tréidliacht; Eolaíocht Ríomhaireachta agus Faisnéisíochta; Innealtóireacht Leictreach, Leictreonach agus Mheicniúil; Leigheas agus Eolaíocht Leighis; agus Fisic.

I rith na bliana nochtaíodh 55 aireagán agus comhdaíodh 22 iarratas ar phaitinní tosaíochta thar gach réimse de na heolaíochtaí beatha, den innealtóireacht agus den teicneolaíocht cumarsáide faisnéise. Ina theannta sin, síníodh 10 gcomhaontú ceadúnais le raon cuideachtaí, idir dhúchasach agus idirnáisiúnta. De bhreis air sin, tá os cionn €630,000 ginte, le bliain anuas, as tráchtálú gníomhaíochtaí taighde.

I measc na bpríomhphointí eile, áirítear an méid seo a leanas:

- Ba é Equinome, arna chomhbhunú ag an Dr Emmeline Hill, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD, agus ag traenalaí ardchlú capall rásaíochta na hÉireann, Jim Bolger, buaiteoir foriomlán Ghradam Chlár Forbartha Cuideachtaí Campais 2009 NovaUCD. Tá tús curtha ag Equinome le tástáil cheannródaíoch ghéiniteach ar tríd is féidir an t-achar rásaíochta is fearr a shainaithint le haghaidh capall rásaíochta ar leithligh.
- Rinne Visor, ar cuideachta iarchéimithe NovaUCD é agus a bhfuil ardán cuntasaíochta ar-líne forbartha aige agus é bunaithe ar an idirlíon, babhta maoiniúcháin €3.5 milliún a chur i gcrích.
- Bhuaigh roinnt client-chuideachta NovaUCD gradaim luachmhara i rith na bliana
  - Sa bhliain 2009, bhuaigh Alternative Energy Resources (AER) an Gradam Náisiúnta 'Rising Star' ag Deloitte Technology Fast 50 Awards.
  - Bhuaigh BiancaMed gradam sa chatagóir Product/Service Innovation le linn ócáid tionscnaimh *Irish Times* All-island Innovation Award.
  - Ba é HeyStaks Technologies buaiteoir foriomlán Chomórtas Fiontraíochta uile-Eorpach UNICA do Mhic Léinn agus do Thaighdeoirí Óga.



1


2



3


4


5

1. Seo a leanas na daoine a fuair Gradam Nuálaíochta NovaUCD 2010 (c-d) An Dr Tom Manzocchi, An tOllamh John Walsh agus An Dr Conrad Childs, comhstiúrthóirí an Ghrúpa Anailíse Lochtanna, Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD

2. An Dr Maurice Coyle agus An Dr Peter Briggs (ar barr), comhbhunaitheoirí, *HeyStaks Technologies*, buaiteoir foriomlán sa chéad Chomórtas Fiontraíochta UNICA do Mhic Léinn agus do Thaighdeoirí Óga ar fud na hEopra

3. An Dr Emmeline Hill, Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD, agus comhbhunaitheoir Equinome, buaiteoir foriomlán Chlár Forbartha Cuideachta an Chapmais NovaUCD 2010

4. I láthair ag Imeacht Deartha Innealtóireachta de chuid *TCD-UCD Innovation Alliance* bhí (c-d): an Dearthóir Idirghníomhaithe Flip van den Berg; An tAire Conor Lenihan TD; agus an Taigheoir Eolaíochta Sóisialta Chiara Garattini. *Building Bridges* an teideal atá ar an tionscadal taighde TRIL seo, atá lonnaithe i UCD, agus fiosraíonn sé bealaí nua gur féidir le teicneolaíocht cumarsáide cuidiú chun na rioscaí a bhaineann le huaighneas agus le haonrú sóisialta a laghdú i measc daoine scothaosta

5. Ba é an tOllamh Woody Powell, Ollscoil Stanford an príomhchainteoir ag Comhdháil Nuálaíochta Uile-Éireann de chuid *InterTradeIreland 2010*, dar teideal *Building Collaborative Networks for Innovation*, a reáchtáladh i UCD

6. Is é Uachtarán Ollscoil Stanford, An Dr John L. Hennessy an chead Chomhairleoir Idirnáisiúnta do *TCD/UCD Innovation Alliance*. Ar cuairt chuig Scoil na hInnealtóireachta i Stanford agus an clár 'D-School' a bhfuil cáil idirnáisiúnta air, bhí (c-d): An Dr John L. Hennessey; An Taoiseach Brian Cowen TD; Propast TCD An Dr John Hegarty; agus Uachtarán UCD An Dr Hugh Brady

7. Sa phictiúr (c-d) tá An Dr Philip de Chazal agus An Dr Conor Hanley, comhbhunaitheoirí BiancaMed, Buaiteoir na Catagóire Nuálaíochta Táirge/Seirbhís ag Gradaim Nuálaíochta Uile-Éireann *Irish Times 2010* i gcomhar le *InterTradeIreland*, i dteannta Paul Haran, Cathaoireach, Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit UCD

6



7



## Nuáil agus Fiontraíocht a chothú ag an Tríú Leibhéal agus ag an gCeathrú Leibhéal i measc Fhoireann UCD

Is é an *Innovation Academy* lárchuid oideachasúil an *Innovation Alliance*. Is é atá sa mhisean atá aige ná cineál nua céimithe cruthaitheacha a fhorbairt, ar daoine iad a bheidh ina saineolaithe ina réimse féin ach a mbeidh tuiscint dhomhain acu ar an tslí inar féidir leis an nuálaíocht a bheith ina cúis le heolas, smaointe agus aireagail a athrú go tapa ina dtáirgí, ina seirbhísí agus ina mbeartais ar mhaithe leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí. Trína chomhdhéanamh, déanfaidh an dá ollscoil 'todhchaí-phrofáil' ar chaighdeán an oideachais iarchéime trí chomhcheangal le cláir PhD atá disciplín-bhunaithe. Cuirfidh sé sin feabhas ar chlú na hÉireann maidir le hoideachas PhD agus tarraingeofar mic léinn idirnáisiúnta ardcháilíochta.

Sa tréimhse 2009/10, rinneadh roinnt ceapachán ardphróifíle trína ndearnadh cáil *Innovation Alliance* a chur ar aghaidh tuilleadh. Ghlac Uachtarán Stanford, an Dr John L. Hennessy, leis an ról mar chéad chomhairleoir idirnáisiúnta don *Alliance*. Beidh tairbhe mhór ag baint lena pháirt san *Alliance*, ní hamháin i gcás na mac léinn san *Innovation Academy*, ach freisin i gcás cuideachtaí reatha agus cuideachtaí a chuirfear ar bun amach anseo.

Ceapadh an tOllamh Paul Coughlan (TCD) agus an tOllamh Suzi Jarvis (UCD) mar Chomhstiúrthóirí san *Innovation Academy*. Is róil thábhachtacha acadúla na róil sin agus beidh siad freagrach go príomha as an gcomhDhioplóma/gcomhTheastas sa Nuálaíocht agus san Fhiontraíocht laistigh den *Acadamh*.

Ag an tríú leibhéal agus ag an gceathrú leibhéal, tá UCD ag sruthlíniú cúrsaí san nuálaíocht agus san fhiontraíocht. Dá thoradh sin, beidh rochtain ag mic léinn iarchéime ar raon scileanna inaistrithe agus ar eolas faoi chúrsaí gnó, rud a thabharfaidh sraith níos leithne roghanna dóibh a bhainfidh le réimsí lasmuigh dá ndisciplín lárnach. Táthar ag súil go mbeidh tionchar suntasach aige sin i dtaca le méadú a dhéanamh ar an líon cuideachtaí a dhíorthaíonn ó UCD.

### NovaUCD

Bhí NovaUCD páirteach san fhorbairt agus sa soláthar a rinneadh maidir le cúrsaí creidiúnaithe le haghaidh mac léinn iarchéime agus maidir le cúrsaí neamhchreidiúnaithe le haghaidh daoine den fhoireann agus taighdeoirí. Seo a leanas roinnt samplaí: Nuáil agus Aistriú Eolais – Réamheolas maidir le Fiontraíocht agus Teicneolaíocht a Aistriú ó Thaighde go dtí an Geilleagar Eolais; agus saincheardlanna le haghaidh Institiúid Bhia agus Sláinte UCD, Institiúid Mhic Con Mí, UCD agus an Ionaid Oideachais agus Taighde.

## Nuáil a chothú i measc Fhoireann UCD

Le linn thréimhse an Phlean Straitéisigh, féachfaidh UCD le foireann na hollscoile a chothú, agus luaíocht a thabhairt dóibh, trí nuálaíocht a chur san áireamh go sonrach mar chritéar le haghaidh ardaithe céime. Is gné thábhachtach é sin den *Innovation Alliance* mar go gcinntítear leis go síneann an nuálaíocht ó cheann amháin den speictream oideachais go dtí an ceann eile. De bhreis air sin, tá sé beartaithe go ndéanfar taithí chruthaithe ar nuálaíocht a chur san áireamh i gcritéir earcaíochta UCD i gcás inar cuí déanamh amhlaidh. Tarraingeoidh sé sin an éirim is fearr, agus tabharfaidh sé inspioráid ina leith sin, rud a rachaidh chun tairbhe níos mó d'uaillmhian na hÉireann maidir le teacht chun bheith ina geilleagar stuama.

### NovaUCD

In NovaUCD, is mórchuspóir dá chuid méadú a dhéanamh ar fheasacht faoi rannchuidiú na hollscoile le nuálaíocht. Ceaptar go bhfuil sé sin criticiúil. Trí chultúr nuálaíochta agus fiontraíochta den sórt sin a fhorbairt timpeall a fhoirne agus a thaighdeoirí, tá deis méadaithe ann chun maoin intleachtúil a shainaithint agus a thráchtálú go rathúil. Trí fheasacht a chur chun cinn agus tríd an aetas nuálaíochta agus tráchtálaithe sin a leabú laistigh den phobal taighde, tá spreagadh á thabhairt ag NovaUCD maidir le síolta a chur as a leanfaidh maoin luachmhar intleachtúil ar féidir úsáid a bhaint amach níos faide anonn ar mhaithe leis na geallsealbhóirí go léir.




5

# EISPÉARAS MHIC LÉINN UCD

Cuid riachtanach d'oideachas ollscoile is ea cruthú daoine ildána. Tá UCD tiomanta i leith a chinntiú go mbaineann gach mac léinn sult agus tairbhe as eispéireas iomlánaíoch atá chomh dúshlánach agus chomh spreagúil agus is féidir agus lena ngabhann an luaíocht chomh mór agus is féidir.

Trí sheirbhísí agus trí ghníomhaíochtaí seach-churaclaim UCD, cinntítear go dtugtar aire do leas gach mic léinn ón tráth a dtagann siad isteach in UCD go dtí an tráth a mbaineann siad a gcéim amach agus ina dhiaidh sin.

## CLÁR

Seirbhísí Riaracháin agus Tacaíochta do Mhic Léinn **38**
Spóirt, Cumainn agus Gníomhaíochtaí Eile **40**

# Seirbhísí Riaracháin agus Tacaíochta do Mhic Léinn

Leanann comhairleoirí, seirbhísí comhairleoireachta, seirbhísí sláinte agus seirbhísí séiplíneachta UCD de raon leathan tacaíochtaí fíorthábhachtacha a thairiscint do mhic léinn, lena n-áirítear nithe a bhaineann le cúrsaí airgeadais, le cúrsaí leighis agus le cúrsaí meabhair-shláinte chomh maith le cúrsaí eile.

Le linn na tréimhse 2009/10, chomhoibrigh Clárlann UCD agus comhghleacaithe eile ollscoile lena chéile chun feabhas a chur ar na seirbhísí agus na córais riaracháin, tacaíochta, faisnéise agus teicniúla is gá chun tacú le mic léinn agus le foireann UCD. Ina measc sin, áirítear tabhairt isteach Grádleabhar níos cairdiúla – is é sin, córas iontrála grád in UCD – rud atá ina fheabhsúchán ollmhór don fhoireann.

Is féidir le mic léinn a gcuid táillí a íoc in aghaidh an tseimeastair anois, rud a sholáthraíonn solúbthacht níos mó do mhic léinn tráth a bhfuil deacrachtaí airgeadais ag cuid mhór díobh. Mairfidh cárta nua mic léinn UCD ar feadh ré chlár an mhic léinn lena mbaineann. Tá sé beartaithe tuilleadh forbairtí a dhéanamh maidir le húsáid a bhaint as teicneolaíocht Smartcard.

Táthar tar éis iontráil chuig cláir chéime a theagastar a shruthlíniú trí údarás iontrála tarmligthe a thabhairt do Theagascóirí Iontrála. Rinneadh babhtaí iltairisceana a thabhairt isteach freisin ar fud na bliana chun éascaíocht a dhéanamh maidir le cinnteoireacht níos tapa agus maidir le fógra a thabhairt d'iarratasóirí.

Cothaíodh gaolmhaireachtaí níos dlúithe le meánscoileanna, le mic léinn ionchasacha agus le Comhairleoirí Gairmthreorach trí chuairteanna scoile, trí aontaí earcaíochta agus trí thurais champais. Fuair mic léinn meánscoile deis chun taithí a fháil ar shaol na hollscoile le linn Laethanta Oscailte UCD, le linn Scoil Shamhraidh UniLife agus le linn ócáidí Tí Oscailte.

I dtaca le hiontrálaithe 2010, bhí iarratasóirí ar an BA in ann rogha a dhéanamh roimh ré maidir leis na hábhair chéime ar theastaigh uathu iad a ghlacadh. Soláthraíonn sé sin cinnteacht níos fearr agus freagraíonn sé ar riachtanas a bhí luaite ag comhairleoirí gairmthreorach agus ag mic léinn ionchasacha.

I dtaca le beartas acadúil de, ceadaíodh rialacháin Dochtúireachta Gairmiúla agus rinneadh leasuithe ar na Rialacháin maidir le hImthosca Maolaitheacha agus ar na Rialacháin maidir le hAistriú. Rinneadh an fhreagracht as riaradh a dhéanamh ar an gcóras Scrúdaithe Sheachtraigh a chineachadh ó Ollscoil na hÉireann agus cuireadh beartais nua maidir le Scrúdú Seachtrach i bhfeidhm freisin.

Príomhfhorbairt le linn na bliana 2009 ab ea tabhairt isteach córas bainistíochta bunachair sonraí rúnda chun sruth na faisnéise i measc na n-aonad éagsúil tacaíochta a éascú. Tá UCD tiomanta i leith córas comhtháite tacaíochta a sholáthar, rud a chinntíonn go bhfaigheann mic léinn UCD tacaíocht ar mhodh comhbhách, atruach, éifeachtach.

## Seirbhís Sláinte UCD do Mhic Léinn

**www.ucd.ie/stuhealth**

I measc na bpríomhfhorbairtí in Ionad Sláinte UCD do Mhic Léinn áirítear bunú clinic scagthástála ionfhabhtaithe gnéas-tarchurtha. Bunaíodh an clinic sin le tacaíocht ó Aontas na Mac Léinn in UCD. Gearrann an t-ionad táillí i leith a chuid seirbhísí anois agus tá na táillí sin riachtanach, ag féachaint do shrianta buiséid, chun na leibhéil seirbhíse a choimeád ar bun. Nuair a tugadh isteach na táillí, tugadh aird chuí ar dhaoine a d'fhéadfadh a bheith soghonta agus nach mbeadh ar a gcumas íoc as na seirbhísí.

## Séiplíneacht UCD

**www.ucd.ie/chaplaincy**

Tá séiplínigh UCD ina gcuid dhílis den tseirbhís tacaíochta do mhic léinn agus tá ról leathan acu i dtaca le tacú le saol an champais. Thug an tseirbhís séiplíneachta roinnt tionscnamh isteach chun léiriú a dhéanamh ar an líon méadaitheach creideamh i measc mhic léinn UCD students. Díríonn na tionscnaimh sin ar chomhagallamh agus ar chomhthuiscint i measc na gcreideamh, agus deis ag gach creideamh a stair shaibhir agus na nithe a gcreideann siad a mhíniú.

## Seirbhís Chomhairleoireachta UCD do Mhic Léinn

**www.ucd.ie/stuhealth/counsellingservice**

Rinne Seirbhís Chomhairleoireachta UCD do Mhic Léinn 3,206 sheisiún comhairleoireachta a sholáthar. De bhreis ar chomhairleoireacht dhíreach le mic léinn aonair, thairg an tseirbhís sraith cainteanna don fhoireann agus do mhic léinn, lena n-áirítear: *Assisting Students in Distress; Depression: How to Help; Exam Stress and Anxiety Management*; agus bunaíodh grúpa tacaíochta rialta do mhic léinn PhD.

Níor éalaigh mic léinn ó thionchar an chúlaithe eacnamaíoch. Sa tréimhse 2009/2020, cuireadh tacaíocht os cionn €350,000 ar fáil as cistí UCD le haghaidh Leasa, Cúnaimh agus Cúraim Leanaí.

## Comhairleoirí Mhic Léinn UCD

**www.ucd.ie/studentadvisers**

Chun a chinntiú go mbíonn iontráil rianúil ann do mhic léinn isteach i saol na hollscoile, leanann UCD de fheabhas a chur ar a Chláir Treoshuímh i dtús na bliana. Trí úsáid a bhaint as treoracha Treoshuímh, as Meantóirí Piara agus as Comhairleoirí Mic Léinn, faigheann gach mac léinn nua faisnéis ábhartha, thacúil ar shlí thráthúil. Trí chlár na Meantóirí Piara, cinntítear go maireann an tacaíocht seo níos faide ná an tréimhse Threoshuímh. Leanann Comhairleoirí Mic Léinn de sheirbhís dhíreach tacaíochta a sholáthar do mhic léinn UCD.


1




2


3


4



5


6


7



8

1. **Scoláirí Córúla UCD, faoin Stiúrthóir Ealaíonta Desmond Earley, ag leiriú leis an *EU Chamber Orchestra* ag Queen's Theatre, Barnstaple, Devonshire san Earrach 2010.**

2. **Bronnann Uachtarán Chumann Céimithe na mBan UCD, An Dr Yvonne McGarry-Groarke, seic €2,000 ar Aontas na Mac Léinn ar son an chláir for-rochtana *Discover UCD*. Sa phictiúr (c-d) tá Oifigeach Oideachais Aontas na Mac Léinn Donnacha Ó Súilleabháin; Oifigeach Leasa Scott Ahearn; agus an t-Uachtarán Gary Redmond. Anois agus é ina seachtú bliain, mar chuid den chlár for-rochtana *Discover UCD*, tugann grúpaí leanaí bunscoile cuairt ar UCD gach Márta chun blaiseadh beag a fháil ar shaol na hollscoile**

3. **Conor Geoghegan in aghaidh Brian Coyle ó Choláiste na Tríonóide sa Chluiche Dathanna Bliantúil i Staid Dhomhnach Broc**

4. **Mic Léinn ón gclár Gnó agus Dlí i dteannta Susan O'Driscoll as Ospidéal Leanaí Shráid an Teampaill (an tríú duine ó thaobh na láimhe deise) a bhailigh airgid chun tacú le hOspidéal Leanaí Shráid an Teampaill agus FLAC**

5. **Achainí Oibrithe Deonacha Thar Lear UCD do Chrith Talún Haiti ina raibh mic léinn, chomhaltaí foirne agus alumni páirteach ann agus a bhailigh os cionn €100,000 go dtí seo. Tá an UCDVO ag obair i Haiti ó 2005**

6. **I láthair ag cruinniú neamhghnách de chuid Chumann Litríochta agus Staire UCD, bhí Iaroifigeach na gCumann UCD Paddy O'Flynn agus bronnadh teideal onórach Leas-Uachtarán an Chumainn air, mar aitheantas ar na blianta a chaith sé ag fónamh agus an méid oibre a rinne sé do shaol seach-churaclaim UCD**

7. **Bhí an Dáma Edna Everage (Barry Humphries roimhe seo) ag UCD i Meán Fómhair 2009 chun Gradam James Joyce a fháil ó Chumann Litríochta agus Staire UCD mar aitheantas ar a shlí bheatha mar fhear grinn agus mar shiamsóir. Sa phictiúr in éineacht leis tá an mac léinn tráchtála Alexandra Tyrrell**

8. **Déanann UCD ceiliúradh ar an teideal Léig na hÉireann Sraith 1 agus a iontráil isteach i Léig Airtricity. Bronnadh Imreoir na Bliana PFAI 2009 ar Ronan Finn ina dhiaidh sin ag searmanas mór le rá in Óstán Burlington**

# Spóirt, Cumainn agus Gníomhaíochtaí eile

Táthar meáite in UCD, eispéireas iomlánaíoch fionnachtana a éascú, ina dtugtar gach spreagadh agus tacaíocht agus is féidir do mhic léinn le go bhféadfaí siad gach a fhéadfaidh siad a bhaint amach, go hacadúil agus go pearsanta araon. Cuirtear timpeallacht ar fáil i gClubanna agus i gCumainn Spóirt UCD leis an eispéireas sin a bhaint amach.

## Cumainn

Reáchtáladh Ceolra Pobail UCD, *Footloose*, i Halla O'Reilly. Bunaíodh cumann nua agus rathúil, Ceolchumann UCD, mar thoradh ar chomh maith is a d'éirigh leis an gceolra.

I gcomórtais díospóireachta, bhuaigh Iar-Reachtaire an Chumainn Dlí, Seán O'Quigley duais an *Irish Times*, agus bhuaigh na céimithe Eoghan Casey agus Paddy Rooney Craobhchomórtas Díospóireachta na hEorpa.

Is sampla den scoth de shaoránacht ghníomhach é Cumann Saorálaithe Thar Lear UCD agus thug 115 ball foirne, mac léinn agus alumni cuairt ar thíortha i mbéal forbartha chun cuidiú le tionscnaimh oideachais agus tógála.

Tugann Cumann Naomh Uinseann de Pól UCD cúnamh airgid do na daoine sin a dteastaíonn sé uathu. Chuir an cumann tús le ciste nua le linn 2009/10 chun tacú le mic léinn de chuid UCD agus a dteaghlaigh a bhféadfadh fadhbanna a bheith acu sa chúlú eacnamaíochta atá ann faoi láthair.

D'eagraigh an Cumann Dlí an díospóireacht mhór deiridh d'fheachtas Chonradh Liospóin i Halla O'Reilly. Bhí an tIar-Thaoiseach, Garret Fitzgerald, Iar-Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Pat Cox agus Declan Ganley de chuid Libertas i measc na gcainteoirí. Ba é an tIar-Thaoiseach Bertie Ahern T.D. a bhí ina chathaoirleach.

Bhí Ardal O'Hanlon, Bill Bailey, Chris Eubank, Erin O'Connor agus an Ró-Onórach Beverley McLachlin PC, Príomh-Bhreitheamh Cheanada i measc na mór-aíonna a thug aithisc do chumainn mac léinn.

Ainmníodh an Cumann Dlí mar 'Chumann na Bliana 2010', agus ainmníodh Cumann LADT (LGBT) UCD mar 'Chumann Beag na Bliana'.

## Spórt

Tá Acadamh Scoth-Lúthchleasaithe a bhunú ina chomh-fhiontar idir Spórt UCD agus Instiitiúid UCD le haghaidh Spóirt agus Sláinte. Tá sé sin mar chuid de *Acadamh Ad Astra UCD*, agus tá 18 mac léinn cláraithe cheana féin.

Táthar ag súil go mbeidh Coimpléasc UCD Foghlama, Fóillíochta agus Spóirt do Mhic Léinn curtha i gcrích faoi Bhealtaine/Meitheamh 2011.

### Buaicphointí Spóirt:

*Club Bád na mBan*

Bhuaigh an dá fhoireann Shinsir, Ochtar agus Ceathrar, boinn óir ag Craobhchomórtais na nOllscoileanna. Bhí an bua ag an Ochtar Idirmheánach chomh maith. Roghnaíodh Claire Lambe, le hionadaíocht a dhéanamh thar ceann na hÉireann ag Craobhchomórtais faoi 23 an Domhain agus ag Craobhchomórtais na hEorpa.

*Club Bád na bhFear*

Ba thréimhse dhá mhí déag den scoth a bhí ann do cheann de na clubanna is sine dá bhfuil in UCD. Bhí an bua ag an gclub i rásaí an Sciobairín, Neiptiúin agus na Banríona, i gCraobhchomórtais na nOllscoileanna agus san Henley Royal Regatta.

Bhí Finbar Manning agus David Neale mar bheirt den Ochtar Sinsir a bhuaigh bonn Cré-Umha ag Craobhchomórtais Rámhaíochta Domhanda na nOllscoileanna. Roghnaíodh Anthony English le hionadaíocht a dhéanamh thar ceann na hÉireann ag Craobhchomórtais faoi 23 an Domhain.

*Rothaíocht*

D'éirigh leis an gclub a chéad bhua náisiúnta foirne a bhaint amach ó 1997 ag an rás staide Corkman 3 Lá. I rothaíocht easbhóthair, bhain Cáit Elliott an craobh Náisiúnta i Rothaíocht Sléibhe amach.

*Galf na bhFear*

Bhí an bua ag an scoláire spóirt, Gerard Kelly ag Craobhchomórtas na nOllscoileanna in Inis Chiaráin. Roghnaíodh é le hionadaíocht a dhéanamh thar ceann na hÉireann ag Craobhchomórtais Gailf Domhanda na nOllscoileanna i mí an Mheithimh.

*Liathróid Láimhe*

D'éirigh le Marianna Rushe imeachtaí Dúbailte agus agus Singil na mBan a bhuachan ag Craobhchomórtais Liathróid Láimhe Domhanda na gColáistí i Meiriceá.

*Rugbaí na bhFear*

D'éirigh le foireann na Sinsear an bua a fháil i gcomórtas Chorn Dudley (Craobhchomórtais na nOllscoileanna) ar Ollscoil na Banríona 60-21 sa chluiche ceannais. Bhuaigh an fhoireann Faoi 21 Corn Purcell, tríd an gceann is fearr a fháil ar a gcéilí comhraic, Naomh Muire.

Bhí roinnt de bhaill an chlub freisin ar fhoirne cúige agus náisiúnta agus lean Robert Kearney agus Brian O'Driscoll ar aghaidh ag déanamh sárobair agus iad i mbun ionadaíochta thar ceann na hÉireann ag leibhéal na Sinsear.

*Sacar na bhFear*

Bhuaigh an club is mó de chuid UCD go leor trófaithe, lena n-áirítear na ceithre chomórtas idir-ollscoile uile agus Craobhchomórtas Shraith Sacair na gColáistí agus na nOllscoileanna. D'éirigh leis an gcéad fhoireann dul ar aghaidh chuig príomhroinn Shraith na hÉireann tar éis dóibh craobh na chéad roinne a bhuachan.

*Taecuandó*

Bhuaigh Niall Nelligan bonn óir i gcocaireacht ag Craobhchomórtais I.T.F. na hEorpa sa Chróit in 2009 agus bhuaigh sé bonn óir ag Craobhchomórtais na nOllscoileanna in 2010.



6

# FONDÚIREACHTAÍ CUMASÚCHÁIN

Tá sé riachtanach, le go mbeidh rath ar champas ollscoile, na córais tacaíochta a bhfuil gá leo a chur ar fáil. Is bonn láidir atá sna tacaí sin atá mar bhonn tacaíochta ag straitéisí UCD, lena chuirtear deiseanna ar fáil do mhic léinn, don fhoireann agus don phobal i gcoitinne.

Idir mhaoiniú, sholáthar foirne agus fhorbairt an champas, is éard is aidhm le Fondúireachtaí Cumasúcháin UCD ná ‘mol eolais’ úrscothach a chruthú don 21ú haois. Tá Cumarsáid, Forbairt agus Caidreamh Alumni riachtanach nuair atá an domhan á chur ar an eolas faoi dul chun cinn UCD agus nuair atáthar a dul i dteagmháil le halumni chun cultúr daonchairdis a fhorbairt a thacóidh le spriocanna straitéiseacha na hollscoile.

## CLÁR


| | |
|---|---|
| Airgeadas | 42 |
| Acmhainní Daonna | 43 |
| An Leabharlann, Bainistiú Faisnéise agus Eolais | 45 |
| Caidrimh Ollscoile | 46 |
| Forbairt agus Caidrimh Alumni | 48 |
| Forbairt Chaipitil | 49 |
| Dámhachtainí agus Gradaim | 50 |

## Airgeadas

Táthar ag súil san ollscoil go gcruthófar barrachas de €0.7 milliún don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2010, maidir lena croí-ghníomhaíochtaí maoinithe ag an Údarás um Ardoideachas. Leis sin, laghdófar an t-easnamh carntha go dtí €11.2 milliún.

Tá an t-easnamh carntha laghdaithe ag an ollscoil don dara bliain as a chéile. Rinneadh é sin cé in ainneoin laghdú leanúnach i maoiniú Stáit, laghdaíodh an maoiniú deontais Stáit €7 milliún eile. Tharla sé sin sa bhreis ar an gciorrú €11 milliún i ndeontas le haghaidh UCD a lean as an gciorrú i maoiniú ón Státchiste maidir le laghduithe i rátaí pá san earnáil phoiblí. Cruthaíodh an barrachas gan chúnamh na dtosca maolaitheacha aonuaire a tharla sa in 2008/9. Rinneadh ciorruithe móra i gcaiteachas feadh na hollscoile agus tá moladh ag dul do na daoine sin as a rinne siad ionas go gcuirfí isteach ar mhic léinn a laghad agus ab fhéidir.

Is mór a chuireann cruthú ioncaim tráchtála leis an mbarrachas. Chuir UCD tairiscint i gcríoch maidir le soláthar eisiach deochanna boga ar an gcampas, an chéad bheart dá leithéid in ollscoil in Éirinn, agus cuideoidh an t-ioncam ón mbeart sin le gníomhaíochtaí a bhaineann le mic léinn a mhaoiniú. Tá roinnt conarthaí eisiachais eile beartaithe.

Lean ioncam ag ardú ó fho-ghníomhaíochtaí. Ghabh an ollscoil ligin cóiríochta samhraidh in UCD de láimh, ba USIT a bhíodh á mbainistiú sin roimhe sin.

Cuireadh áiteanna cónaithe nua ar fáil le haghaidh 134 mac léinn i gCaisleán Roebuck agus ghabh UCD lánúinéireacht de láimh arís ar áras cónaithe Belgrove, ag deireadh tréimhse 20 bliain de chomhaontú maoinithe comhpháirtíochta poiblí príobháidí.

Tá an ollscoil go for-ghníomhach ag lorg cóiríocht sheachtrach oiriúnach chun freastal don éileamh láidir atá ar chóiríocht do mhic léinn. Mar gheall air sin, fuarthas Coláiste Pháirc Mhucrois i nDomhnach Broc ar léas le haghaidh trí bliana.

Is ionann líon iomlán na n-aonad leapa do mhic léinn anois agus 2,738.

Rinneadh go leor airgid a shábháil i gcaiteachas neamh-phá i rith na bliana i gcomhpháirtíocht le soláthróirí de chuid na hollscoile. Áiríodh lacáistí agus lascainí ó sholáthróir, agus níos mó úsáide a bhaint as tairiscintí chomh maith le tionscnaimh tairiscintí 'breisluacha' ar bhearta chun airgead a shábháil. Bhí ról ríthábhachtach ag Oifig Soláthair UCD maidir le hidirbheartaíocht le soláthróirí agus tairiscintí a dhámhadh.

Chuidigh leathadh amach leanúnach na gcóras próiseála leictreonach le haghaidh orduithe ceannaigh le barainneachtaí a bhrú chun cinn agus costais a choinneáil faoi smacht.

Le tabhairt isteach an Chreata Rialaithe Fostaíochta ag an Rialtas, éilíodh ar an ollscoil an fhoireann agus costais phárolla a laghdú. Ghlac Coiste Athbhreithneithe Buiséid na hollscoile cur chuige comhordaithe agus leis sin, cinntíodh gur baineadh amach spriocanna san ollscoil maidir leis an bhfoireann a laghdú.

Tar éis comhráite leis an Údarás um Ardoideachas, an Roinn Oideachais agus Scileanna agus an Roinn Airgeadais, d'aistrigh UCD agus ollscoileanna eile a d'oibrigh a gcuid cistí pinsean féin, na sócmhainní agus na dliteanais phinsean ghaolmhara le haghaidh Scéim Pinsean Ranníocach 1995 chuig an Aire Airgeadais. Rinneadh é sin tríd an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha) a thabhairt isteach. Leis an Acht sin, foráiltear go dlíthiúil don Stát glandliteanais phinsean na scéime a fhrithghealladh agus, mar thoradh air sin, tá íocaíocht na n-oibleagáidí pinsin ráthaithe ag an Stát agus comhlíonfar iad ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear' amach anseo.

Léirítear, faoi láthair, go mbeidh tuilleadh ciorruithe i maoiniú deontais sa bhliain atá romhainn. Tá cumas pleanála agus bainistíochta acmhainní UCD feabhsaithe go mór ag samhail leithdháilte acmhainní imheánacha (RAM) na hollscoile. Is é RAM an mheicníocht trína ndéantar maoiniú a leithdháileadh. Cuireann na feabhsuithe sin le barainneachtaí agus seolann siad acmhainní ganna go dtí na háiteanna nó na ranna is mó a dteastaíonn siad laistigh den ollscoil.

# Acmhainní Daonna

Bhí roinnt dúshlán ann in 2009/10 maidir le polasaí agus cleachtas acmhainní daonna a sheachadadh i UCD.

## Forbairtí

Ceann de na forbairtí ba thábhachtaí sa bhliain a chuaigh tharainn ab ea daingniú Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí, 2010-2014 (Comhaontú Pháirc an Chrócaigh). Cé nár dhaingnigh ceardchumainn uile na hearnála poiblí an comhaontú, ghlac Coiste na hEarnála Poiblí de chuid Chomhar Ceardchumann na hÉireann go foirmiúil leis i mí an Mheithimh. Beidh sé anois mar bhonn ag athruithe móra a thabharfar isteach san earnáil phoiblí. Foráiltear sa chomhaontú do raon athruithe i gcleachtais oibre agus meicníochtaí seachadta seirbhísí in éiric ar ráthaíochtaí maidir le leibhéil phá agus iomarcaíochtaí neamh-éigeantacha. Tá forálacha ann maidir leis an earnáil tríú leibhéal a bhaineann le hathbhreithniú ar chonarthaí acadúla (lena n-áirítear forálacha a bhaineann le ham oibre), samhlacha maidir le hualach oibre a fhorbairt agus comhoibriú le bearta ath-imlonnaithe. Tá beartaithe feidhmithe níos mionsonraithe bunaithe ag an leibhéal náisiúnta mar aon le leibhéal na hearnála agus déanfar polasaithe acmhainní daonna laistigh d'ollscoileanna a mhúnlú i gcomhthéacs fhorálacha an chomhaontaithe.

Bhí go leor gníomhaíochtaí ar siúl maidir le bearta acmhainní ar bhonn náisiúnta sular glacadh le Comhaontú Pháirc an Chrócaigh. Bhí bearta chun costais a laghdú a baint le go leor díobh sin, bearta ar theastaigh iad a chomhtháthú i bpróisis áitiúla in amscála giorraithe. Dúshlán mór acmhainní daonna do UCD is ea an t-éileamh nach raibh súil leis chun na hathruithe móra neamhsceidealta sin a chur i bhfeidhm ar pholasaí poiblí agus ar chleachtais acmhainní daonna. Is dócha go mbeidh an dúshlán sin i gceist go ceann i bhfad. Is iomaí sampla a bhí ann le bliain anuas ina raibh ar roinn AD UCD freagairt go tapa d'athruithe i mbeartas Rialtais: tabhairt isteach na Scéime Dreasachta Luathscoir; an Scéim Dreasachta Speisialta Sos Gairme; Scéim na Bliana Oibre níos Giorra; agus bearta eile chun costais a laghdú, lena n-áirítear an reachtaíocht a bhaineann le Bearta Airgeadais Éigeandála ar mhaithe le Leas an Phobail. Tharla stailc náisiúnta i mí na Samhna 2009 mar thoradh ar roinnt de na tionscnaimh sin. D'fhan UCD oscailte, áfach, i rith na tréimhse sin.

Dúshlán bunúsach atá ag an ollscoil agus ag an roinn AD is ea go bhfuiltear ag leanúint leis an gCreat Rialaithe Fostaíochta, atá leagtha amach chun líon na ndaoine atá ag obair in earnáil na n-ollscoileanna a laghdú 6% idir mí na Nollag 2008 agus mí na Nollag 2010. Beidh tionchar mór ag an sprioc sin ar an ollscoil agus tá ar gach aonad iarracht an-mhór a dhéanamh chun é a bhaint amach. Cé go bhfuiltear ar an mbóthar ceart i UCD chun na laghduithe a éilítear a bhaint amach, táimid fós, i gcomhar leis na hollscoileanna eile, ag iarraidh an tionchar díobhálach a bheidh ag ciorruithe den sórt sin ar an earnáil atá ceaptha a bheith chun tosaigh i bhforbairt gheilleagair an eolais a chur ina luí ar an Rialtas.

## Forbairtí go dtí seo

Chuaigh roinn AD UCD i mbun roinnt tionscadal feabhsúcháin próiseas freisin a thabharfar i gcrích faoi dheireadh na bliana 2011. Bainfidh an fhoireann leas as na tionscadaid sin agus cuirfidh siad feabhas ar éifeachtúlacht ó thaobh roinnt príomhsheirbhísí a sheachadadh.

Baineann croí-am agus tinreamh a leathadh amach chuig Scoileanna/aonaid leis an tionscadal Bainistithe Saoire Breoiteachta chun saoire bhreoiteachta ag leibhéal áitiúil a thaifeadadh agus a bhainistiú. Leis sin, cinnteofar freisin go bhfaighfear sochar leasa shóisialaigh ar ais ó bhaill foirne incháilithe agus go ndéanfar an Scoil/aonad cuí a aisíoc. Áirítear tionscadal na mbileog ama ar líne le haghaidh baill foirne a íoctar in aghaidh na huaire agus Croí-Thionscadal na bPinsean (rochtain féinseirbhíse ar thaifid phinsin) ar shamplaí eile. Beidh tionchar mór ó thaobh na héifeachtúlachta de i gceist leis na próisis sin a athrú go próisis leictronacha.

Bhí polasaithe/tacaí á bhforbairt chomh maith chun a chur ar chumas na foirne dul i mbun tacaíochta, cóitseála agus meantóireachta. Ina measc sin bhí, treoirchlár inmheánach cóitseála, tús a chur le meantóireacht acadúil, forbairt leanúnach an Chórais Bhainistithe agus Forbartha Feidhmíochta agus gníomhaíochtaí forbartha bainistíochta spriocdhírithe, mar an clár Dírithe Ceann Scoile. Áirítear ar thionscnaimh eile, roghnú agus ceapadh Comhghleacaithe Tacaíochta mar mhodh idirghabhála i gceisteanna dínite agus measa agus eadráin sheachtrach a chur chun cinn mar mheicníocht eile chun réiteach a fháil. Tugann ról an Chomhpháirtí AD sna Coláistí tacaíocht mhór do bhainisteoirí agus baill foirne Scoileanna chomh maith.

D'oibrigh roinn AD UCD i gcomhar le Taighde UCD lena chur ar chumas na hollscoile a bheith ar an gcéad cheann le tús a chur le creat gairmeacha le haghaidh Comhaltaí Taighde Iardhochtúireachta. Tá Creat Gairmeacha Taighde UCD bunaithe ar na moltaí a leagtar amach i dtuarascáil na Comhairle Eolaíochta (ASC) dar teideal *Towards a Framework for Researcher Careers.* Tacóidh UCD, tríd an gcreat sin, le Comhaltaí Taighde Iardhochtúireachta chun raon leathan scileanna a fhorbairt a chuideoidh leo ina ngairm, bíodh sin sa saol acadúil, i dtionscal, san earnáil phoiblí nó i bhfiontraíocht.

Beidh Straitéis AD mhionsonraithe á forbairt ag roinn AD UCD, ag teacht leis an bPlean Straitéiseach nua de chuid UCD. Chomh maith leis sin, tá roinn AD UCD le dul i mbun athbhreithniú cáilíochta faoi choimirce na hOifige Cáilíochta. Ag leanúint as an dá phróiseas sin, beidh ar chumas roinn AD UCD a seirbhísí a bheachtú lena chinntiú go leanfaidh siad ar aghaidh ag freastal do riachtanais agus ionchais na hollscoile.

# Ceapacháin Nua

**Is iad na ceapacháin a liostaítear sa tábla seo a leanas na cinn a rinneadh sa tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2009 go dtí an 31 Iúil 2010**

## Daoine a Ceapadh ina nOllúna

Leagtar amach sa tábla thíos na ceapacháin acadúla chuig poist mar Ollamh i dtréimhse na Tuarascála agus tá earcaigh nua in UCD agus baill foirne de chuid UCD a fuair ardú céime araon san áireamh ann (sular tugadh isteach an moratorium maidir le hardú céime).

| Ainm | Scoil de chuid UCD |
|---|---|
| **An tOllamh Orla Feely** | Scoil na hInnealtóireachta Leictrí, Leictreonaí agus Meicniúla UCD |
| **An tOllamh Patrick Lonergan** | Scoil na Talmhaíochta, Eolaíocht an Chothaithe agus an Leighis Tréidliachta UCD |
| **An tOllamh Gerardine Meaney** | Scoil an Bhéarla, na Drámaíochta agus na Drámaíochta UCD |
| **An tOllamh Maarten Nieuwenhuis** | Scoil na Bitheolaíochta agus na hEolaíochta Comhshaoil UCD |
| **An tOllamh Jean-Michel Picard** | Scoil na dTeangacha agus Litríochta UCD |
| **An tOllamh Jennifer Todd** | Scoil na Polaitíochta agus Gnóthaí Idirnáisiúnta UCD |
| **An tOllamh John J Walsh** | Scoil na nEolaíochtaí Geolaíochta UCD |
| **An tOllamh Robert Gerwarth** | Scoil na Staire agus na Cartlannaíochta UCD |
| **An tOllamh Giovanni Ciccotti** | Scoil na Fisice UCD |
| **An tOllamh Diane Sonnenwald** | Scoil an Léinn Eolais agus na Leabharlannaíochta UCD |
| **An tOllamh David Farrell** | Scoil na Polaitíochta UCD |
| **An tOllamh Zorica Nedovic-Budic** | Scoil na Tíreolaíochta, na Pleanála agus Polasaí Comhshaoil UCD |
| **An tOllamh Robert van Krieken** | Scoil na Socheolaíochta UCD |
| **An tOllamh Frederic Dias** | Scoil na nEolaíochtaí Matamaitice UCD |

# An Leabharlann, Bainistiú Faisnéise agus Eolais

Tá dlúthbhaint ag faisnéis agus eolas le gníomhaíochtaí uile UCD. Cuireann infreastruchtúr TFC na hollscoile deis nuála agus foghlama ar fáil agus éascaíonn sé faisnéis leictreonach a scaipeadh go forleathan.

Tá sé beartaithe ag Leabharlann UCD, seirbhísí agus struchtúr eagraíochtúil na Leabharlainne a ailíniú le riachtanais straitéiseacha na hollscoile, chomh maithe le freagairt do threochtaí atá ag athrú maidir le faisnéis léannta a fhoilsiú agus a scaipeadh.

Bhíothas ag díriú ar dhá phríomhréimse in 2009/10: líonrú agus obair i gcomhar. Tá cur chuige comhoibríoch a bhfuil ag éirí go maith leis bunaithe ag leabharlanna ollscoileanna na hÉireann maidir le rochtain ar acmhainní atá foilsithe go leictreonach a cheadúnú, trí Ríomhleabharlann Taighde na hÉireann (IReL). Déanfar an tsamhail chomhoibríoch sin a shíneadh chuig réimsí eile d'oibríochtaí Leabharlainne.

**Forbairtí go dtí seo**

Rinneadh an dul chun cinn seo a leanas maidir leis an infreastruchtúr a theastaíonn chun tacú leis an gcur chuige sin a fhorbairt: tá stoc leabharlann UCD ar fáil anois trí WorldCat OCLC (bunachar sonraí saor in aisce ar líne a dhéanann ionadaíocht ar na mílte leabharlann agus cartlann idirnáisiúnta); cuireadh tús le tairiscint maidir le córas bainistithe leabharlainne nua; agus rinneadh iarrachtaí eile cianstóráil doiciméad a chomhordú le leabharlanna IUA agus le Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Chomh maith leis sin, cuireadh tús le plean Leabharlann James Joyce agus Áras Newman a athfhorbairt.

Leanadh sa Leabharlann ag díriú ar scileanna litearthachta faisnéise a chomhtháthú i gcláir acadúla agus feabhas a chur ar bhainistiú liostaí léitheoireachta in UCD.

Cuireadh leis an tacaíocht do thaighde ollscoile: le stopadh an tionscadail PRTLI-mhaoinithe, Leabharlann agus Cartlann Fhíorúil na hÉireann um Thaighde (IVRLA), thóg Leabharlann UCD céimeanna chun tacaíocht a fháil maidir leis an acmhainn sin a fhorbairt agus a chomhtháthú in oibríochtaí ginearálta na leabharlainne, mar gur aithníodh an IVRLA mar bhunchloch ag clár digiteach leabharlainne leathnaithe agus mar ardán don nuáil i dtaighde digiteach daonnachtaí. Táthar gníomhach freisin le hiarrachtaí idir-rannacha chun cur leis an tacaíocht le haghaidh seirbhísí faisnéise geografaí i UCD, agus bhíothas rannpháirteach i bpleanáil chun todhchaí inbhuanaithe a chur ar fáil le haghaidh Cartlann Sonraí Eolaíochta Sóisialta na hÉireann (ISSDA).

## Teicneolaíocht Faisnéise

Thacaigh Plean TÉ 2009/10 le pleananna straitéise UCD trína chur ar chumas UCD infreastruchtúr teicneolaíochta nuálaíoch a fhorbairt, i dteannta na gcóras agus na seirbhísí lena seachadtar ábhar leictreonach ar mhic léinn agus ar an bhfoireann.

Rinneadh UCD Connect a uasghrádú in 2010. Leis sin, cuirtear comhéadan úsáideora nua agus acmhainní rochtana soghluaiste feabhsaithe ar fáil le haghaidh príomhthairseach seirbhís faisnéise UCD.  Tugadh isteach féilire Google isteach chomh maith. Rinneadh an t-ardán ríomhfhoghlama Blackboard a uasghrádú i mí Iúil 2010 chun na saoráidí ar líne is nua-aimseartha maidir le rochtain idirghníomhach ar ábhar cúrsaí agus foghlaim chumaisc a chur a fáil. Cuireann an tseirbhís nua le hidirghníomhú mac léinn trí úsáid blaganna agus vicithe, chomh maith le hábhar cúrsaí, tráth na gceisteanna, tascanna, suirbhéanna agus plé-fhóraim a chumasú.

Le tabhairt isteach *Poll Everywhere*, teicneolaíocht teagaisc idirghníomhach nua, is féidir le mic léinn suirbhéanna vótála atá mar chuid de phlean cúrsa a fhreagairt i bhfíor-am. Bhí tóir fós ar sheirbhísí gabhála léachtaí i bhfoirgneamh Daedalus agus tríd an rogha gabhála soghluaiste.

Leanadh leis an obair ar sheirbhísí lena gcuirtear rochtain ar fáil ar acmhainní nua, inscálaithe ríomhaireachtúla agus ar theicneolaíochtaí cumarsáide níos fearr: leanadh le mórthionscnamh néalríomhaireachta in 2010 agus d'éirigh leis an bhfoireann Taighde TF Braisle Faetóin UCD a chomhtháthú le saoráidí néalríomhaireachta seachtracha Amazon. Leis sin, cruthaíodh 'Néal UCD' le rochtain dhíreach le haghaidh úsáideoirí UCD. Tagann an acmhainn bhreise leis na hacmhainní atá i Lárionad Sonraí Daedelus, rud a chuireann le hacmhainn taighde UCD agus a bhrostaíonn taighde ríomhaire chumasaithe. Rinneadh ríomhbhraisle Stokes a uasghrádú i mí Lúnasa 2010 trí obair i gcomhar faoi cheannas Ionad na hÉireann um Ríomhaireacht Ardleibhéil agus le tacaíocht ó sheacht gcinn d'institiúidí Ardoideachais. Tá an córas nua ar cheann de na 300 ríomhshuiteáil ardfheidhmíochta sa domhan agus tá sé á óstáil fós ag Lárionad Sonraí UCD.

Táthar ag díriú iarrachtaí go sonrach ar thacaíocht don *Chomhghuaillíocht Nuálaíochta*. Chun na críche sin, tá obair déanta i gcomhar ag Seirbhísí TF UCD le Seirbhísí Faisnéise TCD chun seirbhís sholúbtha gan sreang (eduroam) a chur i bhfeidhm, a chuirfidh ar chumas an úsáideora rochtain a fháil ar ríomh-acmhainní as aon áit laistigh den *Chomhghuaillíocht.*

# Caidrimh Ollscoile

Déantar, *inter alia*, feidhmeanna maidir le cumarsáid sheachtrach agus inmheánach na hollscoile a bhainistiú san oifig Caidrimh Ollscoile. Baineann an oifig go príomha le togáil ar agus cur le clú na hollscoile i measc grúpaí páirtithe leasmhara agus déantar cur chun cinn branda UCD, mórimeachtaí ollscoile, caidrimh leis na meáin, margaíocht le mic léinn ionchais, cur le chéile agus foilsiú cumarsáide ollscoile ar líne agus i gcló chomh maith leis na próisis a bhaineann le cumarsáid imheánach a bhainistiú.

## Forbairtí go dtí seo

**Cumarsáid Foirne**

D'fhorbair agus chuir an roinn Caidrimh Ollscoile tús le láithreán inlín nua foirne in 2009/10. Leis sin, éascaítear rochtain ar chláir oibre agus miontuairiscí ó chruinnithe de chuid na Foirne Bainistíochta Sinsearaí, chomh maith le rochtain ar acmhainní eile. Tugadh tacaíocht leanúnach don ríomhphost cascáideach ón Uachtarán rud a chuir sásra aiseolais ar fáil don fhoireann.

**Cumarsáid Mac Léinn**

Mar gheall ar chomh maith is a d'éirigh leis an bhfeachtas margaíochta lárnach maidir le staidéar céime in 2009, cuireadh tús leis an dara feachtas in 2010. Rinneadh plean cuimsitheach a fhorbairt chun tacú le hearcú leanúnach mac léinn mar fhreagairt do cháipéis straitéise a d'ullmhaigh Stiúrthóirí na Scoileanna Iarchéime.

Forbraíodh cláir chumarsáide láidre le haghaidh na bhfochéimithe, a mhínigh gnéithe uathúla céimeanna UCD. Mar thoradh ar chomh maith is a d'éirigh leis an bhfís-bhalla, cuireadh físeáin sainiúil don ábhar i dtoll a chéile agus earcaíodh foireann d'ábhar físghrafadóirí UCD. Bhí ról níos mó ag meáin shóisialta mar Facebook. D'éirigh go maith le YouTube go háirithe, tháinig méadú faoi dheich ar an lucht féachana, rud a chinntigh gur shroich teachtaireachtaí UCD lucht féachana ar fud an domhain.

**Clúdach sna Meáin**

Lean Caidrimh Ollscoile le seirbhís lá is oíche ar chur ar fáil d'iriseoirí ag cur éachtaí foirne agus mac léinn chun cinn chomh maith le ceisteanna a fhreagairt.

Áirítear iad seo a leanas ar scéalta móra ó UCD a fuair clúdach mór sna meáin: aimsiú géinte nua uathachais; an tsluaíocht chun tionchar athrú aeráide ar agéin an domhain a fhiosrú; an chéad seicheamhú ar ghéanóm na 'nGael'; agus an comhrac in aghaidh na Cibearcoireachta idirnáisiúnta. Léirigh an spéis mhór idirnáisiúnta i roinnt fionnachtana dineasár a raibh baint ag eolaithe de chuid UCD leo an tóir atá ar an bpailé-ointeolaíocht. Áirítear ar bhuaicphointí meáin UCD foilsiú Phlean Straitéise nua na hollscoile, cuideachtaí de chuid na hÉireann i mbun gnó leis an tSín agus éachtaí spóirt mac léinn.

**An Chomhghuaillíocht Nuálaíochta**

Sula gcuirfear *Comhghuaillíocht Nuálaíochta TCD/UCD* i bhfeidhm go hiomlán, cuireadh raon seirbhísí cumarsáide i bhfeidhm, lena n-áirítear láithreán gréasáin chun an *Chomhghuaillíocht* a chur chun cinn.

**UCD ag Comóradh Newman**

Ba é John Henry Newman reachtaire bunaitheach Ollscoil Chaitliceach na hÉireann, an institiúid a tháinig roimh UCD. Sular ndearnadh é a dhearbhú ina bheannaitheach agus i gcomhar le hIonad Idirnáisiúnta UCD don Léann Newman, ullmhaíodh pleananna chun sraith imeachtaí a eagrú faoin teideal 'UCD ag Comóradh Newman'. Áirítear iad seo a leanas ar imeachtaí a beartaíodh le haghaidh Meán Fómhair 2010: taispeántas i dTeach Newman de shaothair ealaíne agus déantáin Newman; cruinniú le mic léinn nua; léacht leis an Ollamh Joseph O'Leary (Ollscoil Sophia, Tokyo); agus seirbhís éacúiméineach a craoladh beo ar teilifís RTÉ 1.

**Róil Eile**

Bhí Caidrimh Ollscoile freagrach as *UCD Today*, leathanach baile UCD agus *Tuarascáil an Uachtaráin* a scríobh, a chur i dtoll a chéile agus a fhoilsiú. Thacaigh an oifig freisin le haonaid eile maidir le hábhar, cur i dtoll a chéile agus rialú cáilíochta i gcás ábhár margaíochta agus cumarsáide. D'éascaigh an oifig mór-imeachtaí ollscoile, mar chuairt Uachtarán Phoblacht Dhaonlathach Thíomór Thoir, an Dr José Ramos-Horta i Márta 2010 agus searmanas Bronnta Céimeanna Oinigh Lá Bloom an 16 Meitheamh. Reáchtáladh Lá Carnabhail UCD i mí Meithimh agus d'fhreastail breis agus 600 ball foirne, a dteaghlaigh agus a gcairde air.

I gcaitheamh an gheimhridh 2009/10, bhí Caidrimh Ollscoile freagrach as Feachtas Cumarsáide Freagartha UCD Paindéim A (H1N1) a bhainistiú.

Bhí gníomh deisce a raibh baint ag an nGarda Síochána agus baill foirne ainmnithe de chuid UCD leis, san áireamh sa phleanáil mhóréigeandála. Tionóladh ar an gcampas é i mí Dheireadh Fómhair 2009, agus cuireadh cás ionsamhlaithe arm tine agus giall i gcrích go rathúil.




3



1



2



4



5

1. I láthair ag an gceathrú sraith de Chaidrimh Alumni UCD '*Characters in Conversation*' bhí (c-d) Áine Gibbons, Leas-Uachtarán Forbartha UCD; an craoltóir Olivia O'Leary; agus an t-aisteoir Rosaleen Linehan

2. I 2009, sheol UCD Scéim Rothaigh Chun na hOibre a cheadaigh do chomhaltaí foirne rothar nua agus trealamh ghaolmhar a cheannach saor ó cháin suas go dtí luach de 1,000. Bhí freagairt láidir ar an scéim, agus sa phictiúr seo tá roinnt daoine a bhain leas as an scéim, (c-d): Patrick Walsh (Stair agus Cartlanna), John McCafferty (Stair agus Cartlanna), Elaine Cregg (Coláiste na nEalaíon agus an Léinn Cheiltigh), Elaine Byrne, (Clárlann), Henna Laamanen, (Clárlann), Elva Johnston (Stair agus Cartlanna), Marian O'Connor (Staidéir Chéimithe), Stephen Bowie (Clárlann) agus Marie O'Flanagan (Clárlann)

3. Bíonn baint ghníomhach ag Oifig Caidreamh na hOllscoile leis na meáin chun gníomhaíochtaí agus éachtaí na hollscoile a chur chun cinn chuig lucht éiseachta náisiúnta agus idirnáisiúnta

4. Tá forbairt Ionad Eolaíochta UCD ag dul ar aghaidh go leanúnach agus meastar go n-osclófar an chéad chéim eile go luath in 2011. Ina dhiaidh sin tógfar spás le haghaidh gníomhaíochtaí teagaisc, taighde agus nuálaíochta (mar atá sa phictiúr)

5. I láthair ag ceiliúradh Bloomsday 2010, bhí (c-d): An tOllamh Tadhg Begley; An tOllamh Raymond Dwek; An tOllamh Martin Carey; An Dr Laurent Perret; An Dr Tom Arnold; An Dr Matt Dempsey; Uachtarán UCD An Dr Hugh Brady; An tOllamh Hélène Cixous: An tOllamh Jürgen Habermas; An Dr John Bowman; An Dr Colm Tóibín; agus an tOllamh Thomas McCarthy

# Forbairt agus Caidrimh Alumni

Cothaíonn Forbairt agus Caidrimh Alumni caidrimh le céimithe de chuid UCD atá ar fud an domhain. Is éard is aidhm leis ná cultúr daonchairdis a fhorbairt a thacóidh le tosaíochtaí straitéiseacha na hollscoile. Le blianta beaga anuas, tá tuiscint faighte ag UCD ar an luach agus ar an tábhacht a bhaineann leis na naisc a bhunú a cheanglaíonn alumni le chéile agus lena n-alma mater. Tá an coincheap maidir le nascadh agus athnascadh mar bhonn taca le clár na gcaidreamh alumni.

## Forbairtí go dtí seo

Cuireadh tús leis an bhfeachtas *Alum-inate* chun alumni a spreagadh le clárú agus a sonraí teagmhála a thabhairt cothrom le dáta. Tá breis agus 130,000 alumni ar fud an domhain agus tá sé ríthábhachtach le haghaidh obair Oifig na gCaidreamh Alumni go mbeifí i dteagmháil leis an méid agus is mó agus is féidir díobh sin. Is éard is aidhm le *Alum-inate* ná bunachar sonraí lárnach agus mionsonraithe a chur le chéile.

Rinneadh an iris alumni, *UCD Connections*, a athsheoladh. Ba é an sprioc a bhí i gceist ná iris 'faoi alumni le haghaidh alumni' a chruthú. Tá *UCD Connections* ar fáil do gach duine ar an mbunachar sonraí alumni agus dhírigh an leagan amach nua ar rath, uaillmhianta agus obair alumni, chomh maith leis an dul chun cinn atá á dhéanamh ar champas UCD.

Tugadh isteach *Characters in Conversation*, in 2009/10, sraith nua d'imeachtaí a thaitneoidh le go leor daoine idir alumni, bhaill foirne agus mhic léinn. Is éard atá i gceist leis na himeachtaí ná go gcuirfidh beirt alumni aitheanta agallamh ar a chéile, i gcomhrá ionraic agus oscailte. Bhí Denis O'Brien, Pat Kenny, Kevin Myers agus Olivia O'Leary rannpháirteach *Characters in Conversation* in 2009/10.

## Bailiú Airgid

Tá Caidrimh Alumní ríthábhachtach le go n-éireoidh le feachtais bailithe airgid. Bhí a chlár cumarsáide agus imeachtaí le haghaidh 2009/10 go maith don ollscoil ar go leor bealaí.

Cuireadh le hiarrachtaí Chlár Comhaltachtaí Newman mór le rá, a mhaoinítear trí dhaonchairdeas, gnó agus tionscal, tuilleadh Comhaltaí a mhealladh a dhéanfaidh taighde den scoth i raon leathan disciplíní. Rachaidh sé seo go mór chun tairbhe na hÉireann agus an phobail idirnáisiúnta.

Leanadh le hiarrachtaí cur le Ciste Alumni UCD a bhfuil ag éirí go han-mhaith leis, trí theileatóin, post díreach agus ríomhphost.

Cuireadh tús le feachtas foirmiúil chun alumni UCD a chur ar an eolas maidir le leagáidí a thabhairt. Is féidir le bronntanais a thugann alumni a bheith an-tábhachtach maidir le hobair na hollscoile, trí scolaireacht a mhaoiniú, fondúireacht a bhunú nó leabhair a cheannach don leabharlann.

***Forming Global Minds***

Is é *The Campaign for UCD - Forming Global Minds 2008-2014*, an feachtas caipitil arna chomhordú ag Fondúireacht UCD. Is iad Dlí, Eolaíocht, Spórt agus Gnó ceithre thosaíocht an fheachtais. Tá ceithre phríomh-ghníomh feachtais ann faoi láthair:

An Feachtas €27m le haghaidh Scoil Dlí Sutherland UCD a chur i gcríoch. Tá an fód le hiompú i Meán Fómhair 2010 agus leis, tabharfar an Scoil Dlí isteach i gcroílár champas UCD.

Seoladh an Fheachtais €96m le haghaidh Lárionad Eolaíochta UCD. Is feachtas bailithe airgid le giaráil (maoiniú a mheaitseáil) a chuideoidh le UCD an mol eolaíochta is mó in Éirinn a chruthú;

Feachtas don Spórt a phleanáil, chun glúinte de lúthchleasaithe amach anseo a spreagadh agus na deiseanna is fearr a thabhairt dóibh i réimse an spóirt agus na hacadúlachta.

Riachtanais Feachtais don Scoil Ghnó sa bhliain atá romhainn a mheas.

# Forbairt Chaipitil

Cuireadh tús le nó leanadh le go leor tionscadal infreastruchtúir straitéisigh in 2009/10. Is cuid d'fhorbairt €300 milliún atá beartaithe iad sin a spreagfaidh na glúinte a bheith páirteach in oideachas triú leibhéal, i dtaighde agus i nuáil. Mar a leagtar amach sa Phlean Straitéise, tá an Gateway Campus Masterplan mar threoir ag forbairt Belfield mar champas beo, glas agus inbhuanaithe ina mbeidh foirgnimh nua tíosach ar fhuinneamh i dtírdhreach a bheidh ag athrú.

## Scoil Dlí Sutherland UCD

Tá foirgneamh nua Scoil Dlí Sutherland UCD ar cheann de na chéad tionscadail atá faoi threoir an Gateway Masterplan, agus tá sé le bheith críochnaithe go luath sa bhliain 2012. San fhoirgneamh 6,100m$^2$ seo, beidh áit nua-aimseartha agus dinimiciúil le haghaidh scileanna dlí a fhoghlaim agus a chleachtadh agus rachaidh sé chun tairbhe mac léinn, scoláirí agus an ghairm dlí i gcoitinne, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon.

## Lárionaid Eolaíochta UCD

Trí chláir PRTLI4-mhaoinithe, lean borradh ag teacht ar fhorbairt an Lárionaid Eolaíochta atá á threorú ag an Gateway Masterplan. Cuirfear na saoráidí seo den chéadscoth i gcrích go luath sa bhliain 2011. Tar éis sin, déanfar cóiríocht a thógáil le haghaidh gníomhaíochtaí fochéimithe, iarchéimithe múinte, for-rochtana agus gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta idirdhisciplíneacha PRTLI5 a fógraíodh le déanaí. Is samhail é fairsingiú agus athfhorbairt forirgneamh bunaidh na 1960í don inbhuanaitheacht ina gcuimsítear cumhdach ardfheidhmíochta agus sraith córas agus teicneolaíochtaí tíosach ar fhuinneamh atá leagtha amach chun lorg carbóin an fhoirgnimh a laghdú.

## Áras Newman

Leanadh le hobair athfhorbartha ar Áras Newman: cruthaítear atmaisféar fáiltiúil don fhoghlaim agus do chasadh le chéile i seomraí ranga le haghaidh grúpaí beaga; tá córais aerála agus aisghabhála teasa tíosach ar fhuinneamh, aimsiú áitíochta agus monatóireacht déocsaíd charbóin sna léachtlanna uasghrádaithe. Táthar ag súil go mbainfear amach an sprioc foriomlán de laghdú 20% in úsáid fuinnimh leis an leagan amach nua.

## Coimpléasc Foghlama, Fóillíochta agus Spóirt na Mac Léinn

Tá an tógáil go maith chun cinn ar shaoráidí nua do mhic léinn a nascfaidh imeachtaí cultúrtha agus spóirt. Comhlánóidh áiseanna fóillíochta, lena n-áirítear spórtlann agus linn snámha 50m, acmhainní sláinte, díospóireachta, drámaíochta agus meán le haghaidh mac léinn. Ionchorpraítear comhghiniúint cumhachta sa leagan amach nuálaíoch, rud a laghdaíonn na costais oibriúcháin fadtéarmacha. Osclófar an tsaoráid nua ag deireadh na bliana 2011.

## Institiúid Charles UCD

Le cur i gcrích Institiúid Deirmeolaíochta Charles ag deireadh 2010, cuirfear acmhainn náisiúnta ar fáil le haghaidh taighde a bhaineann le craiceann. Beidh Systems Biology Ireland san fhoirgneamh nua freisin a nascfaidh Eolaíochtaí Sláinte UCD agus Institiúid Mhic Con Mí, agus leis sin, déanfar saineolas in gcur chuigí maidir le hinnealtóireacht córas, matamaitic agus ríomhaireacht a nascadh le hardáin teicneolaíochta den chéadscoth.

## Saoráidí Eile

Cuireadh forbairt ionad taighde gairneoireachta nua i gCnocán na Rós i gcrích go luath in 2010. Leis sin, cuirfear ardáin teicneolaíochta nua ar fáil chun tacu leis an gClár um Atmaisféir Thurgnamhacha agus Aeráid (PEAC). Leis sin, fiosróidh lucht taighde an ról atá ag aeráid, ocsaigin agus déocsaíd charbóin san atmaisféar mar thiomántóirí patrún ar scála mór in éabhlóid plandaí.

Léiríonn an chéim is déanaí de chóiríocht do mhic léinn, Halla Roebuck, tiomantas leanúnach na hollscoile maidir le prionsabail na hinbhuanaitheachta. Leagadh amach é chun lorg carbóin na mac léinn a leagan amach fad is a bheidh siad ann, agus áirítear ann uisce báistí a bhailiú, painéil ghréine agus aghaidh atá thar a bheth inslithe.

Leis an gclár forbartha caipitil forleathan sin, caithfear dul i mbun roinnt tionscnamh ar fud an champais, lena n-áirítear carrchlóis, an tírdhreach agus leagan amach bóithre a athrú. Tá leagan amach le haghaidh saoráidí comaitéireachta ilstór curtha isteach chuig an Údarás Pleanála. Ionchorpraítear feistí fótavoltacha agus bearta eile tíosach ar fhuinneamh ann. Cuirfear páirceáil shlán le haghaidh rothair, saoráidí ceatha agus feistis, siopa rothar, busáras, 600 spás do charranna agus tacaí do charranna leictreacha ar fáil san fhorbairt.

Cuireadh saoráidí cúram leanaí breise ar fáil leis an síneadh a cuireadh le Naíolann Oakmount UCD go luath in 2010.

Téann na cosáin teorann coillearnaí breis agus 4km go mór chun tairbhe tírdhreach an champais, a leagadh síos chun cur le háiseanna campais do na mic léinn, don fhoireann agus don phobal áitiúil.

# Dámhachtainí agus Gradaim

## Céimeanna Oinigh

**An tOllamh Patrick Cunningham,** 2 Nollaig 2009, Príomh-Chomhairleoir Eolaíochta do Rialtas na hÉireann – Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta

**A Oirirceas an Dr José Ramos Horta**, 8 Márta 2010, Uachtarán Thíomór Thoir – Céim Oinigh Dochtúir Dlí

**An tOllamh Denys Turner**, 11 Márta 2010, diagaire – Dochtúireacht Oinigh Litríochta

**Tom Arnold**, 16 Meitheamh 2010, Príomh-Fheidhmeannach Concern Worldwide – Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta

**An tOllamh Tadhg Begley**, 16 Meitheamh 2010, Ceimiceoir – Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta

**An Dochtúir John Bowman**, 16 Meitheamh 2010, craoltóir, staraí agus eolaí polaitíochta - Céim Oinigh Dochtúir Lítríochta

**An Dochtúir Martin Carey**, 16 Meitheamh 2010, taighdeoir liachta agus lia - Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta

**An tOllamh Hélène Cixous**, 16 Meitheamh 2010, úrscéalaí, drámadóir agus teoiricí an fheimineachais de chuid na Fraince – Céim Oinigh Dochtúir Litríochta

**Matt Dempsey**, 16 Meitheamh 2010, Eagarthóir agus Príomh-Fheidhmeannach an Irish Farmers' Journal – Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta

**An tOllamh Raymond Dwek**, 16 Meitheamh 2010, Stiúrthóir na hInstitiúide Glicibitheolaíochta, Coláiste Exeter, Ollscoil Oxford - Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta

**An tOllamh Thomas McCarthy**, 16 Meitheamh 2010, Ollamh Emeritus John Shaffer sna Daonnachtaí, Ollscoil Northwestern - Céim Oinigh Dochtúir Litríochta

**An Dr Laurent Perret**, 16 Meitheamh 2010, Uachtarán an Choiste Eolaíochta, Grúpa Taighde Servier – Céim Oinigh Dochtúir Eolaíochta

**Colm Tóibín**, 16 Meitheamh 2010, údar – Céim Oinigh Dochtúir Litríochta

## Bonn Ulysses UCD

**An tOllamh Eric R Kandel**, 21 Meán Fómhair 2009, mar aitheantas ar an méid mór atá curtha aige le réimse na Néarbhitheolaíochta agus meicníocht na feidhme cuimhne.

**An tOllamh James Smith**, 15 Deireadh Fómhair 2009, mar aitheantas ar an méid atá curtha aige go domhanda le staidéar agus tuiscint ar chúrsaí eacnamaíochta sláinte.

**An tOllamh Jürgen Habermas**, 16 Meitheamh 2010, mar aitheantas ar an méid atá curtha aige go domhanda le fealsúnacht agus teoiric shóisialta.

## Bonn Lá Bunaithe UCD

Bronnadh Bonn Lá Bunaithe UCD ar Alumnus UCD **Brian O'Driscoll**, an t-imreoir rugbaí idirnáisiúnta, an 6 Samhain 2009, mar aitheantas ar an méid mór atá curtha aige le spóirt in Éirinn.

## Bonn Hume UCD

Bronnadh Bonn Hume UCD ar **an Dr Máire Mhic Róibín** i mí na Samhna 2009 mar atheantas ar an bpáirt mhór a bhí aici maidir le haird a tharraingt ar shaibhreas agus ar phoitéinseal diaspóra na hÉireann, ar an obair mhór den scoth a rinne sí ar fud an domhain agus í ina hArd-Choimisinéir um Chearta an Duine de chuid na Náisiúin Aontaithe agus ar a hobair cheannródaíoch maidir le domhandú eiticiúil agus ceartas aeráide atá ar siúl go leanúnach aici.